C/2024/1196

23.2.2024

P9_TA(2023)0336

An tAcht Eorpach um Shaoirse na Meán

Leasuithe a ghlac Parlaimint na hEorpa an 3 Deireadh Fómhair 2023 ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear creat comhchoiteann le haghaidh seirbhísí meán sa mhargadh inmheánach (an tAcht Eorpach um Shaoirse na Meán) agus lena leasaítear Treoir 2010/13/AE (COM(2022)0457 – C9-0309/2022 – 2022/0277(COD)) [1]

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

(C/2024/1196)

Leasú 1

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(1) Tá ról uathúil ag seirbhísí meán neamhspleácha sa ***mhargadh inmheánach.*** Is earnáil iad atá ag athrú go tapa agus atá tábhachtach ó thaobh an gheilleagair de agus ***a chuireann*** rochtain ar iolrachas tuairimí agus foinsí iontaofa faisnéise ar fáil an tráth céanna do shaoránaigh agus do ghnólachtaí, agus a chomhlíonann dá bhrí sin feidhm leasa ghinearálta an 'fhorais faire phoiblí'. Tá níos mó seirbhísí meán ar fáil ar líne agus thar theorainneacha cé nach bhfuil siad faoi réir na rialacha céanna agus an leibhéal céanna cosanta i mBallstáit éagsúla.	(1) Tá ról uathúil ag seirbhísí meán neamhspleácha ***don daonlathas, don smacht reachta a áirithiú agus d'fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh. Is fachtóir fíor-riachtanach iad*** sa ***phróiseas chun tuairimí an phobail a fhoirmiú,*** is earnáil iad atá ag athrú go tapa agus atá tábhachtach ó thaobh an gheilleagair de agus ***cuireann siad*** rochtain ar iolrachas tuairimí agus foinsí iontaofa faisnéise ar fáil an tráth céanna do shaoránaigh agus do ghnólachtaí, agus a chomhlíonann dá bhrí sin feidhm leasa ghinearálta an 'fhorais faire phoiblí'. Tá níos mó seirbhísí meán ar fáil ar líne agus thar theorainneacha cé nach bhfuil siad faoi réir na rialacha céanna agus an leibhéal céanna cosanta i mBallstáit éagsúla.

Leasú 2

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(1a) Ag an am céanna, bíonn seirbhísí meán i gcónaí ina n-iompróirí modhanna léirithe cultúrtha nó is léiriú cultúrtha iad go díreach ar léiriú cultúrtha iad féin. Ní mór an cineál déach sin a urramú ar fud an domhain. Ceanglaítear le hAirteagal 167(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) ar an Aontas gnéithe cultúrtha a chur san áireamh ina ghníomhaíocht faoi fhorálacha eile na gConarthaí, go háirithe d'fhonn éagsúlacht a chuid cultúr a urramú agus a chur chun cinn.

[1] Tarchuireadh an ní ar ais chuig an gcoiste freagrach le haghaidh idirbheartaíocht idirinstitiúideach de bhun Riail 59(4), an ceathrú fomhír (A9-0264/2023).

Leasú 3

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(2) ***I bhfianaise a róil uathúil, is gné riachtanach de*** mhargadh inmheánach ***dea-fheidhmiúil*** le haghaidh seirbhísí meán ***(nó 'margadh inmheánach na meán') é saoirse na meán agus an t-iolrachas a chosaint***. Tá an margadh sin athraithe go substaintiúil ó thús na haoise nua, ag éirí níos digití agus níos idirnáisiúnta. Cuireann sé go leor deiseanna eacnamaíocha ar fáil ach tá roinnt dúshlán roimhe freisin. Ba cheart don Aontas ***cuidiú*** le hearnáil na meán na deiseanna sin a thapú laistigh den mhargadh inmheánach, agus na luachanna atá i gcoiteann ag an Aontas agus ag a Bhallstáit, amhail cosaint na gceart bunúsach, a chosaint an tráth céanna.	(2) ***Ós rud é go bhfuil ról uathúil acu agus go bhfuil siad ar cheann de phríomhcholúin an daonlathais, ba cheart aird ar leith a thabhairt ar chosaint shaoirse na meán agus iolrachas na meán sa*** mhargadh inmheánach le haghaidh seirbhísí meán. Tá an margadh sin athraithe go substaintiúil ó thús na haoise nua, ag éirí níos digití agus níos idirnáisiúnta. Cuireann sé go leor deiseanna eacnamaíocha ar fáil ach tá roinnt dúshlán roimhe freisin. Ba cheart don Aontas ***tacú*** le hearnáil na meán ***ionas gur féidir léi*** na deiseanna sin a thapú laistigh den mhargadh inmheánach, agus na luachanna atá i gcoiteann ag an Aontas agus ag a Bhallstáit, amhail cosaint na gceart bunúsach, a chosaint an tráth céanna.

Leasú 4

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(3) I spás na meán digiteach, bíonn rochtain ag saoránaigh agus gnólachtaí ar ábhar meán, agus baineann siad úsáid as ábhar meán, atá ar fáil láithreach ar a gcuid gléasanna pearsanta, agus is minice a bhíonn sé sin ag tarlú i gcomhthéacsanna trasteorann. Feidhmíonn ardáin dhomhanda ar líne mar gheataí chuig ábhar na meán, agus ***bíonn*** luí ag múnlaí gnó dí-idirghabháil a dhéanamh maidir le rochtain ar sheirbhísí meán agus ábhar deighilteach agus bréagaisnéis a mhéadú. Is soláthraithe riachtanacha fógraíochta ar líne iad na hardáin sin freisin, a ***d'aistrigh*** acmhainní airgeadais ó earnáil na meán, ***a rinne*** difear ***dá*** inbhuanaitheacht airgeadais, agus dá dheasca sin d'éagsúlacht an ábhair atá ar fáil. Toisc go bhfuil seirbhísí meán dian ar eolas agus ar chaipiteal, ***éilítear scála leo chun go bhfanfaidh siad*** iomaíoch agus ***chun*** go mbeidh rath orthu sa mhargadh inmheánach. Chuige sin, tá tábhacht ar leith leis an bhféidearthacht go dtairgfí seirbhísí thar theorainneacha agus go bhfaighfí infheistíocht, lena n-áirítear ó Bhallstáit eile nó i mBallstáit eile.	(3) I spás na meán digiteach, bíonn rochtain ag saoránaigh agus gnólachtaí ar ábhar ***agus seirbhísí*** meán, agus baineann siad úsáid as ábhar ***agus seirbhísí*** meán, atá ar fáil láithreach ar a gcuid gléasanna pearsanta, agus is minice a bhíonn sé sin ag tarlú i gcomhthéacsanna trasteorann. Feidhmíonn ardáin dhomhanda ***agus innill chuardaigh*** ar líne ***agus innill chuardaigh*** mar gheataí chuig ábhar na meán, agus ***is rómhinic a bhíonn*** luí ag múnlaí gnó dí-idirghabháil a dhéanamh maidir le rochtain ar sheirbhísí meán agus ábhar deighilteach agus bréagaisnéis a mhéadú. Is soláthraithe ***nó éascaitheoirí*** riachtanacha fógraíochta ar líne iad na hardáin ***agus na hinnill chuardaigh*** sin freisin, a ***dhéanann*** acmhainní airgeadais ***a atreorú*** ó earnáil na meán, ***lena ndéantar*** difear ***d'***inbhuanaitheacht airgeadais ***agus d'obair iriseoireachta na hearnála***, agus dá dheasca sin d'éagsúlacht an ábhair atá ar fáil. ***Dá bhrí sin, ba cheart ardáin ar líne agus innill chuardaigh a áireamh i raon feidhme an Rialacháin seo chun neamhspleáchas agus éagsúlacht na meán a áirithiú.*** Toisc go bhfuil seirbhísí meán dian ar eolas agus ar chaipiteal, ***ní mór go mbeidh a gcumas dul i dteagmháil lena lucht éisteachta/féachana*** iomaíoch ***i gcónaí*** agus go mbeidh rath orthu sa mhargadh inmheánach. Chuige sin, tá tábhacht ar leith leis an bhféidearthacht go dtairgfí seirbhísí thar theorainneacha agus go bhfaighfí infheistíocht, lena n-áirítear ó Bhallstáit eile nó i mBallstáit eile.

Leasú 5

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(4) Níl an margadh inmheánach le haghaidh seirbhísí meán comhtháthaithe go leordhóthanach, áfach. ***Cuireann roinnt srianta náisiúnta bac ar an tsaorghluaiseacht laistigh den mhargadh inmheánach.*** Go háirithe, de bharr rialacha agus cineálacha éagsúla cur chuige náisiúnta a bhaineann le hiolrachas na meán agus neamhspleáchas eagarthóireachta, comhar neamhleor idir údaráis nó comhlachtaí rialála náisiúnta agus leithdháileadh teimhneach éagórach acmhainní eacnamaíocha poiblí agus príobháideacha, bíonn sé deacair do ghníomhaithe i margadh na meán oibriú agus leathnú thar theorainneacha agus is í an éagothroime iomaíochta ar fud an Aontais a leanann astu. Féadfaidh soláthraithe a bhíonn rannpháirteach go córasach i mbréagaisnéis, lena n-áirítear cúbláil faisnéise agus cur isteach ar fhaisnéis, agus a dhéanann mí-úsáid ar shaoirsí an mhargaidh inmheánaigh, dúshlán a thabhairt do shláine an mhargaidh inmheánaigh le haghaidh seirbhísí meán, lena n-áirítear ag soláthraithe seirbhíse meán stát-rialaithe arna maoiniú ag tríú tíortha áirithe.	(4) Níl an margadh inmheánach le haghaidh seirbhísí meán comhtháthaithe go leordhóthanach, áfach. Go háirithe, de bharr rialacha agus cineálacha éagsúla cur chuige náisiúnta a bhaineann le hiolrachas na meán agus neamhspleáchas eagarthóireachta, comhar neamhleor idir údaráis nó comhlachtaí rialála náisiúnta agus leithdháileadh teimhneach éagórach acmhainní eacnamaíocha poiblí agus príobháideacha, bíonn sé deacair do ghníomhaithe i margadh na meán oibriú agus leathnú thar theorainneacha agus is í an éagothroime iomaíochta ar fud an Aontais a leanann astu. Féadfaidh soláthraithe a bhíonn rannpháirteach go córasach i mbréagaisnéis, lena n-áirítear cúbláil faisnéise agus cur isteach ar fhaisnéis, agus a dhéanann mí-úsáid ar shaoirsí an mhargaidh inmheánaigh, dúshlán a thabhairt do shláine an mhargaidh inmheánaigh le haghaidh seirbhísí meán, lena n-áirítear ag soláthraithe seirbhíse meán stát-rialaithe arna maoiniú ag tríú tíortha áirithe. ***Thairis sin, ba cheart íoschaighdeáin choiteanna do rialacha náisiúnta agus do chineálacha cur chuige náisiúnta a bhaineann le hiolrachas sna meáin agus neamhspleáchas eagarthóireachta a bhunú, agus inniúlacht na mBallstát á hurramú ag an am céanna. Is réamhchoinníoll d'fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh é bunú na gcaighdeán sin.***

Leasú 6

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(5) Thairis sin, mar fhreagra ar dhúshláin ar iolrachas na meán agus ar shaoirse na meán ar líne, tá bearta rialála glactha ag roinnt Ballstát agus is dócha go ***ndéanfaidh*** Ballstáit eile ***amhlaidh***, agus tá an baol ann go gcuirfear chun cinn an éagsúlacht sa chur chuige náisiúnta agus srianta ar an tsaorghluaiseacht sa mhargadh inmheánach.	(5) Thairis sin, mar fhreagra ar dhúshláin ar iolrachas na meán agus ar shaoirse na meán ar líne, tá bearta rialála glactha ag roinnt Ballstát agus is dócha go ***leanfaidh na*** Ballstáit eile ***de sin a dhéanamh***, agus tá an baol ann go gcuirfear chun cinn an éagsúlacht sa chur chuige náisiúnta agus srianta ar an tsaorghluaiseacht sa mhargadh inmheánach.

Leasú 7

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 5 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(5a) Is colún ríthábhachtach de dhaonlathas feidhmiúil é freisin margadh inmheánach saor agus dea-fheidhmiúil do sheirbhísí na meán toisc go dtugann sé rochtain d'fhaighteoirí ar iolrachas tuairimí agus ar fhoinsí iontaofa faisnéise. Bhí tionchar suaiteach ag ról méadaithe na timpeallachta ar líne agus ag a fheidhmiúlachtaí nua ar an margadh do sheirbhísí na meán, rud a fhágann go bhfuil sé ag éirí níos trasteorainní agus go gcothaítear fíormhargadh Eorpach do sheirbhísí na meán. Sa timpeallacht sin, ní hamháin go bhfuil seirbhísí na meán ar fáil ach tá rochtain éasca ag tomhaltóirí Eorpacha air freisin gan beann ar a mBallstát tionscnaimh. Is féidir éifeacht níos forleithne ná mar a bhí beartaithe ar dtús a bheith ag seirbhísí meán a cruthaíodh d'fhaighteoirí i mBallstát amháin. Is féidir le cineálacha éagsúla cur chuige ar an leibhéal náisiúnta cur isteach ar chumas soláthraithe seirbhíse meán oibriú ar mhachaire comhréidh chun seirbhísí meán, lena n-áirítear faisnéis nuachta agus faisnéis faoi chúrsaí reatha, a chur ar fáil. Chruthaigh na cineálacha cur chuige sin ilroinnt an mhargaidh, éiginnteacht dhlíthiúil agus méadú ar chostais chomhlíonta do sholáthraithe seirbhísí meán agus do ghairmithe meán. Dá bhrí sin, is gá creat dlíthiúil aonair a bheith ann lena n-áiritheofar cur i bhfeidhm comhchuibhithe rialacha do sholáthraithe seirbhíse meán ar fud an Aontais, lena n-áiritheofar go mbeidh rochtain ag faighteoirí an Aontais ar raon leathan foinsí iontaofa faisnéise agus ar iriseoireacht ar ardchaighdeán mar earraí poiblí chun roghanna eolasacha a dhéanamh, lena n-áirítear roghanna maidir le staid a ndaonlathais.

Leasú 8

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 5 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(5b) ***Leis an gceart chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil, a chumhdaítear in Airteagal 11 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt') agus in Airteagal 10 den Choinbhinsiún chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint, cuimsítear an ceart chun faisnéis a fháil agus a thabhairt agus chun saoirse na meán agus iolrachas na meán a fháil agus a thabhairt gan cur isteach ó údarás poiblí agus gan beann ar theorainneacha. Éilítear leo freisin go mbunófar éagsúlacht i spásanna cumarsáide Eorpacha agus ceanglaítear ar na Ballstáit iolrachas na meán a chosaint agus a chothú. Dá réir sin, baineann an Rialachán sin leas as cásdlí na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine agus cuireann sé leis na caighdeáin a d'fhorbair Comhairle na hEorpa ina leith sin.***

Leasú 9

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(6) Ba cheart faighteoirí seirbhísí meán san Aontas (daoine nádúrtha ***ar náisiúnaigh de Bhallstáit iad nó*** a bhaineann tairbhe as cearta a thugtar dóibh le dlí an Aontais agus daoine dlítheanacha atá bunaithe san Aontas) a bheith in ann leas a bhaint ***go héifeachtach*** as an tsaoirse chun ***seirbhísí*** meán saor ***in aisce*** agus iolraíoch ***a fháil*** sa mhargadh inmheánach. Agus sreabhadh trasteorann seirbhísí meán á chothú, ba cheart íosleibhéal cosanta d'fhaighteoirí seirbhísí a áirithiú sa mhargadh inmheánach. Bheadh ***sé*** sin i gcomhréir leis an gceart ***chun faisnéis a fháil agus a thabhairt*** de bhun ***Airteagal 11*** den Chairt ***um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt')***. Is gá, dá bhrí sin, gnéithe áirithe de rialacha náisiúnta a bhaineann le seirbhísí meán a chomhchuibhiú. I dtuarascáil deiridh na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa, d'iarr na saoránaigh ar an Aontas Eorpach neamhspleáchas agus iolrachas na meán a chur chun cinn a thuilleadh, go háirithe trí reachtaíocht a thabhairt isteach chun aghaidh a thabhairt ar bhagairtí ar neamhspleáchas na meán trí íoschaighdeáin ar fud an Aontais ([46]).	(6) Ba cheart faighteoirí seirbhísí meán san Aontas (daoine nádúrtha a ***a*** bhaineann tairbhe as cearta a thugtar dóibh le dlí an Aontais agus daoine dlítheanacha atá bunaithe san Aontas) a bheith in ann leas ***éifeachtach*** a bhaint as an tsaoirse chun ***rochtain a fháil ar sheirbhísí*** meán ***atá neamhspleách,*** saor agus iolraíoch sa mhargadh inmheánach. Agus sreabhadh trasteorann seirbhísí meán á chothú, ba cheart íosleibhéal cosanta d'fhaighteoirí seirbhísí a áirithiú sa mhargadh inmheánach. Bheadh ***sé*** sin i gcomhréir leis an gceart ***sin,*** de bhun ***Airteagal 11*** den Chairt. ***I gcomhréir le hAirteagal 22 den Chairt, urramóidh an tAontas an éagsúlacht chultúrtha, reiligiúnach agus teanga.*** Is gá, dá bhrí sin, gnéithe áirithe de rialacha náisiúnta a bhaineann le seirbhísí meán a chomhchuibhiú. I dtuarascáil deiridh na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa, d'iarr na saoránaigh ar an Aontas Eorpach neamhspleáchas agus iolrachas na meán a chur chun cinn a thuilleadh, go háirithe trí reachtaíocht a thabhairt isteach chun aghaidh a thabhairt ar bhagairtí ar neamhspleáchas na meán trí íoschaighdeáin ar fud an Aontais ([46]).
([46]) An Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa – Tuarascáil ar an Toradh Deiridh, Mí na Bealtaine 2022, go háirithe togra 27 (1) agus 37 (4).	([46]) An Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa – Tuarascáil ar an Toradh Deiridh, Mí na Bealtaine 2022, go háirithe togra 27 (1) agus 37 (4).

Leasú 10

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(7) Chun críoch an Rialacháin ***seo***, ba cheart an sainmhíniú ar sheirbhís meán a theorannú do sheirbhísí mar a shainmhínítear sa Chonradh agus ba cheart, dá bhrí sin, aon chineál gníomhaíochta eacnamaíche a chumhdach. Ba cheart a eisiamh leis an sainmhíniú sin ábhar arna ghiniúint ag úsáideoirí a uaslódáiltear chuig ardán ar líne ach amháin más gníomhaíocht ghairmiúil í a sholáthraítear de ghnáth chun í a mheas (cibé acu de chineál airgeadais nó de chineál eile í). Ba cheart a eisiamh leis freisin comhfhreagras atá go hiomlán príobháideach, amhail ríomhphoist, chomh maith leis na seirbhísí uile nach éard is príomhchuspóir dóibh cláir chlosamhairc nó fuaime nó foilseacháin preasa a sholáthar, is é sin ábhar nach bhfuil ach teagmhasach leis an tseirbhís agus nach é is príomhchuspóir di, amhail fógraí nó faisnéis a bhaineann le táirge nó le seirbhís a sholáthraíonn láithreáin ghréasáin nach dtairgeann seirbhísí meán. Ba cheart ***a chumhdach leis an sainmhíniú ar sheirbhís meán go háirithe craoltaí teilifíse nó raidió, seirbhísí meán closamhairc ar éileamh, podchraoltaí fuaime nó foilseacháin preasa. Ba cheart*** cumarsáid chorparáideach agus dáileadh ábhar faisnéise nó fógraíochta le haghaidh eintitis phoiblí nó phríobháideacha a eisiamh ó raon feidhme an tsainmhínithe sin.	(7) Chun críoch an Rialacháin ***sin***, ba cheart an sainmhíniú ar sheirbhís meán a theorannú do sheirbhísí mar a shainmhínítear sa Chonradh agus ba cheart, dá bhrí sin, aon chineál gníomhaíochta eacnamaíche a chumhdach ***leis, ar gníomhaíocht í a soláthraítear luach saothair de ghnáth ina leith, lena n-áirítear freisin foirmeacha neamhchaighdeánacha fostaíochta, amhail saoririseoireacht nó iriseoireacht neamhspleách***. Ba cheart a eisiamh leis an sainmhíniú sin ábhar arna ghiniúint ag úsáideoirí a uaslódáiltear chuig ardán ar líne ach amháin más gníomhaíocht ghairmiúil í a sholáthraítear de ghnáth chun í a mheas (cibé acu de chineál airgeadais nó de chineál eile í). Ba cheart a eisiamh leis freisin comhfhreagras atá go hiomlán príobháideach, amhail ríomhphoist, chomh maith leis na seirbhísí uile nach éard is príomhchuspóir dóibh cláir chlosamhairc nó fuaime nó foilseacháin preasa a sholáthar, is é sin ábhar nach bhfuil ach teagmhasach leis an tseirbhís agus nach é is príomhchuspóir di, amhail fógraí nó faisnéis a bhaineann le táirge nó le seirbhís a sholáthraíonn láithreáin ghréasáin nach dtairgeann seirbhísí meán. Ba cheart cumarsáid chorparáideach agus dáileadh ábhar faisnéise nó fógraíochta le haghaidh eintitis phoiblí nó phríobháideacha a eisiamh ó raon feidhme an tsainmhínithe sin.

Leasú 11

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 7 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(7a) Tá athruithe móra meara á ndéanamh ar thimpeallacht na meán. Cé nach bhfuil athrú tagtha ar ról na meán sa tsochaí dhaonlathach, tá uirlisí breise ag na meáin chun idirghníomhaíocht agus rannpháirtíocht a éascú. Tá sé tábhachtach go gcuirfí na forbairtí sin agus forbairtí amach anseo san áireamh sa bheartas a bhaineann leis na meáin. Dá bhrí sin, ba cheart coincheap na meán a úsáidtear sa Rialachán seo a léirmhíniú go forleathan chun gach gníomhaí a chuimsiú a bhfuil baint acu le táirgeadh agus scaipeadh ábhair, a bhfuil freagracht eagarthóireachta orthu nó a dhéanann maoirseacht ar inneachar, ar líon mór daoine a d'fhéadfadh a bheith ann.

Leasú 12

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 8

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(8) I margadh na meán digiteach, féadfaidh soláthraithe ardán comhroinnte físeán nó ardán an-mhór ar líne teacht faoin sainmhíniú ar sholáthraí seirbhíse meán. Go ginearálta, tá ról lárnach ag soláthraithe ***den sórt*** sin in eagrú an ábhair, lena n-áirítear trí mhodhanna uathoibrithe nó trí algartaim, ach ní bhíonn freagracht eagarthóireachta orthu as an ábhar a dtugann siad rochtain air. I dtimpeallacht na meán a bhfuil níos mó cóineasú inti, áfach, tá tosaithe ag roinnt soláthraithe ardán comhroinnte físeán nó ardán an-mhór ar líne rialú eagarthóireachta a dhéanamh ar mhír nó ar chodanna dá seirbhísí. ***Mar*** sin, d'***fhéadfadh eintiteas den sórt sin*** a cháiliú mar sholáthraí ardáin ***roinnte*** físeán nó mar sholáthraí ardáin an-mhór ar líne agus mar sholáthraí seirbhíse meán.	(8) I margadh na meán digiteach, féadfaidh soláthraithe ardán comhroinnte físeán nó ardán an-mhór ar líne teacht faoin sainmhíniú ar sholáthraí seirbhíse meán. Go ginearálta, tá ról lárnach ag ***na*** soláthraithe sin in eagrú an ábhair, lena n-áirítear trí mhodhanna uathoibrithe nó trí algartaim, ach ní bhíonn freagracht eagarthóireachta orthu as an ábhar a dtugann siad rochtain air. I dtimpeallacht na meán a bhfuil níos mó cóineasú inti, áfach, tá tosaithe ag roinnt soláthraithe ardán comhroinnte físeán nó ardán an-mhór ar líne rialú eagarthóireachta a dhéanamh ar mhír nó ar chodanna dá seirbhísí. ***Dá bhrí*** sin, ***i gcás ina bhfuil smacht eagarthóireachta ag na heintitis sin ar roinn nó ar ranna dá gcuid seirbhísí,*** d'***fhéadfaí iad*** a cháiliú mar sholáthraí ardáin ***comhroinnte*** físeán nó mar sholáthraí ardáin an-mhór ar líne agus mar sholáthraí seirbhíse meán.

Leasú 13

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 8 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(8a) Le cumas na n-ardán ar líne rochtain a sholáthar ar sheirbhísí meán gan freagracht eagarthóireachta a fheidhmiú ina leith agus le cumas a mhargú spriocdhíriú ar úsáideoirí le fógraíocht, is féidir gníomhú mar iomaitheoirí díreacha do sholáthraithe seirbhíse meán a ndéanann siad idirghabháil agus dáileadh a gcuid seirbhísí meán I bhfianaise aistriú luacha eacnamaíoch i bhfabhar ardán ar líne, ba cheart a thuiscint leis an sainmhíniú ar 'tomhais lucht féachana' a leagtar amach sa Rialachán seo go n-áirítear sonraí maidir leis na seirbhísí meán arna dtomhailt ag faighteoirí seirbhísí meán agus ardán ar líne. Áiritheofar leis sin go mbeidh na hidirghabhálaithe go léir a bhfuil baint acu le dáileadh ábhair trédhearcach faoina modheolaíochtaí tomhaiste pobal meáin ionas go mbeidh fógróirí in ann roghanna eolasacha a dhéanamh, rud ar cheart dó an iomaíocht a spreagadh.

Leasú 14

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 9

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(9) Ba cheart a chumhdach leis an sainmhíniú ar thomhas pobail meáin córais tomhais arna bhforbairt mar a chomhaontaítear le caighdeáin tionscail laistigh d'eagraíochtaí féinrialála, amhail na Comhchoistí Tionscail, agus córais tomhais a fhorbraítear lasmuigh de na cineálacha cur chuige féinrialála sin. Na córais tomhais sin, is iondúil gurb iad na páirtithe a bhaineann úsáid astu ***imreoirí*** áirithe ar líne a dhéanann féintomhas nó a sholáthraíonn don mhargadh a gcórais dílseánaigh tomhais ar phobal meáin, nach gcomhlíonann i gcónaí na caighdeáin tionscail a chomhaontaítear i gcoiteann. I bhfianaise an tionchair shuntasaigh a bhíonn ag córais tomhais pobail meáin ***den sórt*** sin ar mhargaí na fógraíochta agus na meán, ba cheart iad a chumhdach leis an Rialachán seo.	(9) Ba cheart a chumhdach leis an sainmhíniú ar thomhas pobail meáin córais tomhais arna bhforbairt mar a chomhaontaítear le caighdeáin tionscail laistigh d'eagraíochtaí féinrialála, amhail na Comhchoistí Tionscail, agus córais tomhais a fhorbraítear lasmuigh de na cineálacha cur chuige féinrialála sin. Na córais tomhais sin, is iondúil gurb iad na páirtithe a bhaineann úsáid astu ***gníomhaithe*** áirithe ar líne***, lena n-áirítear ardáin ar líne,*** a dhéanann féintomhas nó a sholáthraíonn don mhargadh a gcórais dílseánaigh tomhais ar phobal meáin, nach gcomhlíonann i gcónaí na caighdeáin tionscail a chomhaontaítear i gcoiteann. I bhfianaise an tionchair shuntasaigh a bhíonn ag ***na*** córais tomhais pobail meáin sin ar mhargaí na fógraíochta agus na meán, ba cheart iad a chumhdach leis an Rialachán seo. ***Soláthraithe seirbhíse meán a chloíonn leis na caighdeáin tionscail a chomhaontaítear go comhchoiteann, níor cheart go measfaí iad a bheith ina soláthraithe córas tomhaiste dílsithe don phobal meáin.***

Leasú 15

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 10

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(10) Ba cheart fógraíocht stáit a thuiscint amhail agus go gcumhdaítear léi gníomhaíochtaí fógraíochta nó féinfhógraíochta arna ndéanamh thar ceann raon leathan údarás nó eintiteas poiblí, lena n-áirítear rialtais, údaráis rialála nó comhlachtaí rialála chomh maith le fiontair faoi úinéireacht an stáit ***nó faoi cheannas stáit eile, eintitis*** in earnálacha éagsúla, ar an leibhéal náisiúnta nó ***réigiúnach, nó rialtais áitiúla eintiteas críochach a bhfuil níos mó ná 1 mhilliún áitritheoir acu. Níor cheart a áireamh leis an sainmhíniú ar fhógraíocht*** stáit***, áfach, teachtaireachtaí éigeandála ó údaráis phoiblí atá riachtanach, mar shampla, i gcás*** tubaistí nádúrtha nó sláintíochta, ***timpistí nó teagmhais thobanna*** eile a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do ***dhaoine aonair***.	(10) Ba cheart fógraíocht stáit a thuiscint amhail agus go gcumhdaítear léi gníomhaíochtaí fógraíochta nó féinfhógraíochta***, lena n-áirítear fógraíocht agus ceannacháin*** arna ndéanamh ***ag réimse leathan údarás poiblí nó eintiteas poiblí, arna ndéanamh*** thar ceann raon leathan údarás nó eintiteas poiblí, lena n-áirítear ***institiúidí, comhlachtaí, oifigí nó gníomhaireachtaí de chuid an Aontais,*** rialtais, údaráis rialála nó comhlachtaí rialála chomh maith le fiontair faoi úinéireacht ***stáit nó eintitis eile atá faoi rialú*** an stáit in earnálacha éagsúla, ar an leibhéal náisiúnta***, ar an leibhéal réigiúnach*** nó ***ar an leibhéal áitiúil. Chun críoch leithdháileadh fógraíochta*** stáit ***agus ceannacháin lena n-áirítear i gcásanna*** tubaistí nádúrtha nó sláintíochta, ***tionóiscí nó mórtheagmhais*** eile ***gan choinne*** a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do ***chodanna suntasacha den daonra, ba cheart critéir a leagan síos roimh ré leis an dlí náisiúnta. Ba cheart a thuiscint go bhfuil teachtaireachtaí éigeandála ó údaráis phoiblí éagsúil leis an bhfógraíocht stáit.***

Leasú 16

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 11

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(11) Chun a áirithiú go mbainfidh an tsochaí leas as margadh inmheánach na meán, tá sé fíor-riachtanach ní hamháin na saoirsí bunúsacha faoin gConradh a ráthú, ach an deimhneacht dhlíthiúil atá de dhíth ag faighteoirí seirbhísí meán chun tairbhe a bhaint as na tairbhí comhfhreagracha a ráthú chomh maith. Ba cheart rochtain a bheith ag faighteoirí ***den sórt sin*** ar sheirbhísí meán ardcháilíochta, ***arna dtáirgeadh ag*** iriseoirí agus ***eagarthóirí*** ar bhealach neamhspleách agus i gcomhréir le caighdeáin iriseoireachta agus ***lena soláthraíonn*** faisnéis iontaofa ***dá réir, lena n-áirítear ábhar nuachta agus cúrsaí reatha. Níl i gceist leis an gceart sin aon oibleagáid chomhfhreagrach ar aon soláthraí seirbhíse meán caighdeáin nach leagtar amach go sainráite le dlí a chomhlíonadh.*** Is frithnimh iad seirbhísí meán ***den sórt*** sin freisin in aghaidh na bréagaisnéise, lena n-áirítear ionramháil agus cur isteach ar fhaisnéis eachtrach.	(11) Chun a áirithiú go mbainfidh an tsochaí leas as margadh inmheánach na meán, tá sé fíor-riachtanach ní hamháin na saoirsí bunúsacha faoin gConradh a ráthú, ach an deimhneacht dhlíthiúil atá de dhíth ag faighteoirí seirbhísí meán chun tairbhe a bhaint as na tairbhí comhfhreagracha a ráthú chomh maith. Ba cheart rochtain a bheith ag faighteoirí ***seirbhísí meán*** ar sheirbhísí meán ardcháilíochta, ***a tháirg*** iriseoirí***, eagarthóirí, príomheagarthóirí*** agus ***oibrithe meán*** ar bhealach neamhspleách agus i gcomhréir le caighdeáin iriseoireachta ***eiticiúla*** agus ***ghairmiúla agus, dá bhrí sin, a sholáthraíonn*** faisnéis iontaofa ***ar an leibhéal áitiúil, ar an leibhéal náisiúnta nó ar an leibhéal idirnáisiúnta, gan aon chur isteach ó údarás poiblí nó gan tionchar a bheith ag leasanna eacnamaíocha orthu***. Is frithnimh ***riachtanach*** iad ***na*** seirbhísí meán sin freisin in aghaidh na bréagaisnéise, lena n-áirítear ionramháil agus cur isteach ar fhaisnéis eachtrach.

Leasú 17

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 14

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(14) Is réamhchoinníoll é cosaint neamhspleáchais eagarthóireachta chun gníomhaíocht sholáthróirí seirbhísí meán agus a n-ionracas gairmiúil a fheidhmiú***. *Tá neamhspleáchas eagarthóireachta thar a bheith tábhachtach do sholáthraithe seirbhíse meán a sholáthraíonn ábhar nuachta agus cúrsaí reatha*** i bhfianaise ***a*** róil ***sa tsochaí*** mar leas ***poiblí***. Ba cheart soláthraithe seirbhísí meán a bheith in ann a ngníomhaíochtaí eacnamaíocha a fheidhmiú gan srianta sa mhargadh inmheánach agus dul san iomaíocht ar chomhchéim i dtimpeallacht ar líne atá ag méadú i gcónaí ina bhfuil faisnéis ag sreabhadh thar theorainneacha.	(14) Is réamhchoinníoll é cosaint neamhspleáchais eagarthóireachta chun gníomhaíocht sholáthróirí seirbhísí meán agus a n-ionracas gairmiúil a fheidhmiú***, go háirithe*** i bhfianaise ***an*** róil ***shochaíoch atá aige*** mar leas ***an phobail***. Ba cheart soláthraithe seirbhísí meán a bheith in ann a ngníomhaíochtaí eacnamaíocha a fheidhmiú gan srianta sa mhargadh inmheánach agus dul san iomaíocht ar chomhchéim i dtimpeallacht ar líne atá ag méadú i gcónaí ina bhfuil faisnéis ag sreabhadh thar theorainneacha. ***Ina theannta sin, chun meáin neamhspleácha agus iolraíocha a ráthú, tá sé ríthábhachtach na bearta is gá a chur i bhfeidhm chun timpeallacht shábháilte a chruthú a chuirfidh ar chumas iriseoirí, eagarthóirí, príomheagarthóirí agus oibrithe sna meáin a gcuid gníomhaíochtaí a fheidhmiú. Chuige sin, chomh maith le saoirse na meán a chosaint, is gá an tsaoirse laistigh de na meáin a chosaint.***

Leasú 18

Togra le haghaidh Rialacháin

Aithris 15

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(15) Tá cineálacha cur chuige éagsúla glactha ag na Ballstáit maidir le neamhspleáchas eagarthóireachta a chosaint, a bhfuil dúshlán níos mó ag baint leis ar fud an Aontais. ***Tá cur*** isteach ***níos mó*** ar chinntí eagarthóireachta soláthraithe seirbhíse meán i roinnt Ballstát, ***go háirithe. Féadfaidh*** cur isteach ***den sórt*** sin a bheith díreach nó indíreach, ón Stát nó ó ghníomhaithe eile, lena n-áirítear údaráis phoiblí, oifigigh thofa, oifigigh rialtais agus polaiteoirí, mar shampla chun buntáiste polaitiúil a fháil. Féadfaidh scairshealbhóirí agus páirtithe príobháideacha eile a bhfuil leas acu i soláthraithe seirbhísí meán gníomhú ar bhealaí a théann thar an gcothromaíocht is gá idir a saoirse gnó féin agus saoirse cainte, ar thaobh amháin, agus an tsaoirse eagarthóireachta cainte agus cearta faisnéise úsáideoirí, ar an taobh eile, ar thóir buntáiste eacnamaíoch nó eile. Ina theannta sin, spreag treochtaí le déanaí maidir le dáileadh agus tomhaltas na meán, lena n-áirítear sa timpeallacht ar líne go háirithe, na Ballstáit chun breithniú a dhéanamh ar dhlíthe atá dírithe ar sholáthar ábhar meán a rialáil. Athraíonn na cineálacha cur chuige a ghlacann soláthraithe seirbhíse meán chun neamhspleáchas eagarthóireachta a áirithiú freisin. Mar thoradh ar an gcur isteach sin agus ar an ilroinnt sin ar rialacháin agus cineálacha cur chuige, déantar tionchar diúltach ar an margadh inmheánach ar na coinníollacha a bhaineann le feidhmiú gníomhaíochtaí eacnamaíocha ag soláthraithe seirbhísí meán agus, ar deireadh, ar cháilíocht na seirbhísí meán a fhaigheann saoránaigh agus gnólachtaí. Is gá, dá bhrí sin, coimircí éifeachtacha a chur i bhfeidhm lena bhféadfar saoirse eagarthóireachta a fheidhmiú ar fud an Aontais ionas gur féidir le soláthraithe seirbhíse meán a ***n-inneachar*** a tháirgeadh agus a dháileadh go neamhspleách thar theorainneacha agus chun go bhféadfaidh faighteoirí seirbhísí ***ábhar den sórt*** sin a fháil.	(15) Tá cineálacha cur chuige éagsúla glactha ag na Ballstáit maidir le neamhspleáchas eagarthóireachta a chosaint, a bhfuil dúshlán níos mó ag baint leis ar fud an Aontais. ***Ós rud é go bhfuil méadú ag teacht ar chur*** isteach ar chinntí eagarthóireachta soláthraithe seirbhíse meán i roinnt Ballstát, ***tá gá le gníomhaíocht reachtach. D'fhéadfadh gurbh ionann an*** cur isteach sin ***agus sárú ar an smacht reachta,*** a ***d'fhéadfadh a*** bheith díreach nó indíreach, ón Stát nó ó ghníomhaithe eile, lena n-áirítear údaráis phoiblí, oifigigh thofa, oifigigh rialtais agus polaiteoirí, mar shampla chun buntáiste polaitiúil a fháil. Féadfaidh scairshealbhóirí agus páirtithe príobháideacha eile a bhfuil leas acu i soláthraithe seirbhísí meán gníomhú ar bhealaí a théann thar an gcothromaíocht is gá idir a saoirse gnó féin agus saoirse cainte, ar thaobh amháin, agus an tsaoirse eagarthóireachta cainte agus cearta faisnéise úsáideoirí, ar an taobh eile, ar thóir buntáiste eacnamaíoch nó eile. ***Dealraíonn sé gurb amhlaidh an cás nuair a ghineann cumhacht eacnamaíoch amháin cumhacht dul i gcion ar thuairimí a d'fhéadfadh cur isteach ar phróiseas foirmithe thuairimí an phobail.*** Ina theannta sin, spreag treochtaí le déanaí maidir le dáileadh agus tomhaltas na meán, lena n-áirítear sa timpeallacht ar líne go háirithe, na Ballstáit chun breithniú a dhéanamh ar dhlíthe atá dírithe ar sholáthar ábhar meán a rialáil. Athraíonn na cineálacha cur chuige a ghlacann soláthraithe seirbhíse meán chun neamhspleáchas eagarthóireachta a áirithiú freisin. Mar thoradh ar an gcur isteach sin agus ar an ilroinnt sin ar rialacháin agus cineálacha cur chuige, déantar tionchar diúltach ar an margadh inmheánach ar na coinníollacha a bhaineann le feidhmiú gníomhaíochtaí eacnamaíocha ag soláthraithe seirbhísí meán agus, ar deireadh, ar cháilíocht na seirbhísí meán a fhaigheann saoránaigh agus gnólachtaí. Is gá, dá bhrí sin, coimircí éifeachtacha a chur i bhfeidhm lena bhféadfar saoirse eagarthóireachta a fheidhmiú ar fud an Aontais ionas gur féidir le soláthraithe seirbhíse meán a ***seirbhísí*** a tháirgeadh agus a dháileadh go neamhspleách thar theorainneacha agus chun go bhféadfaidh faighteoirí seirbhísí ***na seirbhísí*** sin a fháil.

Leasú 19

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 16

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(16) Is iad iriseoirí agus ***eagarthóirí na príomhpháirtithe*** i dtáirgeadh agus i soláthar ***ábhar*** meán iontaofa***, go háirithe trí thuairisciú ar nuacht nó ar chúrsaí reatha***. Tá sé fíor-riachtanach, dá bhrí sin, cumas iriseoirí faisnéis a bhailiú, a sheiceáil agus a anailísiú, lena n-áirítear faisnéis a thugtar faoi rún, a chosaint. Go háirithe, ba cheart ***soláthraithe seirbhísí*** meán agus iriseoirí (lena n-áirítear ***iad*** siúd a oibríonn i bhfoirmeacha fostaíochta neamhchaighdeánacha, amhail saoroibrithe) a bheith in ann brath ar ***chosaint láidir foinsí*** iriseoireachta agus cumarsáide, lena n-áirítear ***in aghaidh*** imscaradh teicneolaíochtaí faireachais, ós rud é go bhféadfaí foinsí cosanta a dhíspreagadh ó chuidiú leis na meáin chumarsáide chun an pobal a chur ar an eolas faoi ábhair leasa phoiblí. Mar thoradh air sin, d'***fhéadfadh sé go mbainfí*** an bonn ***de*** shaoirse iriseoirí a ngníomhaíocht eacnamaíoch a fheidhmiú agus a ról ríthábhachtach ***mar 'fhoras faire poiblí'*** a chomhlíonadh, rud a ***chuireann*** isteach go diúltach ar rochtain ar sheirbhísí meán ***ardcháilíochta. Rannchuidíonn*** cosaint foinsí iriseoireachta ***le cosaint an chirt bhunúsaigh*** a chumhdaítear in ***Airteagal 11*** den Chairt.	(16) Is iad iriseoirí***, eagarthóirí, príomheagarthóirí*** agus ***oibrithe na meán na príomhghníomhaithe*** i dtáirgeadh agus i soláthar ***seirbhísí*** meán iontaofa. Tá sé fíor-riachtanach, dá bhrí sin, cumas iriseoirí faisnéis a bhailiú, a sheiceáil agus a anailísiú, lena n-áirítear faisnéis a thugtar faoi rún, a chosaint***, sa domhan as líne agus ar líne araon***. Go háirithe, ba cheart ***do sholáthraithe seirbhíse*** meán***, d'oibrithe na meán*** agus ***d'***iriseoirí (lena n-áirítear ***dóibh*** siúd a oibríonn i bhfoirmeacha fostaíochta neamhchaighdeánacha, amhail saoroibrithe ***agus blagálaithe***) a bheith in ann brath ar ***an gcosaint is láidre d'fhoinsí*** iriseoireachta agus cumarsáide, lena n-áirítear ***ar chur isteach treallach agus ar*** imscaradh teicneolaíochtaí faireachais, ós rud é go bhféadfaí foinsí cosanta a dhíspreagadh ó chuidiú leis na meáin chumarsáide chun an pobal a chur ar an eolas faoi ábhair leasa phoiblí. Mar thoradh air sin, d'***fhéadfaí*** an bonn ***a bhaint ó*** shaoirse iriseoirí ***agus oibrithe na meán chun tuairimí*** a ***nochtadh agus an cumas atá acu a*** ngníomhaíocht eacnamaíoch a fheidhmiú agus a ról ríthábhachtach ***'faireog phoiblí'*** a chomhlíonadh, rud a ***chuirfeadh*** isteach go diúltach ar rochtain ar sheirbhísí meán ***ar ardchaighdeán. Is réamhchoinníoll í*** cosaint foinsí iriseoireachta ***chun an ceart bunúsach*** a chumhdaítear in ***Airteagal 11*** den Chairt ***a chosaint agus tá sé ríthábhachtach chun ról na hiriseoireachta iniúchaí i sochaithe daonlathacha a chosaint***.

Leasú 20

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 16 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(16a) Tá sé ríthábhachtach go gcloífear leis an smacht reachta san Aontas d'fheidhmiú an daonlathais sna Ballstáit. Cuireadh le hionstraimí an Aontais chun na críche sin, sa bhreis ar an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 7 CAE, creataí nua amhail an tuarascáil bhliantúil ón gCoimisiún maidir leis an smacht reachta agus Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1a]). Tá feidhmiúlacht chórais an smachta reachta idirnasctha go díreach le meáin shaora iolraíocha. Is colún lárnach de chreat an Aontais chun seasamh leis an smacht reachta iad saoirse na meán agus iolrachas na meán agus scrúdaítear a stát gach bliain trí chreat na Tuarascála bliantúla ón gCoimisiún maidir leis an Smacht Reachta. Tá cosaint foinsí iriseoireachta, ráthaíochtaí maidir le neamhspleáchas eagarthóireachta agus córas láidir cosanta i gcoinne mí-úsáid beart agus teicneolaíochtaí áirithe ríthábhachtach chun creat smacht reachta an Aontais a chaomhnú. Gníomhaíochtaí lena gcuirtear saoirse agus iolrachas na meán i mbaol, amhail coinneáil, smachtbhannaí, cuardach, urghabháil nó cigireacht soláthraithe seirbhíse meán, déanann siad damáiste mór don smacht reachta agus, dá bhrí sin, ba cheart a mheas gur sáruithe ar phrionsabal an smachta reachta iad, rud a spreagann sásraí smachtbhannaí dá bhforáiltear in Airteagal 7 CAE agus Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092.
	([1a]) Rialacháin (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2020 maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint (IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 1).

Leasú 21

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 16 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(16b) Tá éagsúlacht sna modhanna faireachais a úsáidtear i gcoinne iriseoirí agus oibrithe na meán agus áirítear orthu sin cumarsáid leictreonach agus meiteashonraí leictreonacha, haiceáil gléasanna nó bogearraí a idircheapadh, lena n-áirítear ionsaithe seirbhíse a dhiúltú, sreangú, fabhtú, fístapáil, rianú geoshuímh trí shainaithint radaimhiniciochta, tríd an gcóras suite domhanda nó trí shonraí suímh ceall, mianadóireacht sonraí agus faireachán ar na meáin shóisialta. D'fhéadfadh na modhanna sin tionchar tromchúiseach a imirt ar chearta iriseoirí agus oibrithe na meán chun príobháideachais, ar chosaint a gcuid sonraí agus ar an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh. Dá bhrí sin, cuimsíonn na cosaintí a thugtar leis an Rialachán seo cineálacha faireachais dhigitigh atá ann faoi láthair agus teicneolaíochtaí a d'fhéadfadh teacht chun cinn mar thoradh ar nuálaíocht theicneolaíoch. Tá na cosaintí sin gan dochar do chur i bhfeidhm dhlí an Aontais atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo lena gcuirtear srian nó toirmeasc ar fhorbairt agus ar úsáid teicneolaíochtaí sonracha faireachais a mheastar a bheith ró-ionrach nó ar thrádáil sna teicneolaíochtaí sin. D'fhéadfadh earraí spiaireachta a dheonaíonn rochtain neamhtheoranta iomlán ar shonraí pearsanta, lena n-áirítear sonraí íogaire, ar fheiste difear a dhéanamh do bhunbhrí an chirt chun príobháideachais agus, dá bhrí sin, níor cheart a mheas, dá bhrí sin, go bhfuil sé riachtanach agus comhréireach faoi dhlí an Aontais.

Leasú 22

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 17

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(17) Tá cosaint foinsí iriseoireachta á rialú go hilchineálach sna Ballstáit faoi láthair. Soláthraíonn roinnt Ballstát cosaint iomlán d'iriseoirí ar iallach a bheith curtha orthu faisnéis a nochtadh ina sainaithnítear a bhfoinse in imeachtaí coiriúla agus riaracháin. Soláthraíonn Ballstáit eile cosaint cháilithe atá teoranta d'imeachtaí breithiúnacha bunaithe ar chúisimh choiriúla áirithe, agus soláthraíonn Ballstáit eile cosaint i bhfoirm prionsabail ghinearálta. Is éard a leanann as sin ilroinnt i margadh inmheánach na meán. Mar thoradh air sin, is dóchúil go mbeidh ar iriseoirí, a bhíonn ag oibriú níos mó ar thionscadail trasteorann agus ag soláthar a gcuid seirbhísí do phobail meán trasteorann, agus dá réir sin ar sholáthraithe seirbhísí meán, aghaidh a thabhairt ar bhacainní, éiginnteacht dhlíthiúil agus dálaí iomaíochta míchothroma. Dá bhrí sin, ***tá gá le*** cosaint foinsí iriseoireachta agus cumarsáide a ***chomhchuibhiú*** agus a ***neartú a thuilleadh*** ar leibhéal an Aontais.	(17) Tá cosaint foinsí iriseoireachta ***agus cumarsáide*** á rialú go hilchineálach sna Ballstáit faoi láthair. Soláthraíonn roinnt Ballstát cosaint iomlán d'iriseoirí ar iallach a bheith curtha orthu faisnéis a nochtadh ina sainaithnítear a bhfoinse in imeachtaí coiriúla agus riaracháin. Soláthraíonn Ballstáit eile cosaint cháilithe atá teoranta d'imeachtaí breithiúnacha bunaithe ar chúisimh choiriúla áirithe, agus soláthraíonn Ballstáit eile cosaint i bhfoirm prionsabail ghinearálta. ***In ainneoin na gcaighdeán atá ann cheana arna gcódú ag Comhairle na hEorpa agus cásdlí seanbhunaithe ag an gCúirt Eorpach um Chearta an Duine, léirigh samplaí praiticiúla ó roinnt Ballstát go bhfuil cineálacha cur chuige an-éagsúil ann maidir leis an ábhar agus nach gcosnaítear foinsí iriseoireachta i gcásanna áirithe.*** Is éard a leanann as sin ilroinnt i margadh inmheánach na meán. Mar thoradh air sin, is dóchúil go mbeidh ar iriseoirí, a bhíonn ag oibriú níos mó ar thionscadail trasteorann agus ag soláthar a gcuid seirbhísí do phobail meán trasteorann, agus dá réir sin ar sholáthraithe seirbhísí meán, aghaidh a thabhairt ar bhacainní, éiginnteacht dhlíthiúil agus dálaí iomaíochta míchothroma. Dá bhrí sin, ***ní mór*** cosaint foinsí iriseoireachta agus cumarsáide a ***neartú ar bhealach chomh cuimsitheach*** agus ***chomh forleathan agus is féidir. Chuige sin, comhchuibhítear leis an Rialachán seo an caighdeán cosanta*** a ***thugtar d'fhoinsí iriseoireachta agus do chumarsáidí trí rialacha íosta a thabhairt isteach*** ar leibhéal an Aontais. ***Ní mór cothromaíocht a bhaint amach i gcónaí idir cur isteach ar fhoinsí iriseoireachta agus an dochar a dhéantar don tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil. Ba cheart aon bhearta a chuireann isteach ar fhoinsí iriseoireachta a bheith faoi réir achomhairc chuig cúirt. Ba cheart d'iriseoirí atá ag obair ar thionscadail trasteorann tairbhe a bhaint as na caighdeáin is airde cosanta sna Ballstáit lena mbaineann. Ar leibhéal an Aontais, ba cheart go bhfreagródh cosaint foinsí iriseoireachta agus teachtaireachtaí, ar a laghad, don chosaint a thugtar i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta agus Eorpacha agus ba cheart í a bheith i gcomhréir le cásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine.***

Leasú 23

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 17 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(17a) Is ábhar mór imní d'iriseoirí agus d'oibrithe na meán iad an tsábháilteacht dhigiteach agus rúndacht na cumarsáide leictreonaí. I bhfianaise an mhéid sin, ní mór cur chun cinn agus cosaint uirlisí anaithnidithe agus seirbhísí criptithe ó cheann go ceann arna n-úsáid ag soláthraithe seirbhíse meán agus a bhfostaithe a spreagadh ar leibhéal an Aontais chun a áirithiú go mbeidh rochtain chomhionann ar an trealamh sin ar fud na mBallstát uile. Tá na huirlisí sin ríthábhachtach dóibh a gcuid oibre agus a gcearta chun príobháideachais, cosanta sonraí agus saoirse tuairimí a nochtadh a fheidhmiú gan bhac, lena n-áirítear trína gcumarsáid a dhaingniú agus rúndacht a bhfoinsí a chosaint.

Leasú 24

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 18

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(18) Tá ról ar leith ag meáin seirbhíse poiblí arna mbunú ag na Ballstáit i margadh inmheánach na meán, trína áirithiú go ***mbíonn*** rochtain ag saoránaigh agus gnólachtaí ar ***fhaisnéis ardchaighdeáin*** agus ***ar chlúdach*** neamhchlaonta sna meáin, mar chuid dá ***misean***. Mar sin féin, ***is féidir leis na meáin*** seirbhíse poiblí a bheith neamhchosanta go háirithe ***don bhaol go gcuirfí*** isteach ***orthu, i bhfianaise a gcóngarachta institiúidí*** don Stát agus ***i bhfianaise an mhaoinithe phoiblí*** a fhaigheann siad. D'fhéadfadh an riosca sin a bheith níos measa de dheasca cosaintí míchothroma a bhaineann le rialachas neamhspleách agus cumhdach cothrom ó na meáin seirbhíse poiblí ar fud an Aontais. D'fhéadfadh clúdach meán atá claonta nó páirteach sna meáin a bheith mar thoradh ar ***an gcás seo***, go gcuirfí saobhadh ar an iomaíocht i margadh inmheánach na meán agus go mbeadh tionchar diúltach aige ar rochtain ar sheirbhísí meán neamhspleácha agus neamhchlaonta. Dá bhrí sin, is gá, ag tógáil ar na caighdeáin idirnáisiúnta arna bhforbairt ag Comhairle na hEorpa ina leith sin, coimircí dlíthiúla a chur i bhfeidhm chun go bhfeidhmeoidh na meáin seirbhíse poiblí go neamhspleách ar fud an Aontais. Is gá a ráthú freisin, gan dochar do chur i bhfeidhm rialacha an Aontais maidir le státchabhair, go ***mbaineann*** soláthraithe meán seirbhíse poiblí tairbhe as cistiú leordhóthanach ***agus*** cobhsaí chun a ***misean*** a chomhlíonadh lena gcumasaítear intuarthacht ***ina gcuid pleanála. Más*** féidir, ba cheart cistiú ***den sórt*** sin a chinneadh agus a leithreasú ar bhonn ilbhliantúil, i gcomhréir le misean ***seirbhíse poiblí*** na soláthraithe meán seirbhíse poiblí, chun an fhéidearthacht go n-imreodh caibidlíochtaí buiséadacha bliantúla tionchar míchuí a sheachaint. Ní dhéanann na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo difear d'inniúlacht na mBallstát foráil a dhéanamh maidir le maoiniú na meán seirbhíse poiblí mar atá cumhdaithe i bPrótacal 29 maidir le córas craolacháin phoiblí na mBallstát, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.	(18) Tá ról ar leith ag meáin ***na*** seirbhíse poiblí arna mbunú ag na Ballstáit i margadh inmheánach na meán ***agus i gcosaint iolrachas na meán***, trína áirithiú go ***bhfuil*** rochtain ag saoránaigh agus gnólachtaí ar ***thairiscint éagsúil ábhair, lena n-áirítear faisnéis ardcháilíochta*** agus ***cumhdach*** neamhchlaonta sna meáin, mar chuid dá ***sainchúram***. ***Is fóram iad le haghaidh plé poiblí agus bealach chun rannpháirtíocht dhaonlathach níos leithne daoine aonair a chur chun cinn. Sin an fáth nach féidir iolrachas na meán a ráthú ach amháin le héagsúlacht chuí a léirítear i dtairiscint ábhair na meán seirbhíse poiblí. Tá tábhacht ar leith le neamhspleáchas na meán seirbhíse poiblí le linn tréimhsí toghcháin chun a áirithiú go mbeidh rochtain ag saoránaigh ar fhaisnéis neamhchlaonta ar ardchaighdeán.*** Mar sin féin, ***d'fhéadfadh meáin na*** seirbhíse poiblí a bheith neamhchosanta go háirithe ***ar an riosca cur*** isteach***, mar gheall ar a ngaireacht institiúideach*** don Stát agus ***ar an gcistiú poiblí*** a fhaigheann siad***, a d'fhéadfadh iad a nochtadh do leochaileachtaí breise i gcomparáid le gníomhaithe eile i margadh inmheánach na meán sa mhéid go bhfuil siad ag bagairt ar a bheith ann***. D'fhéadfadh an riosca sin a bheith níos measa de dheasca cosaintí míchothroma a bhaineann le rialachas neamhspleách agus cumhdach cothrom ó na meáin seirbhíse poiblí ar fud an Aontais. ***Mar thoradh ar an riosca sin,*** d'fhéadfadh ***bainistíocht shinsearach arna ceapadh go polaitiúil brú a chur ar neamhspleáchas eagarthóireachta iriseoirí agus eagarthóirí ar mhaithe le leasanna polaitiúla nó eacnamaíocha. D'fhéadfadh*** clúdach meán atá claonta nó páirteach sna meáin a bheith mar thoradh ar ***na cásanna sin***, go gcuirfí saobhadh ar an iomaíocht i margadh inmheánach na meán agus go mbeadh tionchar diúltach aige ar rochtain ar sheirbhísí meán neamhspleácha agus neamhchlaonta. Dá bhrí sin, is gá, ag tógáil ar na caighdeáin idirnáisiúnta arna bhforbairt ag Comhairle na hEorpa ina leith sin, coimircí dlíthiúla a chur i bhfeidhm chun go bhfeidhmeoidh na meáin seirbhíse poiblí go

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	neamhspleách ar fud an Aontais. ***Ba cheart do lucht bainistíochta soláthraithe meán seirbhíse poiblí a bheith neamhspleách, neamhchlaonta agus saor ó leasanna polaitiúla nó eacnamaíocha. Ba cheart rialacha soiléire a bheith ann maidir le haon choinbhleachtaí leasa a bhaineann le soláthraithe seirbhíse meán poiblí a bhainistiú. Ba cheart na daoine nó na comhlachtaí atá ar an údarás cinnteoireachta*** is ***airde laistigh de sholáthraithe meán seirbhíse poiblí a cheapadh, agus, más*** gá, a ***bhriseadh as a bpost i gcomhréir le critéir intuartha, thrédhearcacha, neamh-idirdhealaitheacha, chothromaithe ó thaobh inscne de agus oibiachtúil, lena n-áirithítear cáilíocht na ndaoine a líonann na poist sin. Is gá a*** ráthú freisin, gan dochar do chur i bhfeidhm rialacha an Aontais maidir le Státchabhair, go ***mbainfidh*** soláthraithe meán ***na*** seirbhíse poiblí tairbhe as cistiú leordhóthanach cobhsaí chun a ***sainchúram*** a chomhlíonadh lena gcumasaítear intuarthacht ***agus iad ag pleanáil, rud a chuireann ar a gcumas tairiscintí a fhorbairt do réimsí nua is díol spéise don phobal nó ábhar nua agus foirmeacha nua agus go bhforbróidh siad ó thaobh na teicneolaíochta de chun seasamh iomaíoch a choinneáil ar mhargadh inmheánach na meán. Mas*** féidir, ba cheart ***an*** cistiú sin a chinneadh agus a leithreasú ar bhonn ***nósanna imeachta intuartha, trédhearcacha, neamhspleácha, neamhchlaonta agus neamh-idirdhealaitheacha, ar bhonn*** ilbhliantúil, i gcomhréir le misean ***cúraim phoiblí*** na soláthraithe meán seirbhíse poiblí, chun an fhéidearthacht go n-imreodh caibidlíochtaí buiséadacha bliantúla tionchar míchuí a sheachaint. Ní dhéanann na ceanglais ***trédhearcachta*** a leagtar síos sa Rialachán seo difear d'inniúlacht na mBallstát foráil a dhéanamh maidir le maoiniú na meán seirbhíse poiblí mar atá cumhdaithe i bPrótacal 29 maidir le córas craolacháin phoiblí na mBallstát, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ***('Prótacal Amstardam')***.

Leasú 25

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 18 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(18a) Ar mhaithe le lucht féachana Eorpach, ba cheart do sholáthraithe meán seirbhíse poiblí iolrachas na meán a chur chun cinn agus rannchuidiú le margaí na meán a dhéanamh níos láidre. Ba cheart dóibh réimse leathan ábhair a thairiscint a fhreastalaíonn ar leasanna éagsúla, ar dhearcthaí agus ar dhéimeagrafaic, lena gcuimsítear gach cuid den tsochaí, lena n-áirítear mionlaigh.

Leasú 26

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 18 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(18b) Níor cheart feidhm a bheith ag Airteagal 5(2) maidir le soláthraí seirbhíse meán atá mar chuid de ghrúpa a ligtear na hurrúis isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte de chuid aon Bhallstáit agus ar lú ná 10 % d'ioncam comhdhlúite na meán a bhaineann leis an ngrúpa sin an t-ioncam iomlán atá nasctha le sainchúram na seirbhíse poiblí an tráth a dtiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm.

Leasú 27

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 19

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(19) Tá sé ríthábhachtach go mbeadh a fhios le cinnteacht ag faighteoirí seirbhísí meán cé atá ina n-úinéirí ar na meáin nuachta agus atá taobh thiar díobh ionas gur féidir leo coinbhleachtaí leasa a d'fhéadfadh a bheith ann a aithint agus a thuiscint, rud atá ina réamhriachtanas chun tuairimí eolasacha a fhoirmiú agus dá thoradh sin a bheith rannpháirteach go gníomhach sa daonlathas. Uirlis éifeachtach is ea an trédhearcacht sin ***freisin*** chun srian a chur ar na rioscaí a bhaineann le cur isteach ar neamhspleáchas eagarthóireachta. Is gá, dá bhrí sin, ceanglais choiteanna faisnéise a thabhairt isteach le haghaidh gach soláthróra seirbhíse meán ***ábhartha*** ar fud an Aontais lenar cheart ceanglais chomhréireacha a áireamh maidir le faisnéis úinéireachta a nochtadh. Sa chomhthéacs sin, níor cheart difear a dhéanamh do na bearta arna nglacadh ag na Ballstáit faoi Airteagal 30(9) de Threoir (AE) 2015/849 ([49]). Ba cheart do na soláthraithe ábhartha an fhaisnéis is gá a nochtadh ar a suíomhanna gréasáin nó ar mheán eile a bhfuil rochtain éasca agus díreach air.	(19) Tá sé ríthábhachtach go mbeadh a fhios le cinnteacht ag faighteoirí seirbhísí meán cé atá ina n-úinéirí ar na meáin nuachta agus atá taobh thiar díobh ionas gur féidir leo coinbhleachtaí leasa a d'fhéadfadh a bheith ann a aithint agus a thuiscint, rud atá ina réamhriachtanas chun tuairimí eolasacha a fhoirmiú agus dá thoradh sin a bheith rannpháirteach go gníomhach sa daonlathas. ***Dá bhrí sin,*** uirlis éifeachtach is ea an trédhearcacht sin chun srian a chur ar na rioscaí a bhaineann le cur isteach ar neamhspleáchas eagarthóireachta. Is gá, dá bhrí sin, ceanglais choiteanna faisnéise a thabhairt isteach le haghaidh gach soláthróra seirbhíse meán ***a fheidhmíonn freagracht eagarthóireachta*** ar fud an Aontais lenar cheart ceanglais chomhréireacha a áireamh maidir le faisnéis úinéireachta a nochtadh. Sa chomhthéacs sin, níor cheart difear a dhéanamh do na bearta arna nglacadh ag na Ballstáit faoi Airteagal 30(9) de Threoir (AE) 2015/849 ([49]). Ba cheart do na soláthraithe ábhartha an fhaisnéis is gá a nochtadh ar a suíomhanna gréasáin nó ar mheán eile a bhfuil rochtain éasca agus díreach air ***i bhformáid sho-úsáidte. Is gá, dá bhrí sin, go gcuirfeadh na Ballstáit de chúram ar údarás nó comhlacht rialála náisiúnta ábhartha faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na gceanglas faisnéise sin agus bunachar sonraí maidir le húinéireacht meán a fhorbairt agus a chothabháil. Ba cheart go mbeadh an t-údarás nó an comhlacht rialála náisiúnta sin in ann faisnéis bhreise a iarraidh agus a fháil ó sholáthraithe seirbhíse meán atá ábhartha dá chúraimí. Chun inrochtaineacht agus aonfhoirmeacht na faisnéise atá ar fáil d'fhaighteoirí seirbhísí meán a neartú agus a ráthú tuilleadh, ba cheart don Bhord bunachar sonraí Eorpach d'úinéireacht na meán a bhunú agus a chothabháil.***
([49]) Treoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le cosc a chur ar úsáid an chórais airgeadais chun críoch sciúrtha airgid nó maoinithe sceimhlitheoireachta, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 2005/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 2006/70/CE ón gCoimisiún (IO L 141, 5.6.2015, lch. 73).	([49]) Treoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le cosc a chur ar úsáid an chórais airgeadais chun críoch sciúrtha airgid nó maoinithe sceimhlitheoireachta, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 2005/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 2006/70/CE ón gCoimisiún (IO L 141, 5.6.2015, lch. 73).

Leasú 28

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 19 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(19a) Tá rochtain phoiblí ar shonraí teagmhála áirithe, ar fhaisnéis úinéireachta agus ar fhaisnéis maidir le fógraíocht stáit agus tacaíocht airgeadais stáit a leithdháiltear ar sholáthraithe seirbhíse meán ríthábhachtach ionas gur féidir le faighteoirí seirbhísí meán coinbhleachtaí leasa a d'fhéadfadh a bheith ann a thuiscint agus a ghrinnscrúdú, rud a rannchuideoidh ag an am céanna le muinín a chaomhnú agus le héascú a dhéanamh ar fhaisnéis a bheith ar fáil go tráthúil agus go héifeachtúil d'údaráis nó comhlachtaí rialála náisiúnta nó don Bhord. Mar sin féin, chun an t-ualach riaracháin a d'fhéadfadh a bheith ann a mhaolú, níor cheart catagóirí áirithe sonraí a sholáthar ach amháin i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, ar bhealach comhréireach agus cothrom agus chun na cearta maidir le hurraim don saol príobháideach agus cosaint sonraí pearsanta a ráthú.

Leasú 29

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 20

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(20) ***Éilítear le hionracas*** na meán ***freisin cur chuige réamhghníomhach chun neamhspleáchas eagarthóireachta ag cuideachtaí meán nuachta*** a chur chun cinn, go háirithe trí ***chosaintí*** inmheánacha. Ba cheart do sholáthraithe ***seirbhísí*** meán bearta ***comhréireacha*** a ghlacadh chun a ráthú***, a luaithe a bheidh an líne*** eagarthóireachta ***fhoriomlán comhaontaithe idir*** a ***n-úinéirí agus a n-eagarthóirí, go mbeidh saoirse ag na heagarthóirí cinntí aonair a*** dhéanamh le linn a ***ngníomhaíochtaí*** gairmiúla. An cuspóir go gcosnófar eagarthóirí ar chur isteach míchuí ar na cinntí a dhéanann siad maidir le píosaí sonracha ábhair mar chuid dá gcuid oibre laethúla, cuidíonn sé le cothroime iomaíochta sa mhargadh inmheánach le haghaidh seirbhísí meán agus le cáilíocht na seirbhísí sin a áirithiú. Tá an cuspóir sin i gcomhréir leis an gceart bunúsach freisin faisnéis a fháil agus a thabhairt faoi Airteagal 11 den Chairt. I bhfianaise na mbreithnithe sin, ba cheart do sholáthraithe seirbhíse meán trédhearcacht ***coinbhleachtaí*** leasa iarbhír nó ***ionchasacha a áirithiú*** dá bhfaighteoirí seirbhíse.	(20) ***Is féidir tacú le sláine*** na meán ***trí chaighdeáin iriseoireachta*** a chur chun cinn ***agus a áirithiú ar fud an Aontais agus trí neamhspleáchas eagarthóireachta soláthraithe seirbhíse meán a chur chun cinn agus a áirithiú***, go háirithe trí ***choimircí*** inmheánacha***, chun a ráthú go bhfuil an fhaisnéis iontaofa agus go bhfuil aon treoshuíomh idé-eolaíoch teoranta ag an dearbhcheanglas an scéala agus na tuairimí a thuairisciú go fírinneach agus go heiticiúil***. Ba cheart do sholáthraithe ***seirbhíse*** meán bearta a ghlacadh chun ***saoirse eagarthóirí agus príomheagarthóirí*** a ráthú ***chun cinntí*** eagarthóireachta a dhéanamh***, ar bhonn na dtuairimí eagarthóireachta bunaithe,*** le linn a ***ngníomhaíochta*** gairmiúla. ***Ní hamháin gur cheart go dtreiseodh na bearta sin na coimircí do shaoirse na meán ach*** an ***tsaoirse sna meáin freisin. An*** cuspóir go gcosnófar eagarthóirí ***agus príomheagarthóirí*** ar chur isteach míchuí ar na cinntí a dhéanann siad maidir le píosaí sonracha ábhair mar chuid dá gcuid oibre laethúla, cuidíonn sé le cothroime iomaíochta sa mhargadh inmheánach le haghaidh seirbhísí meán agus le cáilíocht na seirbhísí sin a áirithiú. Tá an cuspóir sin i gcomhréir leis an gceart bunúsach freisin faisnéis a fháil agus a thabhairt faoi Airteagal 11 den Chairt ***agus faoi Rún 1003 (1993) ó Chomhairle na hEorpa***. I bhfianaise na mbreithnithe sin, ba cheart do sholáthraithe seirbhíse meán trédhearcacht ***a áirithiú agus aon choinbhleachtaí*** leasa iarbhír nó ***féideartha a nochtadh*** dá bhfaighteoirí seirbhíse ***agus a áirithiú go gcomhlíonfaidh a n-úinéirí, a bhfoilsitheoirí agus a mbainistíocht na caighdeáin ghairmiúla is airde maidir le sláine eagarthóireachta agus neamhspleáchas***.

Leasú 30

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 21

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(21) ***Chun ualaí rialála a mhaolú,*** ba cheart ***micreafhiontair de réir bhrí Airteagal 3 de Threoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([50]) a dhíolmhú ó na ceanglais a bhaineann le faisnéis agus le cosaintí inmheánacha d'fhonn neamhspleáchas cinntí eagarthóireachta aonair a ráthú. Thairis sin, ba cheart saoirse a bheith ag na soláthraithe seirbhísí*** meán ***na*** coimircí inmheánacha a ***oiriúnú dá*** riachtanais***, go háirithe más fiontair bheaga agus mheánmhéide iad de réir bhrí an Airteagail sin***. Soláthraítear leis an Moladh a ghabhann leis an Rialachán seo ([51]) catalóg de choimircí inmheánacha deonacha ***is féidir a ghlacadh*** laistigh de chuideachtaí meán ***i dtaca leis*** sin. Níor cheart an Rialachán seo a fhorléiriú ***chun go mbainfeadh sé*** d'úinéirí soláthraithe ***seirbhísí*** meán príobháideacha a ***sainchumas*** spriocanna straitéiseacha nó ginearálta a ***shocrú*** agus ***chun*** fás agus inmharthanacht airgeadais a ngnóthas a chothú. I ***ndáil*** leis sin, aithnítear sa Rialachán seo gur gá an sprioc maidir le neamhspleáchas eagarthóireachta a chothú a réiteach le cearta agus leasanna dlisteanacha úinéirí meán príobháideacha.	(21) Ba cheart ***do sholáthraithe seirbhíse*** meán coimircí inmheánacha a ***ghlacadh i gcomhréir lena struchtúir agus lena*** riachtanais. Soláthraítear leis an Moladh a ghabhann leis an Rialachán ([51]) seo catalóg de choimircí inmheánacha deonacha ***a d'fhéadfaí a chur san áireamh*** laistigh de chuideachtaí meán ***ina leith*** sin. Níor cheart an Rialachán seo a fhorléiriú ***leis an éifeacht a bhaineann lena saincheart a bhaint*** d'úinéirí soláthraithe ***seirbhíse*** meán príobháideacha ***cinneadh*** a ***dhéanamh ar chomhdhéanamh a bhfoirne eagarthóireachta nó ar a líne eagarthóireachta,*** spriocanna straitéiseacha nó ginearálta a ***leagan síos*** agus fás agus inmharthanacht airgeadais a ngnóthas a chothú. ***Mar sin féin, níor cheart an Rialachán seo a fhorléiriú mar ní a chiallaíonn gur féidir le húinéir nó bainisteoir corparáideach soláthraí seirbhíse meán cur isteach go míchuí ar obair a eagarthóirí agus a phríomheagarthóirí atá ag feidhmiú*** i ***gcomhréir lena dtuairimí eagarthóireachta bunaithe trí iallach a chur orthu, mar shampla, ábhar a chur*** leis ***nó a bhaint sula gcuirtear ar fáil don phobal é. Ina leith*** sin, aithnítear sa Rialachán seo gur gá an sprioc maidir le neamhspleáchas eagarthóireachta a ***áirithiú agus a*** chothú a réiteach le cearta agus leasanna dlisteanacha úinéirí meán príobháideacha.

([50]) Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir leis na ráitis airgeadais bhliantúla, na ráitis airgeadais chomhdhlúite agus tuarascálacha gaolmhara maidir le cineálacha áirithe gnóthas, lena leasaítear Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 78/660/CEE agus Treoir 83/349/CEE ón gComhairle (IO L 182, 29.6.2013, lch. 19).

([51]) IO C,, lch. .

([51]) IO C,, lch. .

Leasú 31

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 22

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(22) Tá údaráis nó comhlachtaí rialála náisiúnta neamhspleácha lárnach chun dlí na meán a chur i bhfeidhm i gceart ar fud an Aontais. Is iad na húdaráis nó na comhlachtaí rialála náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 30 de Threoir 2010/13/AE is fearr chun cur i bhfeidhm ceart na gceanglas a bhaineann le comhar rialála agus margadh dea-fheidhmiúil le haghaidh seirbhísí meán, a bheartaítear le Caibidil III den Rialachán seo, a áirithiú. Chun cur i bhfeidhm comhsheasmhach an Rialacháin seo agus dlí eile an Aontais maidir leis na meáin a áirithiú, is gá comhlacht comhairleach neamhspleách a bhunú ar leibhéal an Aontais lena mbailítear na húdaráis nó na comhlachtaí sin agus lena gcomhordaítear a ngníomhaíochtaí. Bhí Grúpa na Rialálaithe Eorpacha um Sheirbhísí Meán Closamhairc (ERGA), a bunaíodh le Treoir 2010/13/AE, ríthábhachtach chun cur chun feidhme comhsheasmhach na Treorach sin a chur chun cinn. Dá bhrí sin, ba cheart don Bhord Eorpach um Sheirbhísí Meán ('an Bord') cur le ERGA agus é a ionadú. Chuige sin, is gá leasú spriocdhírithe a dhéanamh ar Threoir 2010/13/AE chun Airteagal 30b de, lena mbunaítear ERGA, a scriosadh, agus chun tagairtí do ERGA agus dá cúraimí a ionadú dá thoradh sin. Leis an Rialachán seo tugtar údar leis an leasú ar Threoir 2010/13/AE sa chás seo toisc go bhfuil sé teoranta d'fhoráil nach gá do na Ballstáit a thrasuí agus atá dírithe ar institiúidí an Aontais.	(22) Tá údaráis nó comhlachtaí rialála náisiúnta neamhspleácha lárnach chun dlí na meán a chur i bhfeidhm i gceart ar fud an Aontais. Is iad na húdaráis nó na comhlachtaí rialála náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 30 de Threoir 2010/13/AE is fearr chun cur i bhfeidhm ceart na gceanglas a bhaineann le comhar rialála agus margadh dea-fheidhmiúil le haghaidh seirbhísí meán, a bheartaítear le Caibidil III den Rialachán seo, a áirithiú. Chun cur i bhfeidhm comhsheasmhach an Rialacháin seo agus dlí eile an Aontais maidir leis na meáin a áirithiú, is gá ***do na húdaráis rialála náisiúnta comhairliúcháin a reáchtáil le hionadaithe ó sholáthraithe seirbhíse meán, ó eagraíochtaí na sochaí sibhialta, ó shaineolaithe sna meáin, ó ionadaithe ón saol acadúil, ó chomhlachais ceardchumann agus ó chomhlachais iriseoirí. Ina theannta sin, is gá*** comhlacht comhairleach neamhspleách a bhunú ar leibhéal an Aontais lena mbailítear na húdaráis nó na comhlachtaí sin agus lena gcomhordaítear a ngníomhaíochtaí. Bhí Grúpa na Rialálaithe Eorpacha um Sheirbhísí Meán Closamhairc (ERGA), a bunaíodh le Treoir 2010/13/AE, ríthábhachtach chun cur chun feidhme comhsheasmhach na Treorach sin a chur chun cinn. Dá bhrí sin, ba cheart don Bhord Eorpach um Sheirbhísí Meán ('an Bord') cur le ERGA agus é a ionadú. Chuige sin, is gá leasú spriocdhírithe a dhéanamh ar Threoir 2010/13/AE chun Airteagal 30b de, lena mbunaítear ERGA, a scriosadh, agus chun tagairtí do ERGA agus dá cúraimí a ionadú dá thoradh sin. Leis an Rialachán seo tugtar údar leis an leasú ar Threoir 2010/13/AE sa chás seo toisc go bhfuil sé teoranta d'fhoráil nach gá do na Ballstáit a thrasuí agus atá dírithe ar institiúidí an Aontais. ***Ba cheart go mbeadh acmhainní airgeadais agus daonna leormhaithe ag údaráis nó comhlachtaí rialála náisiúnta i gcomhréir leis na cúraimí breise a thugtar dóibh faoin Rialachán seo chun cúraimí riachtanacha a dhéanamh laistigh de na Ballstáit agus chun feidhmiú neamhspleách agus éifeachtach an Bhoird agus cur i bhfeidhm an Rialacháin seo a chumasú. Ba cheart uathriail oibríochtúil iomlán a bheith ag údaráis nó comhlachtaí rialála náisiúnta agus a bheith neamhspleách ar aon chur isteach polaitiúil agus eacnamaíoch. Is coinníoll riachtanach é neamhspleáchas na n-údarás nó na gcomhlachtaí rialála náisiúnta atá rannpháirteach i ngníomhaíochtaí an Bhoird chun cúraimí an Bhoird a chomhlíonadh go héifeachtach agus chun creidiúnacht an Ghrúpa Saineolaithe a bhunaítear leis an Rialachán seo a áirithiú.***

Leasú 32

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 23

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(23) Ba cheart don Bhord ionadaithe sinsearacha ó na húdaráis rialála náisiúnta nó ó na comhlachtaí rialála náisiúnta ***dá dtagraítear*** in Airteagal 30 de Threoir 2010/13/AE***, arna gceapadh ag na húdaráis nó na comhlachtaí sin,*** a thabhairt le chéile. I gcásanna ina bhfuil roinnt údarás nó comhlachtaí rialála ábhartha ag na Ballstáit, lena n-áirítear ar an leibhéal réigiúnach, ba cheart ionadaí comhpháirteach a roghnú trí nósanna imeachta iomchuí agus ba cheart leanúint den cheart vótála a theorannú d'aon ionadaí amháin in aghaidh an Bhallstáit. Níor cheart go ndéanfadh sé sin difear don fhéidearthacht atá ag na húdaráis nó na comhlachtaí rialála náisiúnta eile a bheith rannpháirteach, de réir mar is iomchuí, i gcruinnithe an Bhoird. Ba cheart an deis a bheith ag an mBord freisin cuireadh a thabhairt freastal ar a chruinnithe, i gcomhaontú leis an gCoimisiún, ***le saineolaithe agus*** breathnóirí, lena n-áirítear go háirithe údaráis nó comhlachtaí rialála ó thíortha is iarrthóirí, ó thíortha is iarrthóirí ionchasacha, ó thíortha LEE, nó ó thoscairí ad hoc ó údaráis náisiúnta inniúla eile. I ngeall ar íogaireacht earnáil na meán agus de réir chleachtas chinntí ERGA i gcomhréir lena rialacha nós imeachta, ba cheart don Bhord a chinntí a ghlacadh ar bhonn tromlach dhá thrian de ***na vótaí***.	(23) Ba cheart don Bhord ionadaithe sinsearacha ó na húdaráis rialála náisiúnta nó ó na comhlachtaí rialála náisiúnta ***a bunaíodh i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach*** in Airteagal 30 de Threoir 2010/13/AE a thabhairt le chéile. I gcásanna ina bhfuil roinnt údarás nó comhlachtaí rialála ábhartha ag na Ballstáit, lena n-áirítear ar an leibhéal réigiúnach, ba cheart ionadaí comhpháirteach a roghnú trí nósanna imeachta iomchuí agus ba cheart leanúint den cheart vótála a theorannú d'aon ionadaí amháin in aghaidh an Bhallstáit. Níor cheart go ndéanfadh sé sin difear don fhéidearthacht atá ag na húdaráis nó comhlachtaí rialála náisiúnta eile ***nó, i gcás inarb infheidhme, ionadaí coiteann ar shásraí féinrialála nó comhrialála*** a bheith rannpháirteach, de réir mar is iomchuí, i gcruinnithe an Bhoird. Ba cheart an deis a bheith ag an mBord ***agus ag an nGrúpa Saineolaithe*** freisin cuireadh a thabhairt do ***shaineolaithe seachtracha ar bhonn cás ar chás*** freastal ar a chruinnithe. ***Ba cheart an deis a bheith ag an mBord***, i gcomhaontú leis an gCoimisiún, breathnóirí ***buana a ainmniú chun freastal ar a chruinnithe***, lena n-áirítear go háirithe údaráis nó comhlachtaí rialála ó thíortha is iarrthóirí, ó thíortha is iarrthóirí ionchasacha, ó thíortha LEE, nó toscairí ad hoc ó údaráis náisiúnta inniúla eile. I ngeall ar íogaireacht earnáil na meán agus de réir chleachtas chinntí ERGA i gcomhréir lena rialacha nós imeachta, ba cheart don Bhord a chinntí a ghlacadh ar bhonn tromlach dhá thrian ***dá chomhaltaí a bhfuil cearta vótála acu. Ba cheart go sonrófaí i rialacha nós imeachta an Bhoird ról agus cúraimí an Ghrúpa Stiúrtha agus na nósanna imeachta maidir le ceapadh agus téarma oifige chomhaltaí an Ghrúpa Stiúrtha. Ba cheart an Grúpa Stiúrtha a bheith comhdhéanta de Chathaoirleach, Leas-Chathaoirleach, an Cathaoirleach a bheidh ag dul as oifig agus beirt chomhaltaí eile. Ba cheart prionsabal na cothromaíochta geografaí a chur san áireamh agus an Cathaoirleach agus comhaltaí eile an Ghrúpa Stiúrtha á dtoghadh. Thairis sin, ba cheart don Bhord sásraí a áireamh ina rialacha nós imeachta chun coinbhleachtaí leasa a chosc agus a bhainistiú, chun measúnú a dhéanamh ar neamhspleáchas na n-údarás nó na gcomhlachtaí rialála náisiúnta agus chun cearta vótála na gcomhaltaí a ndearnadh agóid i gcoinne a neamhspleáchais a chur ar fionraí go sealadach.***

Leasú 33

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 23 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(23a) Beidh ar an mBord aghaidh a thabhairt, i gcomhréir leis an Rialachán seo, ar shaincheisteanna a théann níos faide ná sainchúram ERGA, go háirithe saincheisteanna a bhaineann le preasfhoilseacháin, raidió, na meáin ar líne. Is gá, dá bhrí sin, Grúpa Saineolaithe a bhunú ina mbeidh saineolaithe, ionadaithe na meán ó eagraíochtaí féinrialála nó comhrialála amhail comhlachais iriseoireachta, comhairlí meán nó preasa, agus ionadaithe ón tsochaí shibhialta, chun comhairle a chur ar an mBord agus dul i gcomhairle leis an mBord maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo. Ba cheart comhdhéanamh an Ghrúpa Saineolaithe a chinneadh le rialacha nós imeachta an Bhoird agus ba cheart sin a bheith ina léiriú ar na creataí meán féinrialála atá ann cheana ó gach Ballstát agus ó limistéir éagsúla earnála agus gheografacha laistigh de na Ballstáit. Chomh maith le hionadaithe ó na Ballstáit, ba cheart go mbeadh an Grúpa Saineolaithe comhdhéanta d'eagraíochtaí Eorpacha seanbhunaithe a aithnítear go forleathan a dhéanann ionadaíocht ar leasanna éagsúla ó earnáil na meán. Ba cheart an Grúpa Saineolaithe a shuí laistigh de struchtúr an Bhoird. Ba cheart don Ghrúpa Saineolaithe comhairle a chur ar an mBord maidir le feidhmiú a chúraimí. Ba cheart an uathriail is gá a bheith ag an nGrúpa Saineolaithe chun gníomhú go neamhspleách. Ba cheart go mbeadh an Grúpa Saineolaithe in ann, ar a thionscnamh féin, cuireadh a thabhairt do shaineolaithe agus d'ionadaithe na meán, bíodh sé in idirphlé struchtúrtha nó eile, cuidiú leis measúnú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo agus rannchuidiú lena chuid oibre bunaithe ar a riachtanais. Ba cheart an chumhacht a thabhairt don Ghrúpa Saineolaithe moltaí a eisiúint agus aird an Bhoird a tharraingt ar sháruithe féideartha ar an Rialachán seo ar a thionscnamh féin nó arna iarraidh sin don Choimisiún nó do Pharlaimint na hEorpa. Ba cheart don Ghrúpa Saineolaithe a mholtaí nó a thuarascálacha maidir le torthaí na gcomhairliúchán le geallsealbhóirí ábhartha a chur ar fáil go poiblí. Le rannchuidithe den sórt sin ón nGrúpa Saineolaithe ba cheart go ndéanfaí faisnéis leordhóthanach a sholáthar don Bhord chun a chuid cinntí a bhunú orthu, agus ag an am céanna sásraí seanbhunaithe atá ann cheana san Aontas a chomhlánú agus cur leo, amhail tuarascálacha bliantúla

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	an Choimisiúin maidir leis an smacht reachta nó an Monatóir ar Iolrachas sna Meáin. Le rannchuidithe den sórt sin ba cheart go gcuirfí ar chumas an Bhoird déileáil le saincheisteanna atá fós gan réiteach. Ba cheart don Bhord na rannchuidithe sin a chur san áireamh agus a chlár oibre bliantúil á ullmhú aige. Ba cheart go mbeadh an Bord in ann comhairle a lorg ón nGrúpa Saineolaithe aon uair a bheidh anailís agus léargas de dhíth air ó réimse áirithe saineolais. Ba cheart don Bhord dul i gcomhairle leis an nGrúpa Saineolaithe maidir le haon tuairim nó cinneadh a ghlacann an Bord a bhaineann le saincheisteanna lasmuigh d'earnáil na meán closamhairc.

Leasú 34

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 24

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(24) Gan dochar do na cumhachtaí a thugtar don Choimisiún leis na Conarthaí, tá sé fíor-riachtanach go n-oibreoidh an Coimisiún agus an Bord agus go n-oibreoidh siad i ndlúthchomhar le chéile. ***Go háirithe,*** ba cheart don Bhord tacú go gníomhach leis an gCoimisiún ina chúraimí chun cur i bhfeidhm comhsheasmhach an Rialacháin seo agus na rialacha náisiúnta lena gcuirtear Treoir 2010/13/AE chun feidhme a áirithiú. Chun na críche sin, ba cheart don Bhord, go háirithe, comhairle agus cúnamh a thabhairt don Choimisiún maidir le gnéithe rialála, teicniúla nó praiticiúla a bhaineann le dlí an Aontais a chur i bhfeidhm, comhar agus malartú éifeachtach faisnéise, taithí agus dea-chleachtas a chur chun cinn ***agus*** tuairimí a tharraingt suas ***i gcomhaontú leis*** an gCoimisiún nó ***arna iarraidh sin dó*** sna cásanna a bheartaítear leis an Rialachán seo. Chun a chúraimí a chomhlíonadh go héifeachtach, ba cheart an Bord a bheith in ann brath ar shaineolas agus ar acmhainní daonna rúnaíochta arna soláthar ***ag an gCoimisiún.*** Ba cheart do rúnaíocht ***an Choimisiúin*** tacaíocht riaracháin agus eagraíochtúil a chur ar fáil don Bhord, agus cuidiú leis an mBord a chúraimí a chur i gcrích.	(24) Gan dochar do na cumhachtaí a thugtar don Choimisiún leis na Conarthaí, tá sé fíor-riachtanach go n-oibreoidh an Coimisiún agus an Bord agus go n-oibreoidh siad i ndlúthchomhar le chéile. ***Mar sin féin, ba cheart obair an Bhoird a bheith neamhspleách ar an gCoimisiún agus ar aon tionchar polaitiúil nó eacnamaíoch.*** Ba cheart don Bhord tacú go gníomhach leis an gCoimisiún ina chúraimí chun cur i bhfeidhm comhsheasmhach an Rialacháin seo agus na rialacha náisiúnta lena gcuirtear Treoir 2010/13/AE chun feidhme a áirithiú. Chun na críche sin, ba cheart don Bhord, go háirithe, comhairle agus cúnamh a thabhairt don Choimisiún maidir le gnéithe rialála, teicniúla nó praiticiúla a bhaineann le dlí an Aontais a chur i bhfeidhm, comhar agus malartú éifeachtach faisnéise, taithí agus dea-chleachtas a chur chun cinn agus tuairimí a tharraingt suas ***agus aon chúram eile a dhéanamh ar a thionscnamh féin, nó arna iarraidh sin ag*** an gCoimisiún, nó ***arna iarraidh sin ag Parlaimint na hEorpa*** sna cásanna a bheartaítear leis an Rialachán sin. Chun a chúraimí a chomhlíonadh go héifeachtach ***agus go neamhspleách***, ba cheart an Bord a bheith in ann brath ar shaineolas agus ar acmhainní daonna ***rúnaíochta neamhspleáiche***. ***Níor cheart don*** rúnaíocht ***gníomhú ach amháin de réir threoracha an Bhoird***. ***Ba cheart dóthain acmhainní buiséadacha agus daonna*** a chur ar fáil ***don rúnaíocht***. Ba cheart ***don*** rúnaíocht tacaíocht ***shubstainteach,*** riaracháin agus eagraíochtúil a chur ar fáil don Bhord, agus cuidiú leis an mBord a chúraimí a chur i gcrích.

Leasú 35

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 24 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(24a) Tá sé tábhachtach go n-eiseodh an Bord, i gcomhar leis na húdaráis nó comhlachtaí rialála náisiúnta agus an dlí náisiúnta atá ann cheana á chur san áireamh, treoirlínte maidir le seirbhísí meán leasa ghinearálta a shainiú agus maidir leis na critéir, an creat measúnaithe agus an próiseas chun a raon feidhme a chinneadh. Tá sé tábhachtach go mbeadh na treoirlínte sin comhsheasmhach le luachanna an Aontais agus le cuspóirí seanbhunaithe leasa ghinearálta amhail iolrachas na meán, an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, rochtain ar fhaisnéis iontaofa, comhtháthú sóisialta agus éagsúlacht chultúrtha.

Leasú 36

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 25

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(25) Tá comhar rialála idir údaráis nó comhlachtaí neamhspleácha rialála na meán riachtanach chun go bhfeidhmeoidh an margadh inmheánach le haghaidh seirbhísí meán mar is ceart. Mar sin féin, ní dhéantar foráil i dTreoir 2010/13/AE maidir le creat comhair struchtúrtha d'údaráis ná do chomhlachtaí rialála náisiúnta. Ó rinneadh athbhreithniú ar chreat an Aontais maidir le seirbhísí meán closamhairc le Treoir (AE) 2018/1808 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([52]), lenar leathnaíodh a raon feidhme chuig ardáin comhroinnte físeán, tá gá le dlúthchomhar i measc na n-údarás nó na gcomhlachtaí rialála náisiúnta, go háirithe chun cásanna trasteorann a réiteach. Tá údar leis an ngá sin freisin i bhfianaise na ndúshlán nua i dtimpeallacht meán an Aontais a bhféachtar leis an Rialachán seo aghaidh a thabhairt orthu, lena n-áirítear trí chúraimí nua a chur ar údaráis rialála náisiúnta nó ar chomhlachtaí rialála náisiúnta.	(25) Tá comhar rialála idir údaráis nó comhlachtaí neamhspleácha rialála na meán riachtanach chun go bhfeidhmeoidh an margadh inmheánach le haghaidh seirbhísí meán mar is ceart. Mar sin féin, ní dhéantar foráil i dTreoir 2010/13/AE maidir le creat comhair struchtúrtha d'údaráis ná do chomhlachtaí rialála náisiúnta. Ó rinneadh athbhreithniú ar chreat an Aontais maidir le seirbhísí meán closamhairc le Treoir (AE) 2018/1808 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([52]), lenar leathnaíodh a raon feidhme chuig ardáin comhroinnte físeán, tá gá le dlúthchomhar i measc na n-údarás nó na gcomhlachtaí rialála náisiúnta, go háirithe chun cásanna trasteorann a réiteach. Tá údar leis an ngá sin freisin i bhfianaise na ndúshlán nua i dtimpeallacht meán an Aontais a bhféachtar leis an Rialachán seo aghaidh a thabhairt orthu, lena n-áirítear trí chúraimí nua a chur ar údaráis rialála náisiúnta nó ar chomhlachtaí rialála náisiúnta. ***Dá bhrí sin, ba cheart don Bhord, i gcomhairle leis an gCoimisiún, a bheith in ann freisin socruithe comhair a bhunú le comhlachtaí inniúla, oifigí, gníomhaireachtaí agus grúpaí comhairleacha de chuid an Aontais, le húdaráis inniúla tríú tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta.***
([52]) Treoir (AE) 2018/1808 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 lena leasaítear Treoir 2010/13/AE maidir le comhordú forálacha áirithe arna leagan síos le dlí, rialachán nó gníomh riaracháin i mBallstáit i dtaobh seirbhísí meán closamhairc a sholáthar (An Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc) i bhfianaise athruithe ar an margadh (IO L 303, 28.11.2018, lch. 69).	([52]) Treoir (AE) 2018/1808 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 lena leasaítear Treoir 2010/13/AE maidir le comhordú forálacha áirithe arna leagan síos le dlí, rialachán nó gníomh riaracháin i mBallstáit i dtaobh seirbhísí meán closamhairc a sholáthar (An Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc) i bhfianaise athruithe ar an margadh (IO L 303, 28.11.2018, lch. 69).

Leasú 37

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 26

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(26) Chun forfheidhmiú éifeachtach dhlí an Aontais maidir leis na meáin a áirithiú, chun cosc a chur ar sholáthraithe seirbhísí meán bradacha teacht timpeall ar na rialacha ***meán*** is infheidhme, agus chun nach dtiocfaidh ***méadú ar*** bhacainní breise sa mhargadh inmheánach ***le haghaidh seirbhísí meán***, tá sé ríthábhachtach ***foráil a dhéanamh maidir le creat soiléir, ceangailteach ó thaobh dlí d'***údaráis rialála náisiúnta nó do chomhlachtaí rialála náisiúnta ***chun*** comhoibriú go héifeachtach agus go héifeachtúil.	(26) ***In 2020, ghlac ERGA Meabhrán Tuisceana ina raibh creat deonach le haghaidh comhair chun forfheidhmiú trasteorann rialacha na meán maidir le seirbhísí meán closamhairc agus seirbhísí ardáin comhroinnte físeán a neartú. Ag tógáil ar an gcreat deonach sin agus chun*** forfheidhmiú ***cuimsitheach agus*** éifeachtach ***bhearta*** an Aontais ***maidir le*** dlí na meán a áirithiú, chun cosc a chur ar sholáthraithe seirbhísí meán bradacha teacht timpeall ar na rialacha is infheidhme agus chun bacainní breise ***ar sholáthar seirbhísí meán*** sa mhargadh inmheánach a sheachaint, tá sé bunriachtanach ***go*** gcomhoibreoidh údaráis nó comhlachtaí rialála náisiúnta ***le chéile*** go héifeachtach agus go héifeachtúil ***laistigh den chreat dlíthiúil seanbhunaithe***.

Leasú 38

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 27

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(27) Mar gheall ar chineál uile-Eorpach na n-ardán comhroinnte físeán, ní mór d'údaráis nó comhlachtaí rialála náisiúnta uirlis thiomnaithe a bheith acu chun ***lucht féachana*** seirbhísí ardáin comhroinnte físeán a chosaint ó inneachar ***neamhdhleathach agus*** díobhálach áirithe, lena n-áirítear cumarsáid tráchtála. Go háirithe, tá gá le sásra chun ligean d'aon údarás nó comhlacht rialála náisiúnta ábhartha a iarraidh ar a phiaraí gníomhaíochtaí riachtanacha agus comhréireacha a dhéanamh chun forfheidhmiú na n-oibleagáidí faoin Airteagal seo ag soláthraithe ardáin comhroinnte físeán a áirithiú. I gcás nach mbeidh réiteach cairdiúil mar thoradh ar úsáid an tsásra sin, ní féidir srian a chur leis an tsaoirse chun seirbhísí na sochaí faisnéise a sholáthar ó Bhallstát eile ach amháin má chomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 3 de Threoir 2000/31/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([53]) agus má leantar an nós imeachta a leagtar amach ann.	(27) Mar gheall ar chineál uile-Eorpach na n-ardán comhroinnte físeán, ní mór d'údaráis nó comhlachtaí rialála náisiúnta uirlis thiomnaithe a bheith acu chun ***úsáideoirí*** seirbhísí ardáin comhroinnte físeán a chosaint ó inneachar díobhálach áirithe, lena n-áirítear cumarsáid tráchtála. Go háirithe***, agus gan dochar do phrionsabal na tíre tionscnaimh***, tá gá le sásra chun ligean d'aon údarás nó comhlacht rialála náisiúnta ábhartha a iarraidh ar a phiaraí gníomhaíochtaí riachtanacha agus comhréireacha a dhéanamh chun forfheidhmiú na n-oibleagáidí faoin Airteagal seo ag soláthraithe ardáin comhroinnte físeán a áirithiú. I gcás nach mbeidh réiteach cairdiúil mar thoradh ar úsáid an tsásra sin, ní féidir srian a chur leis an tsaoirse chun seirbhísí na sochaí faisnéise a sholáthar ó Bhallstát eile ach amháin má chomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 3 de Threoir 2000/31/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([53]) agus má leantar an nós imeachta a leagtar amach ann.

([53]) Treoir 2000/31/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2000 maidir le gnéithe áirithe dlí de sheirbhísí na sochaí faisnéise, an trádáil leictreonach go háirithe, sa Mhargadh Inmheánach ('an Treoir maidir le trádáil leictreonach') (IO L 178, 17.7.2000, lch. 1).

([53]) Treoir 2000/31/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2000 maidir le gnéithe áirithe dlí de sheirbhísí na sochaí faisnéise, an trádáil leictreonach go háirithe, sa Mhargadh Inmheánach ('an Treoir maidir le trádáil leictreonach') (IO L 178, 17.7.2000, lch. 1).

Leasú 39

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 28

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(28) Tá sé bunriachtanach ***cleachtas rialála*** comhsheasmhach a áirithiú ***maidir leis*** an Rialachán seo agus Treoir 2010/13/AE. Chun na críche sin, agus chun rannchuidiú le cur chun feidhme cóineasaithe dhlí an Aontais maidir leis na meáin a áirithiú, ***féadfaidh*** an Coimisiún treoirlínte a eisiúint maidir le hábhair a chumhdaítear leis an Rialachán seo agus le Treoir 2010/13/AE araon nuair is gá. Agus cinneadh á dhéanamh treoirlínte a eisiúint, ba cheart don Choimisiún breithniú a dhéanamh go háirithe ar shaincheisteanna rialála a dhéanann difear do líon suntasach Ballstát nó dóibh siúd a bhfuil gné thrasteorann acu. Is amhlaidh atá go háirithe i gcás beart náisiúnta arna nglacadh faoi Airteagal 7a de Threoir 2010/13/AE maidir le suntasacht iomchuí seirbhísí meán closamhairc leasa ghinearálta. I bhfianaise fhlúirse na faisnéise agus úsáid mhéadaitheach na modhanna digiteacha chun rochtain a fháil ar na meáin, tá sé tábhachtach tosaíocht a áirithiú d'ábhar leasa ghinearálta, chun cothroime iomaíochta a bhaint amach sa mhargadh inmheánach agus chun an ceart bunúsach chun faisnéis a fháil faoi Airteagal 11 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh a chomhlíonadh. I bhfianaise an tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag na bearta náisiúnta arna nglacadh faoi Airteagal 7a ar fheidhmiú mhargadh inmheánach na meán, bheadh treoirlínte ón gCoimisiún tábhachtach chun deimhneacht dhlíthiúil a bhaint amach sa réimse sin. Bheadh sé úsáideach freisin treoir a chur ar fáil maidir le bearta náisiúnta arna nglacadh faoi Airteagal 5(2) de Threoir 2010/13/AE d'fhonn a áirithiú go mbeadh faisnéis inrochtana chruinn chothrom le dáta a bhaineann le húinéireacht na meán ar fáil go poiblí. Agus a threoirlínte á n-ullmhú acu, ba cheart don Bhord cúnamh a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart don Bhord, go háirithe, a shaineolas rialála, teicniúil agus praiticiúil maidir leis na réimsí agus na topaicí a chumhdaítear leis na treoirlínte faoi seach a chomhroinnt leis an gCoimisiún.	(28) Tá sé bunriachtanach ***cur chun feidhme*** comhsheasmhach ***agus éifeachtach an*** Rialacháin seo agus Threoir 2010/13/AE a áirithiú. Chun na críche sin, agus chun rannchuidiú le cur chun feidhme cóineasaithe dhlí an Aontais maidir leis na meáin a áirithiú, ***ba cheart*** don Choimisiún treoirlínte a eisiúint maidir le hábhair a chumhdaítear leis an Rialachán seo agus le Treoir 2010/13/AE araon nuair is gá. Agus cinneadh á dhéanamh treoirlínte a eisiúint, ba cheart don Choimisiún breithniú a dhéanamh go háirithe ar shaincheisteanna rialála a dhéanann difear do líon suntasach Ballstát nó dóibh siúd a bhfuil gné thrasteorann acu. Is amhlaidh atá go háirithe i gcás beart náisiúnta arna nglacadh faoi Airteagal 7a de Threoir 2010/13/AE maidir le suntasacht iomchuí seirbhísí meán closamhairc leasa ghinearálta. I bhfianaise fhlúirse na faisnéise agus úsáid mhéadaitheach na modhanna digiteacha chun rochtain a fháil ar na meáin, tá sé tábhachtach tosaíocht a áirithiú d'ábhar leasa ghinearálta, chun cothroime iomaíochta a bhaint amach sa mhargadh inmheánach agus chun an ceart bunúsach chun faisnéis a fháil faoi Airteagal 11 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh a chomhlíonadh. I bhfianaise an tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag na bearta náisiúnta arna nglacadh faoi Airteagal 7a ar fheidhmiú mhargadh inmheánach na meán, bheadh treoirlínte ón gCoimisiún tábhachtach chun deimhneacht dhlíthiúil a bhaint amach sa réimse sin. ***Ba cheart treoirlínte den sórt sin a dhréachtú le tacaíocht ón mBord agus ba cheart go n-urramófaí leo inniúlacht na mBallstát i gcúrsaí cultúrtha d'fhonn iolrachas na meán a chur chun cinn, ba cheart iad a bheith bunaithe ar phrionsabail agus gan dochar do bhearta náisiúnta suntasachta atá ann cheana.*** Bheadh sé úsáideach freisin treoir a chur ar fáil maidir le bearta náisiúnta arna nglacadh faoi Airteagal 5(2) de Threoir 2010/13/AE d'fhonn a áirithiú go mbeadh faisnéis inrochtana chruinn chothrom le dáta a bhaineann le húinéireacht na meán ar fáil go poiblí. Agus a threoirlínte á n-ullmhú acu, ba cheart don Bhord cúnamh a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart don Bhord, go háirithe, a shaineolas rialála, teicniúil agus praiticiúil maidir leis na réimsí agus na topaicí a chumhdaítear leis na treoirlínte faoi seach a chomhroinnt leis an gCoimisiún.

Leasú 40

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 28 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(28a) Tá comhchuibhiú íosta na rialacha maidir le srianta ar úinéireacht na meán ar fud an Aontais Eorpaigh ar cheann de na bealaí bunúsacha chun iolrachas cothrom tuairimí a ráthú, chun iomaíocht chóir a chosaint i measc soláthraithe seirbhísí meán laistigh de mhargadh meán na hEorpa agus chun seasamh leis an gceart atá ag tomhaltóirí foinsí éagsúla faisnéise agus tuairimí éagsúla a fháil ar bhealach neamhchlaonta agus iolraíoch. Ar an gcúis sin, ba cheart do dhaoine áirithe atá faoi riteacht pholaitiúil, mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (9), de Threoir (AE) 2015/849, amhail cinn Stáit, cinn rialtais agus airí, a gcaidreamh gnó le soláthraí seirbhíse meán a fhoirceannadh, tar éis a gceaptha amhlaidh.

Leasú 41

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 29

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(29) Chun cothroime iomaíochta a áirithiú i soláthar seirbhísí éagsúla meán closamhairc i bhfianaise forbairtí teicneolaíocha sa mhargadh inmheánach, is gá ***saintreoracha teicniúla*** coiteanna a aimsiú le haghaidh gléasanna lena rialaítear nó lena mbainistítear rochtain ar sheirbhísí meán closamhairc agus úsáid na seirbhísí sin ***nó*** le haghaidh gléasanna a bhfuil comharthaí digiteacha acu lena n-iompraítear an t-ábhar closamhairc ón bhfoinse go dtí an ceann scríbe. Sa chomhthéacs sin, tá sé tábhachtach nach gcruthófar bacainní agus costais bhreise don tionscal agus do thomhaltóirí trí chaighdeáin theicniúla éagsúla a chruthú agus, an tráth céanna, réitigh a spreagadh chun na hoibleagáidí atá ann cheana maidir le seirbhísí meán closamhairc a chur chun feidhme.	(29) Chun cothroime iomaíochta a áirithiú i soláthar seirbhísí éagsúla meán closamhairc i bhfianaise forbairtí teicneolaíocha sa mhargadh inmheánach, is gá ***comhchaighdeáin chomhchuibhithe Eorpacha*** a aimsiú le haghaidh gléasanna lena rialaítear nó lena mbainistítear rochtain ar sheirbhísí meán closamhairc agus úsáid na seirbhísí sin***, lena n-áirítear cianrialtáin nó le haghaidh gléasanna*** a bhfuil comharthaí digiteacha acu lena n-iompraítear an t-ábhar closamhairc ón bhfoinse go dtí an ceann scríbe. Sa chomhthéacs sin, tá sé tábhachtach nach gcruthófar bacainní agus costais bhreise don tionscal agus do thomhaltóirí trí chaighdeáin theicniúla éagsúla a chruthú agus, an tráth céanna, réitigh a spreagadh chun na hoibleagáidí atá ann cheana maidir le seirbhísí meán closamhairc a chur chun feidhme.

Leasú 42

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 30

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(30) Tá saineolas praiticiúil sonrach ag na húdaráis rialála nó ag na comhlachtaí rialála dá dtagraítear in Airteagal 30 de Threoir 2010/13/AE a chuireann ar a gcumas cothromaíocht éifeachtach a bhaint amach idir leasanna soláthraithe agus faighteoirí seirbhísí meán, agus urraim don tsaoirse chun tuairimí a nochtadh á háirithiú an tráth céanna. Tá sé sin ríthábhachtach go háirithe maidir leis an margadh inmheánach a chosaint ar ***ghníomhaíochtaí soláthraithe seirbhíse*** meán ***atá bunaithe*** lasmuigh den Aontas agus a dhíríonn ar phobail meán san Aontas i gcás ina bhféadfaidís, inter alia, i bhfianaise an rialaithe a d'fhéadfadh tríú tíortha a fheidhmiú orthu, ***dochar a dhéanamh*** don tslándáil phoiblí agus don chosaint ***nó a bheith ina mbaol*** dochair dóibh. I ndáil leis sin, ní mór an comhordú idir údaráis nó comhlachtaí rialála náisiúnta chun aghaidh a thabhairt le chéile ar bhagairtí féideartha slándála poiblí agus cosanta a eascraíonn as seirbhísí meán den sórt sin a neartú agus creat dlíthiúil a thabhairt chun éifeachtacht agus comhordú féideartha na mbeart náisiúnta arna nglacadh i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais maidir leis na meáin a áirithiú. Chun a áirithiú nach leanfar de sheirbhísí meán a chuirtear ar fionraí i mBallstáit áirithe faoi Airteagal 3 (3) agus Airteagal 3(5) de Threoir 2010/13/AE a sholáthar trí shatailít nó ar mhodh eile sna Ballstáit sin, ba cheart sásra um chomhar agus cúnamh frithpháirteach brostaithe a bheith ar fáil freisin chun 'effet utile' na mbeart náisiúnta ábhartha a ráthú, i gcomhréir le dlí an Aontais. Ina theannta sin, is gá comhordú a dhéanamh ar na bearta náisiúnta a d'fhéadfaí a ghlacadh chun bagairtí slándála poiblí agus cosanta a chomhrac ag seirbhísí meán ***atá bunaithe*** lasmuigh ***den*** Aontas agus atá dírithe ar phobail meán san Aontas, lena n-áirítear an deis a bheith ag an mBord, ***i gcomhaontú leis an gCoimisiún***, tuairimí a eisiúint maidir leis na bearta sin, de réir mar is iomchuí. I ndáil leis an méid sin, ní mór na rioscaí don tslándáil phoiblí agus don chosaint a mheasúnú i bhfianaise na ngnéithe fíorasacha agus dlíthiúla ábhartha uile, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach. Tá an méid sin gan dochar d'inniúlacht an Aontais faoi Airteagal 215 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.	(30) Tá saineolas praiticiúil sonrach ag na húdaráis rialála nó ag na comhlachtaí rialála dá dtagraítear in Airteagal 30 de Threoir 2010/13/AE a chuireann ar a gcumas cothromaíocht éifeachtach a bhaint amach idir leasanna soláthraithe agus faighteoirí seirbhísí meán, agus urraim don tsaoirse chun tuairimí a nochtadh á háirithiú ***agus iolrachas na meán á choimirciú agus á chur chun cinn*** an tráth céanna. Tá sé sin ríthábhachtach go háirithe a mhéid a bhaineann leis an margadh inmheánach a chosaint ar ***sheirbhísí*** meán ***ó*** lasmuigh den Aontas***, gan beann ar na bealaí trína ndéantar iad a dháileadh nó a bhfaightear rochtain orthu,*** a dhíríonn ***nó a théann i bhfeidhm ar*** phobail meán san Aontas, i gcás, inter alia, i bhfianaise an rialaithe a d'fhéadfadh tríú tíortha a fheidhmiú orthu, ***ina bhfuil briogadh poiblí*** iontu ***chun cion sceimhlitheoireachta a dhéanamh mar a leagtar amach i dTreoir (AE) 2017/541 nó lena ngabhann riosca tromchúiseach mór go ndéanfaí*** dochar don tslándáil phoiblí agus ***do choimirciú na slándála agus*** na cosanta ***náisiúnta***. ***Soláthraithe seirbhíse meán atá bunaithe lasmuigh den Aontas agus ar mian leo tairbhiú den tsaorghluaiseacht seirbhísí meán dá dtairiscintí sna meáin, mar cheann de na buntáistí a bhaineann le margadh inmheánach an Aontais, ba cheart iad a bheith faoi réir na gcoinníollacha agus na gceanglas céanna agus atá ag soláthraithe seirbhíse meán atá bunaithe laistigh den Aontas***. I ndáil leis sin, ní mór an comhordú idir údaráis nó comhlachtaí rialála náisiúnta chun aghaidh a thabhairt le chéile ar bhagairtí féideartha slándála poiblí agus cosanta a eascraíonn as seirbhísí meán den sórt sin a neartú agus creat dlíthiúil a thabhairt chun éifeachtacht agus comhordú féideartha na mbeart náisiúnta arna nglacadh i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais maidir leis na meáin a áirithiú. Chun a áirithiú nach leanfar de ***na*** seirbhísí meán ***céanna*** a chuirtear ar fionraí i mBallstáit áirithe faoi Airteagal 3(3) agus Airteagal 3(5) de Threoir 2010/13/AE a sholáthar trí shatailít nó ar mhodh eile sna Ballstáit sin, ba cheart sásra um chomhar agus cúnamh frithpháirteach brostaithe a bheith ar fáil freisin chun 'effet utile' na mbeart náisiúnta ábhartha a ráthú, i gcomhréir

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	le dlí an Aontais. Ina theannta sin, is gá comhordú a dhéanamh ar na bearta náisiúnta a d'fhéadfaí a ghlacadh chun bagairtí slándála poiblí agus cosanta a chomhrac ag seirbhísí meán ***ó*** lasmuigh den Aontas agus atá dírithe ar phobail meán san Aontas, lena n-áirítear an deis a bheith ag an mBord,***ar a thionscnamh féin nó arna iarraidh sin don údarás nó comhlacht rialála náisiúnta ábhartha***, tuairimí a eisiúint maidir leis na bearta sin, de réir mar is iomchuí. I ndáil leis an méid sin, ní mór na rioscaí don tslándáil phoiblí agus don chosaint a mheasúnú i bhfianaise na ngnéithe fíorasacha agus dlíthiúla ábhartha uile, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach. Tá an méid sin gan dochar d'inniúlacht an Aontais faoi Airteagal 215 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

Leasú 43

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 31

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(31) Feidhmíonn ardáin an-mhór ar líne do go leor úsáideoirí mar thairseach chun rochtain a fháil ar sheirbhísí meán. Tá ról ***tábhachtach*** ag soláthraithe seirbhíse meán a fheidhmíonn freagracht eagarthóireachta as a n-ábhar i ndáileadh faisnéise agus i bhfeidhmiú na saorála faisnéise ar líne. Agus freagracht eagarthóireachta den sórt sin á feidhmiú acu, táthar ag súil go ngníomhóidh siad go dícheallach agus go gcuirfidh siad faisnéis ar fáil atá iontaofa agus urramach do chearta bunúsacha, i gcomhréir leis na ***ceanglais*** rialála nó féinrialála a bhfuil siad faoina réir sna Ballstáit. Dá bhrí sin, i bhfianaise shaoirse faisnéise úsáideoirí freisin, i gcás ina measann soláthraithe ardán an-mhór ar líne go bhfuil inneachar arna sholáthar ag na soláthraithe seirbhíse meán sin ar neamhréir lena dtéarmaí agus coinníollacha, cé nach bhfuil sé ag rannchuidiú le riosca sistéamach dá dtagraítear in Airteagal ***26*** de Rialachán (AE) ***2022/XXX [an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha]***, ba cheart dóibh ***breithniú*** cuí a dhéanamh ar shaoirse agus iolrachas ***na meán, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2022/XXX [an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha]*** agus na mínithe is gá a sholáthar, a luaithe is féidir, do sholáthraithe seirbhíse meán mar ***úsáideoirí*** gnó sa ráiteas ar chúiseanna ***faoi*** Rialachán (AE) 2019/1150 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([54]). Chun tionchar aon srian	(31) Feidhmíonn ardáin an-mhór ar líne do go leor úsáideoirí mar thairseach chun rochtain a fháil ar sheirbhísí meán. Tá ról ***lárnach*** ag soláthraithe seirbhíse meán a fheidhmíonn freagracht eagarthóireachta as a n-ábhar i ndáileadh faisnéise ***agus rochtain uirthi*** agus i bhfeidhmiú na saorála faisnéise ar líne. Agus an fhreagracht eagarthóireachta sin á feidhmiú acu, táthar ag súil go ngníomhóidh siad go dícheallach agus go gcuirfidh siad faisnéis ar fáil atá iontaofa agus urramach do chearta bunúsacha, i gcomhréir leis na ***ceanglais*** rialála ***agus comhrialála*** nó leis na ***sásraí*** féinrialála a bhfuil siad faoina réir sna Ballstáit. ***Ag an am céanna, ba cheart do sholáthraithe ardán an-mhór ar líne aird chuí a thabhairt ar cheart úsáideoirí chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil, ar shaoirse na meán agus ar iolrachas na meán. Ba cheart do sholáthraithe ardán an-mhór ar líne rannchuidiú ar bhealach iomchuí le hiolrachas na meán trí urraim a thabhairt do shaoirse soláthraithe seirbhíse meán a ngníomhaíochtaí a fheidhmiú gan srianta***. Dá bhrí sin, i bhfianaise shaoirse faisnéise úsáideoirí freisin, i gcás ina measann soláthraithe ardán an-mhór ar líne go bhfuil inneachar arna sholáthar ag na soláthraithe seirbhíse meán sin ar neamhréir lena dtéarmaí agus coinníollacha, cé nach bhfuil sé ag rannchuidiú le riosca sistéamach dá

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
ar an inneachar sin ar shaoirse faisnéise úsáideoirí a íoslaghdú, ba cheart d'ardáin an-mhór ar líne ***féachaint leis*** an ráiteas ar chúiseanna ***a chur isteach*** sula ngabhfaidh éifeacht leis an srian ***gan dochar dá n-oibleagáidí faoi Rialachán (AE) 2022/XXX [an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha]***. Go háirithe, níor cheart cosc a chur leis an Rialachán seo ar sholáthraí ardáin an-mhór ar líne bearta gasta a dhéanamh in aghaidh ábhar neamhdhleathach a scaiptear trína sheirbhís, ná chun rioscaí sistéamacha a mhaolú a bhaineann le scaipeadh ábhair áirithe trína sheirbhís, i gcomhréir le dlí an Aontais, go háirithe de bhun Rialachán (AE) ***2022/XXX [an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha]***.	dtagraítear in Airteagal **34** de Rialachán (AE) ***2022/2065***, ba cheart dóibh saoirse agus iolrachas ***na meán a urramú*** go cuí agus na mínithe is gá a sholáthar, a luaithe is féidir, do sholáthraithe seirbhíse meán mar ***úsáideoir*** gnó sa ráiteas ar chúiseanna ***dá dtagraítear i*** Rialachán (AE) 2019/1150 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([54]) ***agus Rialachán (AE) 2022/2065.*** Chun an tionchar a bheadh ag aon ***fhionraí nó*** srian ar shaoirse faisnéise úsáideoirí a íoslaghdú, ba cheart d'ardáin an-mhór ar líne ***deis a thabhairt don soláthraí seirbhíse meán freagra a thabhairt ar an*** ráiteas ar chúiseanna, ***laistigh de 24 uair an chloig,*** sula ngabhfaidh éifeacht leis an srian ***nó leis an bhfionraí***. Go háirithe, níor cheart go gcuirfeadh an Rialachán seo cosc ar sholáthraí ardáin an-mhór ar líne bearta gasta a dhéanamh in aghaidh ábhar neamhdhleathach a scaiptear trína sheirbhís, ná chun rioscaí sistéamacha a mhaolú a bhaineann le scaipeadh ábhair áirithe trína sheirbhís, i gcomhréir le dlí an Aontais, go háirithe de bhun Rialachán (AE) ***2022/2065***. ***I gcás ina bhfuil sé beartaithe fós ag soláthraí ardáin an-mhór ar líne an fhionraí nó an srian a chur i bhfeidhm, ba cheart don údarás nó comhlacht rialála inniúil nó comhlacht an tsásra féinrialála nó comhrialála a chinneadh an bhfuil bonn cirt leis an bhfionraí nó leis an srian atá beartaithe i bhfianaise an chlásail shonraigh sna téarmaí agus sna coinníollacha agus, go háirithe, agus saoirsí bunúsacha á gcur san áireamh.***
([54]) Rialachán (AE) 2019/1150 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le cothroime agus trédhearcacht a chur chun cinn d'úsáideoirí gnó a bhaineann úsáid as seirbhísí idirghabhála ar líne (IO L 186, 11.7.2019, lch. 57).	([54]) Rialachán (AE) 2019/1150 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le cothroime agus trédhearcacht a chur chun cinn d'úsáideoirí gnó a bhaineann úsáid as seirbhísí idirghabhála ar líne (IO L 186, 11.7.2019, lch. 57).

Leasú 44

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 32

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(32) Ina theannta sin, i bhfianaise an tionchair dhearfaigh a mheastar a bheidh ar an tsaoirse seirbhísí a sholáthar agus ar an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, tá údar maith leis, i gcás ***ina gcloíonn*** soláthraithe seirbhíse meán le caighdeáin rialála nó féinrialála áirithe, go gcaithfear le gearáin in aghaidh cinntí ó sholáthraithe ardán an-mhór ar líne ar bhonn tosaíochta agus ***gan moill mhíchuí***.	(32) Ina theannta sin, i bhfianaise an tionchair dhearfaigh a mheastar a bheidh ann ar an tsaoirse seirbhísí a sholáthar agus ar an tsaoirse tuairimí a nochtadh, tá údar maith leis, i gcás ina ***gcomhlíonann*** soláthraithe seirbhíse meán caighdeáin rialála nó féinrialála áirithe, a ngearán ***agus, i gcás inarb infheidhme, gearáin a chomhdaíonn a gcomhlachtaí ionadaíocha i gcomhréir le Rialachán (AE) 2022/2065*** i gcoinne cinntí ó sholáthraithe ardán an-mhór ar líne, tugtar tosaíocht dóibh agus, ***in aon chás, tráth nach déanaí ná 24 uair an chloig tar éis iad a chur isteach***.

Leasú 45

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 33

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(33) Chuige sin, ba cheart do sholáthraithe ardán an-mhór ar líne feidhmiúlacht a sholáthar ar a gcomhéadan ar líne chun é a chur ar a gcumas do sholáthraithe seirbhíse meán a dhearbhú go gcomhlíonann siad ceanglais áirithe agus, an tráth céanna, an fhéidearthacht a choinneáil ***gan glacadh leis*** an bhféindearbhú sin i gcás ina measann siad nach gcomhlíontar na coinníollacha sin. Féadfaidh soláthraithe ardán an-mhór ar líne brath ar fhaisnéis maidir le ***cloí leis*** na ceanglais sin, amhail caighdeán meaisín-inléite an Tionscnaimh Iontaobhais Iriseoireachta nó cóid iompair ábhartha eile. D'fhéadfadh treoirlínte ón gCoimisiún a bheith úsáideach chun cur chun feidhme éifeachtach na feidhmiúlachta sin a éascú, lena n-áirítear maidir le módúlachtaí rannpháirtíocht eagraíochtaí ábhartha na sochaí sibhialta san athbhreithniú ar na dearbhuithe, maidir le dul i gcomhairle le rialtóir na tíre bunaíochta, i gcás inarb ábhartha, agus maidir le haon mhí-úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as an bhfeidhmiúlacht.	(33) Chuige sin, ba cheart do sholáthraithe ardán an-mhór ar líne feidhmiúlacht a sholáthar ar a gcomhéadan ar líne chun a chur ar chumas soláthraithe seirbhíse meán a dhearbhú go gcomhlíonann siad ceanglais áirithe, agus ag an am céanna an fhéidearthacht a choinneáil ***go bhfíorófaí*** féindearbhú den sórt sin, ***mar shampla, ag na húdaráis nó comhlachtaí rialála náisiúnta nó ag comhlacht an tsásra féinrialála nó comhrialála,*** i gcás ina measann siad nach gcomhlíontar na coinníollacha sin***. Má dheimhnítear ar an mbealach sin iad, ba cheart soláthraithe seirbhíse meán a mheas mar sholáthraithe aitheanta seirbhíse meán. Ba cheart é a bheith indéanta freisin an t-ábhar a tharchur chuig an mBord, agus ba cheart go mbeadh an Bord in ann moladh a eisiúint ar na hábhair sin***. Féadfaidh soláthraithe ardán an-mhór ar líne brath ar fhaisnéis maidir le ***comhlíonadh na*** gceanglas sin, amhail caighdeán meaisín-inléite an Tionscnaimh Iontaobhais Iriseoireachta, ***arna fhorbairt faoi choimirce an Choiste Eorpaigh um Chaighdeánú,*** nó cóid iompair ábhartha eile. ***Níor cheart go ndéanfaí ardáin an-mhór ar líne a dhíspreagadh leis an sásra sin ó shíniú le gealltanas deonach Uimh. 22 de Chód Cleachtais AE maidir le Bréagaisnéis nó ó bhearta a dhéanamh chun infheictheacht, infhionntacht agus suntasacht seirbhísí meán a chothú ina gcórais mholta arna soláthar ag soláthraithe seirbhíse meán ar léir go gcomhlíonann siad caighdeáin ghairmiúla agus eiticiúla don iriseoireacht. D'fhéadfadh deimhniú de réir caighdeáin ISO le haghaidh iriseoireacht ghairmiúil agus eiticiúil, amhail an Tionscnamh Iontaobhais Iriseoireachta a bheith ina thagarmharc i ndáil leis sin.*** D'fhéadfadh treoirlínte ***arna n-eisiúint*** ag an gCoimisiún***, i gcomhairle leis an mBord,*** a bheith úsáideach chun cur chun feidhme éifeachtach na feidhmiúlachta sin a éascú, lena n-áirítear maidir le módúlachtaí rannpháirtíocht eagraíochtaí ábhartha na sochaí sibhialta san athbhreithniú ar na dearbhuithe, maidir le dul i gcomhairle le rialtóir na tíre bunaíochta, i gcás inarb ábhartha, agus maidir le haon mhí-úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as an bhfeidhmiúlacht.

Leasú 46

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 34

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(34) Aithnítear sa Rialachán seo an tábhacht a bhaineann le sásraí féinrialála i gcomhthéacs seirbhísí meán a sholáthar ar ardáin an-mhór ar líne. Is éard atá iontu cineál de thionscnaimh dheonacha, mar shampla i bhfoirm cóid iompair, lena gcuirtear ar chumas soláthraithe seirbhíse meán nó a n-ionadaithe treoirlínte comhchoiteanna a ghlacadh, lena n-áirítear maidir le caighdeáin eiticiúla, earráidí a cheartú nó gearáin a láimhseáil, eatarthu féin agus dóibh féin. Féinrialáil láidir chuimsitheach ***a aithnítear go forleathan,*** is ráthaíocht éifeachtach atá inti ar cháilíocht agus gairmiúlacht sheirbhísí na meán agus rud atá ríthábhachtach chun sláine eagarthóireachta a chosaint.	(34) Aithnítear sa Rialachán seo an tábhacht a bhaineann le sásraí ***comhrialála agus*** féinrialála ***a aithnítear go dlíthiúil in earnáil ábhartha na meán i mBallstát amháin nó níos mó*** i gcomhthéacs seirbhísí meán a sholáthar ar ardáin an-mhór ar líne. Is éard atá iontu cineál de thionscnaimh dheonacha, mar shampla i bhfoirm cóid iompair, lena gcuirtear ar chumas soláthraithe seirbhíse meán nó a n-ionadaithe treoirlínte comhchoiteanna a ghlacadh, lena n-áirítear maidir le caighdeáin eiticiúla, earráidí a cheartú nó gearáin a láimhseáil, eatarthu féin agus dóibh féin. ***Comhrialáil agus*** féinrialáil láidir chuimsitheach ***a nglactar go forleathan,*** is ráthaíocht éifeachtach atá inti ar cháilíocht agus gairmiúlacht sheirbhísí na meán agus rud atá ríthábhachtach chun sláine eagarthóireachta a chosaint.

Leasú 47

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 35

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(35) Ba cheart do sholáthraithe ardán an-mhór ar líne dul i dteagmháil le soláthraithe seirbhíse meán a urramaíonn caighdeáin inchreidteachta agus trédhearcachta agus a mheasann gur minic a fhorchuireann soláthraithe ardán an-mhór ar líne srianta ar a n-ábhar gan forais leordhóthanacha, chun teacht ar réiteach cairdiúil chun aon srian gan údar a fhoirceannadh agus chun iad a sheachaint amach anseo. Ba cheart do sholáthraithe ardán an-mhór ar líne páirt a ghlacadh i malartuithe den sórt sin de mheon macánta, agus aird ar leith á tabhairt ar shaoirse na meán agus saoráil faisnéise a choimirciú.	(35) Ba cheart do sholáthraithe ardán an-mhór ar líne dul i dteagmháil le soláthraithe seirbhíse meán a urramaíonn caighdeáin inchreidteachta agus trédhearcachta agus a mheasann gur minic a fhorchuireann soláthraithe ardán an-mhór ar líne srianta ar a n-ábhar gan forais leordhóthanacha, chun teacht ar réiteach cairdiúil chun aon srian gan údar a fhoirceannadh agus chun iad a sheachaint amach anseo. Ba cheart do sholáthraithe ardán an-mhór ar líne páirt a ghlacadh i malartuithe den sórt sin de mheon macánta, agus aird ar leith á tabhairt ar shaoirse na meán agus saoráil faisnéise a choimirciú. ***I gcás ina dteipeann ar sholáthraí ardáin an-mhór ar líne agus soláthraí seirbhíse meán teacht ar réiteach cairdiúil, ba cheart go mbeadh an soláthraí seirbhíse meán in ann gearán a dhéanamh os comhair comhlacht deimhnithe um réiteach díospóidí lasmuigh den chúirt i gcomhréir le Rialachán (AE) 2022/2065.***

Leasú 48

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 35 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(35a) ***De réir bhrí an Rialacháin seo, níor cheart go gcuirfeadh oibleagáidí maidir le srianta ar inneachar cosc ar ardáin an-mhór ar líne an bhréagaisnéis a chomhrac nó mionaoisigh a chosaint. Sa chomhthéacs sin, níor cheart feidhm a bheith ag oibleagáidí i gcásanna ina dtarlaíonn íosrangú, lipéadú inneachair nó a infheictheacht a chaolú (amhail íomhánna a dhoiléire) nuair atá siad i gcomhréir leis an gcód cleachtais maidir le bréagaisnéis agus le dlí ábhartha eile de chuid an Aontais. Ag an am céanna, ba cheart a aithint nár cheart seirbhísí atá ag gníomhú i gcáil sheachbhrabúsach, amhail ciclipéidí ar líne chomh maith le stórtha oideachais agus eolaíochta, a mheas mar ardáin an-mhór ar líne chun críche Airteagal 17.***

Leasú 49

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 36

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(36) Ag tógáil ar an ról úsáideach atá ag ERGA maidir le faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh ag sínitheoirí Chód Cleachtais an Aontais maidir le Bréagaisnéis, ba cheart don Bhord, ar bhonn bliantúil ar a laghad, idirphlé struchtúrtha a eagrú idir soláthraithe ardán an-mhór ar líne, ionadaithe ó sholáthraithe seirbhíse meán agus ionadaithe na sochaí sibhialta chun rochtain ar thairiscintí éagsúla na meán neamhspleách ar ardáin an-mhór ar líne a chothú, taithí agus dea-chleachtais a bhaineann le cur i bhfeidhm fhorálacha ábhartha an Rialacháin seo a phlé ***agus*** faireachán a dhéanamh ***ar chomhlíonadh*** tionscnamh féinrialála arb é is aidhm dóibh an tsochaí a chosaint ar inneachar díobhálach, lena n-áirítear iad siúd atá dírithe ar chur in aghaidh na bréagaisnéise. Féadfaidh an Coimisiún, i gcás inarb ábhartha, scrúdú a dhéanamh ar na tuarascálacha ar thorthaí an idirphlé struchtúrtha sin agus measúnú á dhéanamh aige ar shaincheisteanna sistéamacha agus ar shaincheisteanna atá ag teacht chun cinn ar fud an Aontais faoi Rialachán (AE) ***2022/XXX [an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha]*** agus féadfaidh sé a iarraidh ar an mBord tacú leis chuige sin.	(36) Ag tógáil ar an ról úsáideach atá ag ERGA maidir le faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh ag sínitheoirí Chód Cleachtais an Aontais maidir le Bréagaisnéis, ba cheart don Bhord, ***le rannchuidiú an Ghrúpa Saineolaithe,*** ar bhonn bliantúil ar a laghad, idirphlé struchtúrtha a eagrú idir soláthraithe ardán an-mhór ar líne, ***soláthraithe inneall cuardaigh an-mhór,*** ionadaithe ó sholáthraithe seirbhíse meán agus ionadaithe na sochaí sibhialta***, lena n-áirítear ó eagraíochtaí seiceála fíricí,*** chun rochtain ar thairiscintí éagsúla na meán neamhspleách ar ardáin an-mhór ar líne ***agus ar innill chuardaigh an-mhór*** a chothú, taithí agus dea-chleachtais a bhaineann le cur i bhfeidhm fhorálacha ábhartha an Rialacháin seo ***a*** phlé, faireachán a dhéanamh ***ar chomhlíonadh*** tionscnamh féinrialála arb é is aidhm dóibh an tsochaí a chosaint ar inneachar díobhálach, lena n-áirítear iad siúd atá dírithe ar bhréagaisnéis a chomhrac***, agus chun measúnú a dhéanamh ar na héifeachtaí diúltacha a d'fhéadfadh a bheith ag tionscnaimh den sórt sin nó ag beartais mhodhnaithe inneachair ar shaoirse agus iolrachas na meán***. Féadfaidh an Coimisiún, i gcás inarb ábhartha, scrúdú a dhéanamh ar na tuarascálacha ar thorthaí an idirphlé struchtúrtha sin agus measúnú á dhéanamh aige ar shaincheisteanna sistéamacha agus ar shaincheisteanna atá ag teacht chun cinn ar fud an Aontais faoi Rialachán (AE) ***2022/2065*** agus féadfaidh sé a iarraidh ar an mBord ***agus ar an nGrúpa Saineolaithe*** tacú leis chuige sin.

Leasú 50

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 37

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(37) Ba cheart d'***fhaighteoirí*** seirbhísí meán closamhairc a bheith in ann an t-ábhar closamhairc ar mian leo féachaint air a roghnú go héifeachtach de réir a sainroghanna. Mar sin féin, d'fhéadfadh cleachtais tráchtála in earnáil na meán srian a chur ar a saoirse sa réimse sin, eadhon comhaontuithe maidir le tosaíocht a thabhairt d'inneachar idir monaróirí gléasanna nó soláthraithe comhéadan úsáideora lena rialaítear nó lena mbainistítear rochtain ar sheirbhísí meán closamhairc agus úsáid na seirbhísí sin, amhail teilifíseáin nasctha, agus soláthraithe seirbhíse meán. Is féidir tosaíocht a chur chun feidhme, mar shampla, ar scáileán baile gléas, trí aicearraí crua-earraí nó bogearraí, feidhmchláir agus limistéir chuardaigh, a bhfuil impleachtaí acu ar iompraíocht ***féachana na bhfaighteoirí***, a d'fhéadfaí a dhreasú go míchuí chun tairiscintí áirithe meán closamhairc a roghnú thar chinn eile. Ba cheart an deis a bheith ag ***faighteoirí seirbhíse*** socruithe ***réamhshocraithe gléis nó*** comhéadain úsáideora lena rialaítear agus lena mbainistítear rochtain ar sheirbhísí meán closamhairc agus úsáid na seirbhísí sin a athrú ar bhealach simplí soláimhsithe, gan dochar do bhearta chun a áirithiú go mbeidh tosaíocht iomchuí ag seirbhísí meán closamhairc ar mhaithe leis an leas ginearálta agus lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 7a de Threoir ***2010/13/CE***, arna nglacadh chun breithnithe dlisteanacha beartais phoiblí a shaothrú.	(37) Ba cheart d'***úsáideoirí*** seirbhísí meán ***fuaime agus*** closamhairc a bheith in ann an t-inneachar ***fuaime agus*** closamhairc ar mian leo ***éisteacht leis nó féachaint air*** a roghnú go héifeachtach de réir a sainroghanna. Mar sin féin, d'fhéadfadh cleachtais tráchtála in earnáil na meán srian a chur ar a saoirse sa réimse sin, eadhon comhaontuithe maidir le tosaíocht a thabhairt d'inneachar idir monaróirí gléasanna nó soláthraithe comhéadan úsáideora lena rialaítear nó lena mbainistítear rochtain ar sheirbhísí meán ***fuaime agus*** meán closamhairc agus úsáid na seirbhísí sin, amhail teilifíseáin nasctha ***nó córais fuaime gluaisteán***, agus soláthraithe seirbhíse meán. Is féidir tosaíocht a chur chun feidhme, mar shampla, ar scáileán baile gléas, trí aicearraí crua-earraí***, lena n-áirítear cianrialtáin,*** nó aicearraí bogearraí, feidhmchláir agus limistéir chuardaigh, a bhfuil impleachtaí acu ar iompraíocht ***na n-úsáideoirí***, a d'fhéadfaí a dhreasú go míchuí chun tairiscintí áirithe meán ***fuaime nó*** closamhairc a roghnú thar chinn eile. Ba cheart an deis a bheith ag ***úsáideoirí seirbhísí meán fuaime nó closamhairc*** socruithe agus ***leagan amach réamhshocraithe a athrú, ar bhealach simplí soláimhsithe, lena n-áirítear cumraíocht seirbhísí meán closamhairc nó feidhmchlár lena gceadaítear d'úsáideoirí rochtain a fháil ar sheirbhísí den sórt sin, ar*** chomhéadan úsáideora ***nó ar ghléasanna*** lena rialaítear agus lena mbainistítear rochtain ar sheirbhísí meán closamhairc agus úsáid na seirbhísí sin, gan dochar do bhearta chun tosaíocht iomchuí seirbhísí meán closamhairc ar mhaithe leis an leas ginearálta a áirithiú, ***go háirithe bearta*** lena gcuirtear Airteagail 7a ***agus 7b*** de Threoir ***2010/13/AE*** chun feidhme, a dhéantar chun breithnithe dlisteanacha beartais phoiblí a shaothrú.

Leasú 51

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 37 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(37a) Tá méadú ag teacht ar na deacrachtaí a bhíonn ag úsáideoirí seirbhísí meán maidir le sainaithint a dhéanamh ar cé ar a bhfuil an fhreagracht eagarthóireachta as na seirbhísí meán a úsáideann siad, go háirithe nuair a bhíonn rochtain acu orthu trí ghléasanna nasctha, comhéadain úsáideora nó ardáin ar líne. Mura léirítear go soiléir an fhreagracht eagarthóireachta as ábhar nó seirbhísí na meán, mar shampla trí lógónna, trádmharcanna nó tréithe tréitheacha eile a shannadh nó a bhaint go mícheart, baintear an cumas d'úsáideoirí seirbhísí meán an fhaisnéis a fhaigheann siad a thuiscint agus a mheasúnú. Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh úsáideoirí seirbhísí meán in ann an soláthraí seirbhíse meán ar a bhfuil an fhreagracht eagarthóireachta as aon seirbhís meán ar leith ar gach gléas agus comhéadan úsáideora a shainaithint go héasca, agus rochtain ar sheirbhísí meán agus úsáid na seirbhísí sin a rialú nó a bhainistiú.

Leasú 52

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 37 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(37b) Tá seirbhísí meán closamhairc faoi réir oibleagáidí éagsúla chun spriocanna beartais phoiblí a chomhlíonadh amhail tacú le héagsúlacht chultúrtha agus timpeallacht meán iolraíoch. Tá sé bunriachtanach, dá bhrí sin, go ndearfaí gléasanna ar bhealach lena n-áiritheofar rochtain chothrom ar sheirbhísí meán closamhairc ina n-éagsúlacht uile, ó thaobh lucht féachana agus soláthraithe seirbhíse meán de araon. I ndáil leis sin, ba cheart aird ar leith a thabhairt ar thionchar roghanna monaróirí gléasanna maidir le dearadh cianrialtán. Dá bhrí sin, ba cheart eochaircheapa uimhriúla a bheith caighdeánach ar chianrialtáin teilifíse ionas nach mbeidh úsáideoirí ag brath gan údar ar chomhéadain úsáideora atá deartha ag monaróirí trealaimh.

Leasú 53

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 38

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(38) Is féidir le bearta éagsúla reachtacha, rialála nó riaracháin tionchar diúltach a imirt ***ar fheidhmiú*** soláthraithe seirbhíse meán sa mhargadh inmheánach. ***Áirítear orthu sin,*** mar shampla, rialacha chun teorainn a chur le húinéireacht cuideachtaí meán ag cuideachtaí eile atá gníomhach in earnáil na meán nó in earnálacha nach mbaineann leis na meáin; áirítear orthu freisin cinntí a bhaineann le ceadúnú, údarú nó réamhfhógra do sholáthraithe seirbhíse meán. Chun an tionchar diúltach a d'fhéadfadh a bheith acu ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh le haghaidh seirbhísí meán a mhaolú agus chun deimhneacht dhlíthiúil a fheabhsú, tá sé tábhachtach go gcomhlíonfaidh na bearta sin prionsabail an réasúnaithe oibiachtúil, na trédhearcachta, an neamh-idirdhealaithe agus na comhréireachta.	(38) Is féidir le bearta éagsúla reachtaíochta, rialála nó riaracháin difear diúltach a dhéanamh ***d'iolrachas na meán agus do neamhspleáchas eagarthóireachta*** na soláthraithe seirbhíse meán ***maidir le soláthar nó feidhmiú a seirbhísí meán*** sa mhargadh inmheánach. ***D'fhéadfadh foirmeacha éagsúla a bheith i gceist leis na bearta sin***, mar shampla, rialacha chun teorainn a chur le húinéireacht cuideachtaí meán ag cuideachtaí eile atá gníomhach in earnáil na meán nó in earnálacha nach mbaineann leis na meáin. Áirítear leo freisin cinntí a bhaineann le ceadúnú, ***amhail ceadúnais soláthraithe seirbhíse meán a chúlghairm, nó a athnuachan a chosc, nó ar bhealach ar bith bac nó teorainn a chur gan údar lena gcumas ábhar a chraoladh, a phriontáil nó a scaipeadh ar bhealach eile, agus cinntí a bhaineann*** le húdarú nó réamhfhógra do sholáthraithe seirbhíse meán. Chun maolú a dhéanamh ar an tionchar diúltach a d'fhéadfadh a bheith acu ***ar iolrachas na meán agus ar neamhspleáchas eagarthóireachta agus*** ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh do sheirbhísí meán agus chun deimhneacht dhlíthiúil a fheabhsú, tá sé tábhachtach ***go n-ioslaghdódh*** bearta den sórt sin ***an cur isteach ar ghníomhaíochtaí soláthraithe seirbhíse meán agus*** go gcomhlíonfaidh siad prionsabail an réasúnaithe oibiachtúil, na trédhearcachta, an neamh-idirdhealaithe agus na comhréireachta. ***Aon bhearta a dhéanann difear diúltach d'iolrachas na meán, do neamhspleáchas eagarthóireachta nó d'oibríochtaí soláthraithe seirbhíse meán, lena n-áirítear i gcás ina mbaineann siad le cur chun feidhme ghníomhartha dlí de chuid an Aontais amhail Treoir 2010/13/AE, ba cheart iad a chur in iúl do sholáthraithe seirbhíse meán i bhfad sula nglacfar iad chun aon chur isteach a d'fhéadfadh a bheith ann a chosc agus chun dóthain ama a thabhairt do sholáthraithe seirbhíse meán measúnú a dhéanamh ar thionchar na mbeart sin ar iolrachas na meán agus ar shaoirse eagarthóireachta. Níl sé d'aidhm ag an gceanglas bearta den sórt sin a chur in iúl difear a dhéanamh do bhearta náisiúnta lena gcuirtear Treoir 2010/13/AE chun feidhme, a mhéid nach ndéanann siad difear d'iolrachas na meán agus do neamhspleáchas eagarthóireachta, do bhearta náisiúnta arna nglacadh de bhun Airteagal 167 CFAE, do bhearta náisiúnta arna nglacadh chun saothair Eorpacha nó bearta náisiúnta a chur chun cinn, ar bearta iad a rialaítear ar shlí eile le rialacha maidir le Státchabhair.***

Leasú 54

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 39

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(39) Tá sé ríthábhachtach freisin go bhfuil sé de chumhacht ag an mBord tuairim a eisiúint, arna iarraidh sin ***don Choimisiún***, i gcás inar dócha go ndéanfaidh bearta náisiúnta difear d'fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh le haghaidh seirbhísí meán. Is amhlaidh atá, mar shampla, nuair atá beart riaracháin náisiúnta dírithe ar sholáthraí seirbhíse meán a sholáthraíonn a sheirbhísí i dtreo níos mó ná Ballstát amháin, nó nuair a bhíonn tionchar suntasach ag an soláthraí seirbhíse meán lena mbaineann ar thuairim an phobail a chruthú sa Bhallstát sin.	(39) Tá sé ríthábhachtach freisin go bhfuil sé de chumhacht ag an mBord tuairim a eisiúint, ***ar a thionscnamh féin nó arna*** iarraidh sin don ***Choimisiún nó do Pharlaimint na hEorpa***, i gcás inar dócha go ndéanfaidh bearta náisiúnta difear d'fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh do sheirbhísí na meán ***nó go mbeidh tionchar acu ar iolrachas na meán agus ar neamhspleáchas eagarthóireachta***. Is amhlaidh atá, mar shampla, nuair atá beart riaracháin náisiúnta dírithe ar sholáthraí seirbhíse meán a sholáthraíonn a sheirbhísí i dtreo níos mó ná Ballstát amháin, nó nuair a bhíonn tionchar suntasach ag an soláthraí seirbhíse meán lena mbaineann ar thuairim an phobail a chruthú sa Bhallstát sin. ***Ba cheart do sholáthraí seirbhíse meán, a ndéanann beart den sórt sin difear dóibh go leithleach agus go díreach, a bheith in ann a iarraidh ar an mBord tuairim a tharraingt suas maidir leis an mbeart sin.***

Leasú 55

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 40

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(40) Tá ról cinntitheach ag na meáin maidir le tuairimí an phobail a mhúnlú agus ***cuidiú*** le saoránaigh ***páirt a ghlacadh*** i bpróisis dhaonlathacha. Sin é an fáth ar cheart do na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le rialacha agus nósanna imeachta ***ina gcórais dlí féin chun a áirithiú*** go ndéanfar measúnú ar chomhchruinnithe i margadh na meán a bhféadfadh tionchar ***suntasach*** a bheith acu ar iolrachas na meán ***nó*** ar neamhspleáchas eagarthóireachta. Is féidir tionchar a bheith ag rialacha agus nósanna imeachta den sórt sin ar an tsaoirse seirbhísí meán a sholáthar sa mhargadh inmheánach agus ní mór iad a cheapadh i gceart agus a bheith trédhearcach, oibiachtúil, comhréireach agus neamh-idirdhealaitheach. Ba cheart a thuiscint go gcumhdaítear le comhchruinnithe i margadh na meán atá faoi réir rialacha den sórt sin na comhchruinnithe sin a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar eintiteas aonair seirbhísí meán a rialú nó leasanna suntasacha a bheith aige i seirbhísí meán a bhfuil tionchar substaintiúil acu ar thuairim an phobail a chruthú i margadh áirithe meán, laistigh d'fho-earnáil na meán nó ar fud earnálacha éagsúla meán i gceann amháin nó níos mó de na Ballstáit. Critéar tábhachtach atá le cur san áireamh is ea laghdú ar thuairimí iomaíocha laistigh den mhargadh sin mar thoradh ar an gcomhchruinniú.	(40) Tá ról cinntitheach ag na meáin maidir le tuairimí an phobail a mhúnlú agus maidir le saoránaigh ***a chumasú chun rochtain a fháil ar fhaisnéis ábhartha chun páirt a ghlacadh*** i bpróisis dhaonlathacha. Sin é an fáth ar cheart do na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le rialacha agus nósanna imeachta i ***ndlí náisiúnta chun a áirithiú*** go ndéanfar measúnú ***cáilíochta*** ar chomhchruinnithe margaidh meán a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar iolrachas na meán ***agus*** ar neamhspleáchas eagarthóireachta. Is féidir tionchar a bheith ag rialacha agus nósanna imeachta den sórt sin ar an tsaoirse seirbhísí meán a sholáthar sa mhargadh inmheánach agus ní mór iad a cheapadh i gceart agus a bheith trédhearcach, oibiachtúil, comhréireach agus neamh-idirdhealaitheach. Ba cheart a thuiscint go gcumhdaítear le comhchruinnithe margaidh meán atá faoi réir na rialacha sin na comhchruinnithe sin a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar eintiteas aonair a rialaíonn nó a bhfuil leasanna suntasacha acu i seirbhísí meán a bhfuil tionchar substaintiúil acu ar fhoirmiú tuairimí poiblí***, lena n-áirítear ardáin an-mhór ar líne ina n-iompraítear ábhar arna sholáthar ag soláthraithe seirbhíse meán a rialaíonn rochtain agus infheictheacht ar ábhar soláthraithe seirbhíse meán*** i margadh ar leith na meán, laistigh d'fho-earnáil na meán nó ar fud earnálacha éagsúla meán i gceann amháin nó níos mó de na Ballstáit. Critéar tábhachtach atá le cur san áireamh is ea laghdú ar thuairimí iomaíocha laistigh den mhargadh sin mar thoradh ar an gcomhchruinniú. ***Thairis sin, tá ról lárnach ag gníomhaithe áitiúla agus réigiúnacha i margadh na meán maidir le tuairimí an phobail a mhúnlú. Is gá, dá bhrí sin, inbhuanaitheacht éiceachóras meán áitiúil agus réigiúnach atá láidir, iolraíoch agus dea-mhaoinithe a chur san áireamh, go háirithe agus comhchruinnithe margaidh meán á meas. Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach foráil a dhéanamh maidir leis na rialacha agus na nósanna imeachta sin chun coinbhleachtaí leasa idir comhchruinnithe úinéireacht na meán agus cumhacht pholaitiúil a sheachaint, rud a dhéanann dochar don tsaoriomaíocht, don chothroime iomaíochta agus d'iolrachas na meán.***

Leasú 56

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 41

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(41) Ba cheart d'údaráis nó comhlachtaí rialála náisiúnta, a bhfuil saineolas sonrach acu i réimse iolrachas na meán, a bheith rannpháirteach sa mheasúnú ar an tionchar a imríonn comhchruinnithe i margadh na meán ar iolrachas na meán agus ar neamhspleáchas eagarthóireachta i gcás nach iad na húdaráis nó na comhlachtaí ainmnithe iad féin. Chun deimhneacht dhlíthiúil a chothú agus chun a áirithiú go mbeidh na rialacha agus na nósanna imeachta dírithe i ndáiríre ar iolrachas na meán agus neamhspleáchas eagarthóireachta a chosaint, tá sé fíor-riachtanach ***go*** leagfar amach critéir oibiachtúla, neamh-idirdhealaitheacha agus chomhréireacha chun fógra agus measúnú a dhéanamh ar an tionchar a imríonn comhchruinnithe i margadh na meán ar iolrachas na meán agus ar neamhspleáchas eagarthóireachta.	(41) Ba cheart d'údaráis nó ***comhlachtaí*** rialála náisiúnta, ***nó, i gcás inarb iomchuí*** comhlachtaí ***féinrialála***, a bhfuil saineolas sonrach acu i réimse iolrachas na meán, a bheith rannpháirteach ***go suntasach*** sa mheasúnú ar an tionchar a imríonn comhchruinnithe margaidh meán ar iolrachas na meán agus ar neamhspleáchas eagarthóireachta i gcás nach iad na húdaráis nó na comhlachtaí ainmnithe iad féin. Chun deimhneacht dhlíthiúil a chothú agus chun a áirithiú go mbeidh na rialacha agus na nósanna imeachta dírithe i ndáiríre ar iolrachas na meán agus neamhspleáchas eagarthóireachta a chosaint, tá sé fíor-riachtanach ***go*** leagfar amach roimh ré ***spriocdhátaí iomchuí agus*** critéir oibiachtúla, neamh-idirdhealaitheacha agus chomhréireacha chun fógra agus measúnú a dhéanamh ar an tionchar a imríonn comhchruinnithe margaidh meán ar iolrachas na meán agus ar neamhspleáchas eagarthóireachta.

Leasú 57

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 42

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(42) I gcás inarb é atá i gcomhchruinniú margaidh meán comhchruinniú a thagann faoi raon feidhme Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ([55]) ón gComhairle, níor cheart cur i bhfeidhm an Rialacháin seo ná aon riail nó nós imeachta arna nglacadh ag na Ballstáit ar bhonn an Rialacháin seo difear a dhéanamh do chur i bhfeidhm Airteagal 21(4) de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004. Aon bheart arna ghlacadh ag na húdaráis nó comhlachtaí rialála náisiúnta ainmnithe nó bainteacha, bunaithe ar a measúnú ar ***an tionchar a imríonn*** comhchruinnithe i margadh na meán ar iolrachas na meán agus ar neamhspleáchas eagarthóireachta, ba cheart dó a bheith dírithe dá bhrí sin ar leasanna dlisteanacha a chosaint de réir bhrí an tríú fomhír d'Airteagal 21(4) de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004, agus ba cheart iad a bheith i gcomhréir le prionsabail ghinearálta agus forálacha eile de dhlí an Aontais.	(42) I gcás inarb é atá i gcomhchruinniú margaidh meán comhchruinniú a thagann faoi raon feidhme Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ([55]) ón gComhairle, níor cheart cur i bhfeidhm an Rialacháin seo ná aon riail nó nós imeachta arna nglacadh ag na Ballstáit ar bhonn an Rialacháin seo difear a dhéanamh do chur i bhfeidhm Airteagal 21(4) de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004. Aon bheart arna ghlacadh ag na húdaráis nó comhlachtaí rialála náisiúnta ainmnithe nó bainteacha, bunaithe ar a measúnuithe ar chomhchruinnithe margaidh meán ***a bhféadfadh tionchar a bheith acu*** ar iolrachas na meán agus ar neamhspleáchas eagarthóireachta, ba cheart dó a bheith dírithe dá bhrí sin ar leasanna dlisteanacha a chosaint de réir bhrí an tríú fomhír d'Airteagal 21(4) de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004, agus ba cheart iad a bheith i gcomhréir le prionsabail ghinearálta agus forálacha eile de dhlí an Aontais.

([55]) Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle an 20 Eanáir 2004 maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais (Rialachán um Chumaisc CE) (IO L 24, 29.1.2004, lch. 1).

([55]) Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle an 20 Eanáir 2004 maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais (Rialachán um Chumaisc CE) (IO L 24, 29.1.2004, lch. 1).

Leasú 58

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 43

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(43) Ba cheart an chumhacht a thabhairt don Bhord tuairimí a thabhairt maidir le dréachtchinntí nó dréacht-tuairimí ó na húdaráis nó na comhlachtaí rialála náisiúnta atá ainmnithe nó bainteacha, i gcás ina bhféadfadh na comhchruinnithe infhógartha difear a dhéanamh d'fheidhmiú mhargadh inmheánach na meán. B'amhlaidh a bheadh, mar shampla, i gcás ina mbaineann comhchruinnithe den sórt sin le gnóthas amháin ar a laghad atá bunaithe i mBallstát eile nó atá ag feidhmiú i níos mó ná Ballstát amháin nó ina mbeadh tionchar suntasach ag soláthraithe seirbhíse meán ar thuairimí an phobail a chruthú i margadh meán ar leith. Thairis sin, i gcás nach ndearna na húdaráis nó na comhlachtaí náisiúnta ábhartha measúnú ar an gcomhchruinniú maidir lena thionchar ar iolrachas na meán agus ar neamhspleáchas eagarthóireachta, nó i gcás nach mbeidh na húdaráis nó na comhlachtaí rialála náisiúnta tar éis dul i gcomhairle leis an mBord maidir le comhchruinniú ar leith i margadh na meán, ach go meastar gur dócha go ndéanfaidh an comhchruinniú sin i margadh na meán difear d'fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh le haghaidh seirbhísí meán, ba cheart don Bhord a bheith in ann tuairim a thabhairt, arna iarraidh sin don Choimisiún. In aon chás, tá an deis ag an gCoimisiún a thuairimí féin a eisiúint i ndiaidh na dtuairimí a tharraingeoidh an Bord suas.	(43) Ba cheart an chumhacht a thabhairt don Bhord tuairimí a thabhairt maidir le dréachtchinntí nó dréacht-tuairimí ó na húdaráis nó na comhlachtaí rialála náisiúnta atá ainmnithe nó bainteacha, i gcás ina bhféadfadh na comhchruinnithe infhógartha difear a dhéanamh d'fheidhmiú mhargadh inmheánach na meán. B'amhlaidh a bheadh, mar shampla, i gcás ina mbaineann comhchruinnithe den sórt sin le gnóthas amháin ar a laghad atá bunaithe i mBallstát eile nó atá ag feidhmiú i níos mó ná Ballstát amháin nó ina mbeadh tionchar suntasach ag soláthraithe seirbhíse meán ar thuairimí an phobail a chruthú i margadh meán ar leith. Thairis sin, i gcás nach ndearna na húdaráis nó na comhlachtaí náisiúnta ábhartha measúnú ar an gcomhchruinniú maidir lena thionchar ar iolrachas na meán agus ar neamhspleáchas eagarthóireachta, nó i gcás nach mbeidh na húdaráis nó na comhlachtaí rialála náisiúnta tar éis dul i gcomhairle leis an mBord maidir le comhchruinniú margaidh meán ar leith, ach go meastar gur dócha go ndéanfaidh an comhchruinniú margaidh meán sin difear d'fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh le haghaidh seirbhísí meán, ba cheart don Bhord a bheith in ann tuairim a thabhairt, ***ar a thionscnamh féin nó*** arna iarraidh sin don Choimisiún. In aon chás, tá an deis ag an gCoimisiún a thuairimí féin a eisiúint i ndiaidh na dtuairimí a tharraingeoidh an Bord suas.

Leasú 59

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 44

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(44) D'fhonn margaí iolraíocha meán a áirithiú, ba cheart do na húdaráis nó do na comhlachtaí náisiúnta agus don Bhord sraith critéar a chur san áireamh. Ba cheart, go háirithe, an tionchar ar iolrachas na meán a mheas, lena n-áirítear go háirithe an éifeacht ar thuairim an phobail a fhoirmiú, agus an timpeallacht ar líne á cur san áireamh. An tráth céanna, ba cheart breithniú a dhéanamh ar cé acu a bheadh nó nach mbeadh asraonta meán eile, a sholáthraíonn inneachar éagsúil agus malartach, fós sa mhargadh nó sna margaí áirithe tar éis chomhchruinniú mhargadh na meán atá i gceist. Ba cheart a áireamh sa mheasúnú ar choimircí le haghaidh neamhspleáchas eagarthóireachta scrúdú ar na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann ar chur isteach míchuí ón úinéir ionchasach, ó struchtúr bainistíochta nó rialachais i gcinntí eagarthóireachta aonair an eintitis a fuarthas nó an eintitis chumaiscthe. Ba cheart na coimircí inmheánacha atá ann cheana nó atá beartaithe a chur san áireamh freisin arb é is aidhm dóibh neamhspleáchas na gcinntí eagarthóireachta aonair laistigh de na gnóthais meán lena mbaineann a chaomhnú. Agus measúnú á dhéanamh ar na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ann, ba cheart breithniú a dhéanamh freisin ar éifeachtaí an chomhchruinnithe atá i gceist ar inbhuanaitheacht eacnamaíoch an eintitis nó na n-eintiteas atá faoi réir an chomhchruinnithe agus, in éagmais an chomhchruinnithe, an mbeidís inbhuanaithe ó thaobh an gheilleagair de, sa chiall go mbeidís in ann leanúint de sheirbhísí meán ardcháilíochta atá inmharthana ó thaobh airgeadais de, a bhfuil acmhainní leordhóthanacha acu agus atá oiriúnaithe ó thaobh na teicneolaíochta de sa mhargadh a sholáthar agus a fhorbairt a thuilleadh.	(44) D'fhonn margaí iolraíocha meán a áirithiú, ba cheart do na húdaráis nó do na comhlachtaí náisiúnta agus don Bhord sraith critéar a chur san áireamh. Ba cheart, go háirithe, an tionchar ar iolrachas na meán a mheas, lena n-áirítear go háirithe an éifeacht ar thuairim an phobail a fhoirmiú, agus an timpeallacht ar líne á cur san áireamh. An tráth céanna, ba cheart breithniú a dhéanamh ar cé acu a bheadh nó nach mbeadh asraonta meán eile, a sholáthraíonn inneachar éagsúil agus malartach, fós sa mhargadh nó sna margaí áirithe tar éis chomhchruinniú mhargadh na meán atá i gceist. Ba cheart a áireamh sa mheasúnú ar choimircí le haghaidh neamhspleáchas eagarthóireachta scrúdú ar na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann ar chur isteach míchuí ón úinéir ionchasach, ó struchtúr bainistíochta nó rialachais i gcinntí eagarthóireachta an eintitis a fuarthas nó an eintitis chumaiscthe. Ba cheart na coimircí inmheánacha atá ann cheana nó atá beartaithe a chur san áireamh freisin arb é is aidhm dóibh neamhspleáchas na gcinntí eagarthóireachta laistigh de na gnóthais meán lena mbaineann a chaomhnú. ***Thairis sin, ba cheart torthaí thuarascálacha bliantúla an Choimisiúin maidir leis an smacht reachta a chuirtear i láthair sna caibidlí maidir le saoirse an phreasa agus an measúnú riosca a dhéantar go bliantúil trí chleachtaí faireacháin ar na meáin a chur san áireamh agus an timpeallacht fhoriomlán do na meáin agus éifeachtaí chomhchruinniú mhargadh na meán atá i gceist maidir le hiolrachas na meán agus neamhspleáchas eagarthóireachta á gcinneadh.*** Agus measúnú á dhéanamh ar na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ann, ba cheart breithniú a dhéanamh freisin ar éifeachtaí an chomhchruinnithe atá i gceist ar inbhuanaitheacht eacnamaíoch an eintitis nó na n-eintiteas atá faoi réir an chomhchruinnithe agus, in éagmais an chomhchruinnithe, an mbeidís inbhuanaithe ó thaobh an gheilleagair de, sa chiall go mbeidís in ann leanúint de sheirbhísí meán ardcháilíochta atá inmharthana ó thaobh airgeadais de, a bhfuil acmhainní leordhóthanacha acu agus atá oiriúnaithe ó thaobh na teicneolaíochta de sa mhargadh a sholáthar agus a fhorbairt a thuilleadh.

Leasú 60

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 45

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(45) Bíonn tionchar díreach ag tomhas an phobail meáin ar leithdháileadh agus praghsanna fógraíochta, ar príomhfhoinse ioncaim d'earnáil na meán é. Is uirlis ríthábhachtach é chun meastóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht ábhar na meán agus chun roghanna an phobail meáin a thuiscint chun táirgeadh inneachair amach anseo a phleanáil. Dá réir sin, ba cheart gníomhaithe i margadh na meán, go háirithe soláthraithe seirbhíse meán agus fógróirí, a bheith in ann brath ar shonraí oibiachtúla maidir le pobal meáin a eascraíonn as réitigh thrédhearcacha neamhchlaonta infhíoraithe chun pobal meáin a thomhas. Mar sin féin, cuireann gníomhaithe nua áirithe a tháinig chun cinn in éiceachóras na meán a gcuid seirbhísí tomhais féin ar fáil gan faisnéis a chur ar fáil maidir lena modheolaíochtaí. D'fhéadfadh neamhshiméadrachtaí faisnéise i measc gníomhaithe i margadh na meán agus saobhadh féideartha ar an margadh a bheith mar thoradh air sin, rud a dhéanfadh dochar don chomhionannas deiseanna le haghaidh soláthraithe seirbhíse meán sa mhargadh.	(45) Bíonn tionchar díreach ag tomhas an phobail meáin ar leithdháileadh agus praghsanna fógraíochta, ar príomhfhoinse ioncaim d'earnáil na meán é. Is uirlis ríthábhachtach é chun meastóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht ábhar na meán agus chun roghanna an phobail meáin a thuiscint chun táirgeadh inneachair amach anseo a phleanáil. Dá réir sin, ba cheart do ghníomhaithe i margadh na meán, go háirithe soláthraithe seirbhíse meán agus fógróirí, a bheith in ann brath ar shonraí oibiachtúla ***agus inchomparáide*** maidir le pobal meáin a eascraíonn as réitigh thrédhearcacha neamhchlaonta infhíoraithe chun pobal meáin a thomhas. ***Ba cheart go gcomhlíonfadh na réitigh sin rialacha an Aontais maidir le cosaint sonraí agus príobháideachas.*** Mar sin féin, cuireann gníomhaithe nua áirithe a tháinig chun cinn in éiceachóras na meán, ***amhail ardáin an-mhór ar líne***, a seirbhísí tomhais ***dílseánaigh*** ar fáil gan faisnéis maidir lena modheolaíochtaí a chur ar fáil. D'fhéadfadh ***pobal meán nach bhfuil inchomparáide,*** neamhshiméadrachtaí faisnéise i measc gníomhaithe i margadh na meán agus saobhadh féideartha ar an margadh a bheith mar thoradh air sin, rud a dhéanfadh dochar don chomhionannas deiseanna le haghaidh soláthraithe seirbhíse meán sa mhargadh.

Leasú 61

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 46

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(46) Chun feabhas a chur ar infhíoraitheacht agus iontaofacht na modheolaíochtaí tomhaiste ar phobal meáin, go háirithe ar líne, ba cheart oibleagáidí trédhearcachta a leagan síos do sholáthraithe córas tomhaiste pobail meán nach gcloíonn leis na tagarmharcanna tionscail a comhaontaíodh laistigh de na comhlachtaí féinrialála ábhartha. Faoi na hoibleagáidí sin, ba cheart do na gníomhaithe sin, nuair a iarrtar sin orthu agus a mhéid is féidir, faisnéis a chur ar fáil d'fhógróirí agus do sholáthraithe seirbhíse meán nó do pháirtithe atá ag gníomhú thar a gceann, ar faisnéis í ina ndéantar cur síos ar na modheolaíochtaí a úsáidtear chun an pobal meáin a thomhas. D'fhéadfadh a bheith i gceist le faisnéis den sórt sin eilimintí a sholáthar, amhail méid an tsampla a thomhaistear, sainmhíniú na dtáscairí a thomhaistear, na méadrachtaí, na modhanna tomhais agus an lamháil earráide chomh maith leis an tréimhse tomhais. Tá na hoibleagáidí a fhorchuirtear faoin Rialachán seo gan dochar d'aon oibleagáid a bhfuil feidhm aici maidir le soláthraithe seirbhísí chun an pobal meáin a thomhas faoi Rialachán 2019/1150 nó Rialachán (AE) 2022/XX [an Gníomh um Margaí Digiteacha], lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le rangú nó féintosaíocht.	(46) Chun feabhas a chur ar infhíoraitheacht***, inchomparáideacht*** agus iontaofacht na modheolaíochtaí tomhaiste ar phobal meáin, go háirithe ar líne, ba cheart oibleagáidí trédhearcachta a leagan síos do sholáthraithe córas tomhaiste pobail meán nach gcloíonn leis na tagarmharcanna tionscail a comhaontaíodh laistigh de na comhlachtaí féinrialála ábhartha. ***I bprionsabal, ba cheart an pobal meán a thomhas i gcomhréir le sásraí féinrialála tionscail a nglactar leo go forleathan.*** Faoi na hoibleagáidí sin, ba cheart do na gníomhaithe sin, nuair a iarrtar sin orthu agus a mhéid is féidir, faisnéis a chur ar fáil d'fhógróirí agus do sholáthraithe seirbhíse meán nó do pháirtithe atá ag gníomhú thar a gceann, ar faisnéis í ina ndéantar cur síos ar na modheolaíochtaí a úsáidtear chun an pobal meáin a thomhas. D'fhéadfadh a bheith i gceist le faisnéis den sórt sin eilimintí a sholáthar, amhail méid an tsampla a thomhaistear, sainmhíniú na dtáscairí a thomhaistear, na méadrachtaí, na modhanna tomhais agus an lamháil earráide, leis an tréimhse tomhais ***agus cumhdach an tomhais***. ***Ina theannta sin, ba cheart do sholáthraithe córas tomhaiste an phobail meán sonraí anaithnidithe, lena n-áirítear sonraí neamh-chomhiomlánaithe, a sholáthar do sholáthraithe seirbhíse meán, i bhfoirm atá caighdeánach don tionscal agus inchomparáide. Ba cheart do shonraí den sórt sin a bheith chomh gráinneach ar a laghad le sonraí ó shásraí aitheanta féinrialála an tionscail.*** Tá na hoibleagáidí a fhorchuirtear faoin Rialachán seo gan dochar ***do cheart an phobail meáin cosaint a fháil do shonraí pearsanta a bhaineann leo dá bhforáiltear in Airteagal 8 den Chairt agus Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*** ***([1a])*** agus d'aon oibleagáidí a bhfuil feidhm acu maidir le soláthraithe seirbhísí tomhais an phobail meáin faoi Rialachán (AE) ***2019/1150 nó (AE) 2022/1925***, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le rangú nó féintosaíocht ***nó le cosaint rún trádála gnóthas mar a shainmhínítear in Airteagal 2 de Threoir (AE) 2016/943.***

([1a]) Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

Leasú 62

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 47

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(47) Is féidir le cóid iompair, arna dtarraingt suas ag soláthraithe córas chun an pobal meáin a thomhas nó ag eagraíochtaí nó comhlachais a dhéanann ionadaíocht orthu, rannchuidiú le cur i bhfeidhm éifeachtach an Rialacháin seo agus ba cheart, dá bhrí sin, iad a spreagadh. Baineadh úsáid as féinrialáil cheana féin chun caighdeáin ardcháilíochta a chothú sa réimse a bhaineann le pobal meáin a thomhas. D'fhéadfaí breathnú ar an bhforbairt bhreise sin mar uirlis éifeachtach don tionscal chun teacht ar chomhaontú maidir leis na réitigh phraiticiúla is gá chun a áirithiú go gcomhlíonfar prionsabail na trédhearcachta, na neamhchlaontachta, na cuimsitheachta, na comhréireachta, an neamh-idirdhealaithe agus na hinfhíoraitheachta i gcomhréir leis na modheolaíochtaí a ghabhann leo. Agus cóid iompair den sórt sin á dtarraingt suas, i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara ábhartha uile agus go háirithe le soláthraithe seirbhíse meán, d'fhéadfaí aird a thabhairt go háirithe ar dhigitiú méadaitheach earnáil na meán agus ar an gcuspóir go mbainfí cothroime iomaíochta amach i measc gníomhaithe i margadh na meán.	(47) Maidir le cóid iompair, arna dtarraingt suas ag soláthraithe córas chun an pobal meáin a thomhas nó ag eagraíochtaí nó comhlachais a dhéanann ionadaíocht orthu, ***in éineacht le soláthraithe seirbhíse meán, a n-eagraíochtaí ionadaíocha, ardáin ar líne agus geallsealbhóirí ábhartha eile,*** is féidir leo rannchuidiú le cur i bhfeidhm éifeachtach an Rialacháin seo gus ba cheart, dá bhrí sin, iad a spreagadh. Baineadh úsáid as ***sásraí féinrialála a aithnítear go forleathan i dtionscal na meán cheana féin*** chun caighdeáin ardcháilíochta a chothú i réimse thomhas an phobail meáin. ***Thairis sin, is féidir le sásraí féinrialála den sórt sin, ar a dtugtar comhchoistí tionscail, a áirithiú go ndéantar an pobal meáin a thomhas ar bhealach neamhchlaonta agus go bhfuil sonraí maidir le tomhas an phobail meáin inchomparáide. D'fhéadfadh úsáid neamhréireach sásraí den sórt sin i measc na mBallstát tionchar diúltach a imirt ar fhógraíocht. Ba cheart, dá bhrí sin, glacadh na sásraí sin a chur chun cinn ar an leibhéal náisiúnta.*** D'fhéadfaí féachaint ar ***shásraí féinrialála a fhorbairt tuilleadh, lena n-áirítear le cúnamh ó údaráis nó ó chomhlachtaí rialála náisiúnta,*** mar uirlis éifeachtach don tionscal chun teacht ar chomhaontú maidir leis na réitigh phraiticiúla is gá chun a áirithiú go gcomhlíonann na córais chun an pobal meáin a thomhas agus a modheolaíochtaí prionsabail na trédhearcachta, na neamhchlaontachta, na cuimsitheachta, na comhréireachta, an neamh-idirdhealaithe,***na hinchomparáideachta*** agus na hinfhíoraitheachta. Agus cóid iompair den sórt sin á dtarraingt suas, i gcomhairle leis na geallsealbhóirí ábhartha uile agus go háirithe le soláthraithe seirbhíse meán, d'fhéadfaí aird a thabhairt go háirithe ar dhigitiú méadaitheach earnáil na meán agus ar an gcuspóir go mbainfí cothroime iomaíochta amach i measc gníomhaithe i margadh na meán.

Leasú 63

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 48

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(48) Is foinse thábhachtach ioncaim í an fhógraíocht stáit do go leor soláthraithe seirbhísí meán, rud a chuireann lena n-inbhuanaitheacht eacnamaíoch. Ní mór rochtain air a dheonú ar bhealach neamh-idirdhealaitheach d'aon soláthraí seirbhíse meán ó aon Bhallstát atá in ann roinnt de na daoine ábhartha den phobal, nó iad ar fad, a shroicheadh go leordhóthanach, chun comhdheiseanna a áirithiú sa mhargadh inmheánach. Thairis sin, d'fhéadfadh sé go bhfágfadh fógraíocht Stáit go mbeadh soláthraithe seirbhíse meán leochaileach do thionchar míchuí stáit chun aimhleasa na saoirse seirbhísí agus cearta bunúsacha a sholáthar. Dá bhrí sin, is uirlis chumhachtach é leithdháileadh fógraíochta stáit ar bhealach teimhneach claonta chun tionchar a imirt ar sholáthraithe seirbhíse meán nó iad a 'ghabháil'. Déantar dáileadh agus trédhearcacht na fógraíochta stáit a rialáil trí chreat ilroinnte de bhearta a bhaineann go sonrach leis na meáin agus trí dhlíthe ginearálta soláthair phoiblí, ar creat é a bhféadfadh sé nach gcumhdófaí leis, áfach, gach caiteachas fógraíochta stáit ná nach soláthródh sé cosaint leordhóthanach ar dháileadh fabhrach nó claonta. Go háirithe, níl feidhm ag Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([56]) maidir le conarthaí seirbhíse poiblí chun ábhar clár atá ceaptha do sheirbhísí meán closamhairc nó do sheirbhísí meán raidió a fháil, a fhorbairt, a léiriú nó a chomhléiriú. Tá difríochtaí suntasacha idir na rialacha a bhaineann go sonrach leis na meáin maidir le fógraíocht stáit, i gcás inarb ann dóibh, ó Bhallstát amháin go Ballstát eile.	(48) Is foinse thábhachtach ioncaim ***iad cistí poiblí chun críocha na fógraíochta stáit agus an cheannacháin*** stáit do go leor soláthraithe seirbhíse meán, ***soláthraithe ardán ar líne agus soláthraithe inneall cuardaigh ar líne,*** rud a chuireann lena n-inbhuanaitheacht eacnamaíoch. Ní mór rochtain ***ar na cistí sin*** a dheonú ar bhealach neamh-idirdhealaitheach d'aon soláthraí seirbhíse meán***, d'aon soláthraí ardán ar líne agus d'aon soláthraí inneall cuardaigh ar líne*** ó aon Bhallstát atá in ann roinnt de na daoine ábhartha den phobal, nó iad ar fad, a shroicheadh go leordhóthanach, chun comhdheiseanna a áirithiú sa mhargadh inmheánach. Thairis sin, ***maidir le cistí poiblí chun críocha na fógraíochta stáit agus ceannacháin ó eintitis atá cleamhnaithe leis an Stát amhail cuideachtaí atá faoi úinéireacht an Stáit, go háirithe i bhfoirm earraí nó seirbhísí a mhaoiniú nó a cheannach,*** féadfaidh soláthraithe seirbhíse meán a bheith leochaileach ó thaobh tionchar míchuí stáit ***nó leasanna páirteacha*** chun dochair don tsaoirse seirbhísí agus cearta bunúsacha a sholáthar. Dá bhrí sin, is uirlis chumhachtach é leithdháileadh doiléir claonta ***cistí poiblí chun críocha na fógraíochta stáit agus an cheannacháin stáit*** chun tionchar a imirt ar ***shaoirse eagarthóireachta soláthraithe seirbhíse meán, chun soláthraithe seirbhísí meán*** a 'ghabháil' ***nó chun soláthraithe seirbhísí meán a gabhadh go polaitiúil a fhóirdheonú nó a mhaoiniú faoi cheilt chun buntáiste polaitiúil nó tráchtála éagothrom a fháil nó chun cumhdach fabhrach***

([56]) Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 65).

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	a fháil. Sin é an fáth, chun aghaidh a thabhairt ar chásanna den sórt sin, nár cheart go mbeadh na cistí poiblí a leithdháiltear, chun críocha na fógraíochta stáit a stiúrann údarás poiblí nó fiontar atá faoi rialú an Stáit nó atá faoi úinéireacht an Stáit, ar sholáthraí aonair seirbhíse meán, ar sholáthraí aonair ardáin ar líne nó ar sholáthraí aonair innill chuardaigh ar líne, níos mó ná 15 % den mhéid iomlán a leithdháileann an t-údarás poiblí sin, an fiontar sin atá faoi rialú an Stáit nó atá faoi úinéireacht an Stáit, ar fhógraíocht stáit chuig iomlán na soláthraithe seirbhíse meán atá ag feidhmiú ar an leibhéal náisiúnta. Déantar dáileadh agus trédhearcacht ***na gcistí poiblí chun críocha*** na fógraíochta stáit ***agus an cheannacháin stáit*** a rialáil i roinnt cásanna trí chreat ilroinnte de bhearta a bhaineann go sonrach leis na meáin agus trí dhlíthe ginearálta soláthair phoiblí, ***nach*** solathraíonn cosaint leordhóthanach ar dháileadh fabhrach nó claonta. ***Is féidir leis sin neamhshiméadracht faisnéise a chruthú, rioscaí a mhéadú do ghníomhaithe i margadh na meán agus tionchar diúltach a imirt ar ghníomhaíocht eacnamaíoch trasteorann. Mar shampla, trí chistí poiblí a dhíriú ar eagraíochtaí meán atá ar son an rialtais nó chun cumhdach fabhrach meán a fháil trí chaiteachas poiblí, déantar iomaíocht a shaobhadh agus díspreagtar infheistíochtaí sa mhargadh inmheánach agus déantar dochar don iomaíocht chóir laistigh d'éiceachóras mhargadh na meán.*** Go háirithe, níl feidhm ag Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([56]) maidir le conarthaí seirbhíse poiblí chun ábhar clár atá ceaptha do sheirbhísí meán closamhairc nó do sheirbhísí meán raidió a fháil, a fhorbairt, a léiriú nó a chomhléiriú. Tá difríochtaí suntasacha idir rialacha a bhaineann go sonrach ***leis na meáin maidir le cistí poiblí chun críocha fógraíochta stáit agus ceannacháin*** stáit, i gcás inarb ann dóibh, ó Bhallstát amháin go Ballstát eile.

([56]) Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 65).

Leasú 64

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 49

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(49) Chun iomaíocht neamhshaofa idir soláthraithe seirbhíse meán a áirithiú agus chun an baol go mbeadh fóirdheontais faoi cheilt agus tionchar míchuí polaitiúil ar na meáin a sheachaint, is gá ceanglais choiteanna maidir le trédhearcacht, oibiachtúlacht, comhréireacht agus neamh-idirdhealú a bhunú i ndáil le fógraíocht stáit agus acmhainní stáit a leithdháileadh ar sholáthraithe seirbhíse meán chun earraí nó seirbhísí a cheannach uathu seachas fógraíocht stáit, lena n-áirítear an ceanglas maidir le faisnéis a fhoilsiú faoi thairbhithe caiteachais fógraíochta stáit agus faoi na méideanna a chaitear. Tá sé tábhachtach go gcuirfidh na Ballstáit an fhaisnéis is gá a bhaineann le fógraíocht stáit ar fáil go poiblí i bhformáid leictreonach atá éasca a fheiceáil, a rochtain agus a íoslódáil, i gcomhréir le rialacha an Aontais agus rialacha náisiúnta maidir le rúndacht tráchtála. Ní dhéanfaidh an Rialachán seo difear do chur i bhfeidhm na rialacha maidir le Státchabhair, a chuirtear i bhfeidhm de réir an cháis.	(49) Chun iomaíocht neamhshaofa idir soláthraithe seirbhíse meán a áirithiú agus chun an riosca a bhaineann le fóirdheontais faoi cheilt agus tionchar polaitiúil míchuí ar na meáin a sheachaint, is gá ceanglais choiteanna maidir le trédhearcacht, oibiachtúlacht, comhréireacht agus neamh-idirdhealú a bhunú i leithdháileadh ***cistí poiblí chun críocha na fógraíochta stáit*** agus an***cheannacháin stáit*** ar sholáthraithe seirbhíse meán, ar ***sholáthraithe ardán ar líne nó ar sholáthraithe inneall cuardaigh ar líne i gcomhréir le Rialachán (AE) 2022/2065,*** lena n-áirítear an ceanglas faisnéis a fhoilsiú faoi thairbhithe ***cistí poiblí chun críocha na fógraíochta agus an cheannacháin stáit agus*** faoi na méideanna a chaitear. ***Dá bhrí sin, is gá d'údaráis nó comhlachtaí rialála náisiúnta faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar leithdháileadh cistí poiblí chun críocha na fógraíochta stáit agus an cheannacháin stáit ar sholáthraithe seirbhíse meán, ar sholáthraithe ardán ar líne agus ar sholáthraithe inneall cuardaigh ar líne. I gcás ina n-iarrfaidh údaráis nó comhlachtaí rialála náisiúnta é, ba cheart d'údaráis phoiblí agus d'eintitis atá cleamhnaithe leis an stát an fhaisnéis bhreise a sholáthar dóibh a bhfuil gá léi chun measúnú a dhéanamh ar chruinneas na faisnéise a fhoilsítear agus ar chur i bhfeidhm na gcritéar agus na nósanna imeachta a úsáidtear do chistí poiblí stáit den sórt sin.*** Tá sé tábhachtach go gcuirfidh ***an tAontas*** agus na Ballstáit an fhaisnéis is gá a bhaineann le ***cistí poiblí chun críocha*** na fógraíocht stáit ***agus an cheannacháin stáit*** ar fáil go poiblí i bhformáid leictreonach atá éasca a fheiceáil, a rochtain agus a íoslódáil, i gcomhréir le rialacha an Aontais agus rialacha náisiúnta maidir le rúndacht tráchtála. ***Thairis sin, is gá tuarascálacha atá sothuigthe agus ar fáil go poiblí a chruthú chun an fhaisnéis uile a bhailiú maidir le leithdháileadh cistí poiblí chun críocha na fógraíochta stáit agus an cheannacháin arna soláthar ag soláthraithe seirbhíse meán, soláthraithe ardán ar líne agus soláthraithe inneall cuardaigh ar líne. Ba cheart forléargas bliantúil a thabhairt sna tuarascálacha sin ar mhéid iomlán na gcistí poiblí chun críocha na fógraíochta stáit agus an cheannacháin ó eintitis Stáit, lena n-áirítear ó thríú tíortha, arna leithdháileadh ar gach soláthraí seirbhíse meán, soláthraí ardán ar líne agus soláthraí inneall cuardaigh ar líne. Ba cheart don Bhord treoir a thabhairt do na húdaráis nó do na comhlachtaí rialála náisiúnta maidir le tuairisciú ar leithdháileadh cistí poiblí chun críocha na fógraíocht agus an cheannacháin stáit.*** Ní dhéanfaidh an Rialachán seo difear do chur i bhfeidhm na rialacha maidir le Státchabhair, a chuirtear i bhfeidhm de réir an cháis.

Leasú 65

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 49 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(49a) Is bealach riachtanach iad teachtaireachtaí éigeandála ó údaráis phoiblí chun an pobal i gcoitinne a chur ar an eolas faoi rioscaí i gcás tubaiste nádúrtha nó sláinte, timpiste nó aon mhórtheagmhas tobann eile gan choinne a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do chodanna móra den daonra. D'fhéadfadh géarchéimeanna leochaileachtaí nua a chruthú nó leochaileachtaí atá ann cheana a dhéanamh níos measa in earnáil na meán. Sa chomhthéacs sin, dá ndéanfaí acmhainní Stáit a leithdháileadh chun teachtaireachtaí éigeandála a tharchur, d'fhéadfadh soláthraithe seirbhíse meán a bheith leochaileach do thionchar míchuí Stáit chun dochair do chearta bunúsacha agus don tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar. De réir mar atá éigeandálaí ag tarlú níos mó is níos mó ar bhonn trasteorann, tá na rialacha maidir le leithdháileadh acmhainní Stáit éagsúil ó Bhallstát amháin go Ballstát eile, rud a chruthaíonn ilroinnt agus éiginnteacht dhlíthiúil i margadh inmheánach na meán. Dá bhrí sin, maidir le leithdháiltí den sórt sin ar soláthraithe seirbhíse meán, ar soláthraithe ardán ar líne agus ar soláthraithe inneall cuardaigh ar líne, ba cheart na rialacha comhchuibhithe céanna a leanúint agus atá i bhfeidhm maidir le cistí poiblí chun críocha na fógraíochta agus an cheannacháin. Mar sin féin, agus aitheantas á thabhairt don phráinn a bhaineann le bearta a dhéanamh le linn géarchéime, ba cheart feidhm a bheith ag forálacha speisialta, lena gceadófaí d'údaráis stáit, d'fhiontair agus d'eintitis atá faoi úinéireacht nó faoi rialú an stáit na hoibleagáidí maidir le trédhearcacht agus tuairisciú a chomhlíonadh a luaithe a thiocfaidh deireadh leis an ngéarchéim.

Leasú 66

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 50

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(50) Rioscaí a ghabhann le feidhmiú agus athléimneacht mhargadh inmheánach na meán, ba cheart faireachán a dhéanamh orthu go tráthrialta mar chuid de na hiarrachtaí chun feabhas a chur ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh le haghaidh seirbhísí meán. Ba cheart é a bheith d'aidhm ag an bhfaireachán sin sonraí mionsonraithe agus measúnuithe cáilíochtúla a sholáthar maidir le hathléimneacht an mhargaidh inmheánaigh le haghaidh seirbhísí meán, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann lena mhéad atá an margadh comhchruinnithe ar an leibhéal náisiúnta agus réigiúnach agus na rioscaí a bhaineann le cúbláil faisnéise agus cur isteach ar fhaisnéis ag páirtithe eachtracha. Ba cheart é a dhéanamh go neamhspleách, ar bhonn liosta láidir de phríomhtháscairí feidhmíochta, arna fhorbairt agus arna thabhairt cothrom le dáta go rialta ag an gCoimisiún, i gcomhairle leis an mBord. I bhfianaise chineál na rioscaí agus na bhforbairtí teicneolaíocha atá ag teacht chun cinn go tapa i margadh inmheánach na meán, ba cheart a áireamh san fhaireachán cleachtaí réamhbhreathnaitheacha amhail tástálacha struis chun athléimneacht ionchasach mhargadh inmheánach na meán a mheas, chun aird a thabhairt ar leochaileachtaí maidir le hiolrachas na meán agus neamhspleáchas eagarthóireachta, agus chun cuidiú le hiarrachtaí chun rialachas, cáilíocht sonraí agus bainistiú riosca a fheabhsú. Go háirithe, ba cheart a chumhdach leis an bhfaireachán leibhéal na gníomhaíochta agus na hinfheistíochta trasteorann, an chomhair rialála agus an chóineasaithe i rialáil na meán, bacainní ar sholáthar seirbhísí meán, lena n-áirítear i dtimpeallacht dhigiteach, chomh maith le trédhearcacht agus cothroime maidir le hacmhainní eacnamaíocha a leithdháileadh i margadh inmheánach na meán. Ba cheart breathnú freisin ar threochtaí níos leithne i margadh inmheánach na meán agus i margaí náisiúnta na meán chomh maith le reachtaíocht náisiúnta a dhéanann difear do sholáthraithe seirbhísí meán. Ina theannta sin, ba cheart forléargas a thabhairt san fhaireachán ar na bearta a rinne soláthraithe seirbhíse meán d'fhonn neamhspleáchas cinntí eagarthóireachta aonair a ráthú, lena n-áirítear na cinntí sin a mholtar sa Mholadh a ghabhann leis seo. Chun na caighdeáin is airde maidir le faireachán den sórt sin a áirithiú, ba cheart don Bhord a bheith rannpháirteach go cuí, ós rud é go dtugann sé le chéile eintitis a bhfuil saineolas speisialaithe ar mhargaí na meán acu.	(50) Rioscaí a ghabhann le feidhmiú agus athléimneacht mhargadh inmheánach na meán***, lena n-áirítear rioscaí go ndéanfaí cúbláil nó cur isteach ar fhaisnéis,*** ba cheart faireachán a dhéanamh orthu go tráthrialta mar chuid de na hiarrachtaí chun feabhas a chur ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh le haghaidh seirbhísí meán. Ba cheart é a bheith d'aidhm ag an bhfaireachán sin sonraí mionsonraithe agus measúnuithe cáilíochtúla a sholáthar maidir le hathléimneacht an mhargaidh inmheánaigh le haghaidh seirbhísí meán, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann lena mhéad atá an margadh ***meán*** comhchruinnithe ***cheana*** ar an leibhéal náisiúnta agus réigiúnach agus na rioscaí a bhaineann ***le go mbeadh na comhchruinnithe sin ina mbaol don neamhspleáchas eagarthóireachta agus don iolrachas meán***. ***Chun soiléireacht a thabhairt do rannpháirtithe sa mhargadh agus chun gur féidir faireachán a dhéanamh ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh, agus measúnú á dhéanamh ag an am céanna ar an tionchar ar neamhspleáchas eagarthóireachta agus ar iolrachas na meán san Aontas, is gá don Choimisiún forléargas oibiachtúil a sholáthar ar chomhchruinnithe atá ann cheana i margadh na meán, i dtéarmaí a mhéid a rannchuidíonn siad le struchtúr mhargadh na meán agus le héagsúlacht úinéireacht na meán agus a dtionchar ar thuairim an phobail a fhoirmiú i ngach Ballstát.*** Ba cheart ***an faireachán sin*** a dhéanamh go neamhspleách, ar bhonn liosta láidir de phríomhtháscairí feidhmíochta, arna fhorbairt agus arna thabhairt cothrom le dáta go rialta ag an gCoimisiún, i gcomhairle leis an mBord. ***Ina theannta sin, chun cur i bhfeidhm éifeachtach an Rialacháin seo a éascú, ba cheart don Choimisiún sásra foláirimh soláimhsithe a bhunú chun ligean do sholáthraithe seirbhíse meán agus d'aon pháirtí leasmhar ábhartha aon saincheisteanna a thagann chun cinn nó aon rioscaí a bhraitheann siad maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo a thuairisciú. Cuideoidh sásra den sórt sin leis an gCoimisiún sáruithe a d'fhéadfadh a bheith ann ar an Rialachán seo a shainaithint agus aghaidh a thabhairt orthu ar bhealach níos tapúla.*** I bhfianaise chineál na rioscaí agus na bhforbairtí teicneolaíocha atá ag teacht chun cinn go tapa i margadh inmheánach na meán, ba cheart a áireamh san fhaireachán cleachtaí réamhbhreathnaitheacha amhail tástálacha struis chun athléimneacht ionchasach mhargadh inmheánach na meán a mheas, chun aird a thabhairt ar leochaileachtaí

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	maidir le hiolrachas na meán agus neamhspleáchas eagarthóireachta, agus chun cuidiú le hiarrachtaí chun rialachas, cáilíocht sonraí agus bainistiú riosca a fheabhsú. Go háirithe, ba cheart comhar agus cóineasú rialála i rialáil na meán, bacainní ar sholáthar seirbhísí meán, lena n-áirítear ***suíomh na soláthraithe seirbhíse meán*** i dtimpeallacht dhigiteach, ***comhlíontacht na soláthraithe ardán an-mhór ar líne agus na soláthraithe inneall cuardaigh an-mhór ar líne lena n-oibleagáidí agus*** trédhearcacht agus cothroime leithdháileadh na n-acmhainní eacnamaíocha i margadh inmheánach na meán a chumhdach leis an bhfaireachán. Ba cheart breathnú freisin ar threochtaí níos leithne i margadh inmheánach na meán agus i margaí náisiúnta na meán chomh maith le reachtaíocht náisiúnta a dhéanann difear do sholáthraithe seirbhísí meán. Ina theannta sin, ba cheart forléargas a thabhairt san fhaireachán ar na bearta a rinne soláthraithe seirbhíse meán d'fhonn neamhspleáchas cinntí eagarthóireachta a ráthú, lena n-áirítear na cinntí sin a mholtar sa Mholadh a ghabhann leis seo. Chun na caighdeáin is airde maidir le faireachán den sórt sin a áirithiú, ba cheart don Bhord a bheith rannpháirteach go cuí, ós rud é go dtugann sé le chéile eintitis a bhfuil saineolas speisialaithe ar mhargaí na meán acu. ***Ba cheart a chur san áireamh san fhaireachán sin freisin torthaí na gcleachtaí faireacháin ar na meáin atá ann cheana sna Ballstáit uile, na cleachtaí faireacháin dá dtagraítear sa Phlean Gníomhaíochta Meán agus Closamhairc, a bunaíodh i dteachtaireacht ón gCoimisiún an 3 Nollaig 2020 dar teideal 'Europe's Media in the Digital Decade: An Action Plan to Support Recovery and Transformation' [Na Meáin Eorpacha sa Deacáid Dhigiteach: Plean Gníomhaíochta chun Tacú leis an Téarnamh agus leis an gClaochlú], na torthaí ón bhFaireachán ar Iolrachas sna Meáin agus na torthaí ó thuarascálacha bliantúla an Choimisiúin maidir leis an smacht reachta].***

Leasú 67

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 50 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(50a) Tá sé tábhachtach go n-aithneofaí go bhfuil saineolas ábhartha ar shaoirse agus iolrachas na meán ag an Lárionad Eorpach um Shaoirse an Phreasa agus na Meán in Leipzig agus an Lárionad um Shaoirse agus Iolrachas sna Meáin ag an Institiúid Ollscoile Eorpach i bhFlórans. Tá sé tábhachtach freisin go gcuirfí ionstraimí Eorpacha amhail an Monatóir ar Úinéireacht Euromedia san áireamh agus iad ag déileáil le húinéireacht na meán san Eoraip.

Leasú 68

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 51

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(51) Chun an foras a ullmhú i gcomhair chur chun feidhme ceart an Rialacháin seo, ba cheart feidhm a bheith ag na forálacha atá ann maidir le húdaráis neamhspleácha na meán, leis an mBord agus leis na leasuithe riachtanacha ar Threoir 2010/13/AE (Airteagail 7 go 12 agus 27 den Rialachán seo) 3 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Ghnímh, agus beidh feidhm ag gach foráil eile den Rialachán seo 6 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. Go háirithe, tá gá leis sin chun a áirithiú go mbunófar an Bord in am chun cur chun feidhme rathúil an Rialacháin a áirithiú.	(51) ***Ba cheart don Choimisiún na gníomhaíochtaí riachtanacha a dhéanamh chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme agus ar chomhlíonadh éifeachtach na n-oibleagáidí a leagtar síos sa Rialachán seo.*** Chun an foras a ullmhú i gcomhair chur chun feidhme ceart an Rialacháin seo, ba cheart feidhm a bheith ag na forálacha atá ann maidir le húdaráis neamhspleácha na meán, leis an mBord agus leis na leasuithe riachtanacha ar Threoir 2010/13/AE (Airteagail 7 go 12 agus 27 den Rialachán seo) 3 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Ghnímh, agus beidh feidhm ag gach foráil eile den Rialachán seo 6 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. Go háirithe, tá gá leis sin chun a áirithiú go mbunófar an Bord in am chun cur chun feidhme rathúil an Rialacháin a áirithiú.

Leasú 69

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Leagtar síos leis an Rialachán seo rialacha comhchoiteanna maidir le feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh le haghaidh seirbhísí meán, lena n-áirítear an Bord Eorpach um Sheirbhísí Meán a bhunú, agus cáilíocht sheirbhísí na meán á caomhnú an tráth céanna.	1. Leagtar síos leis an Rialachán seo rialacha comhchoiteanna maidir le feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh do sheirbhísí meán, lena n-áirítear bunú an Bhoird Eorpaigh um Sheirbhísí na Meán ***(an 'Bord'), agus bunphrionsabail chomhchoiteanna chun feidhmiú mar ioschaighdeáin***, agus ***neamhspleáchas sheirbhísí na meán á áirithiú ag an*** am céanna.

Leasú 70

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír 2 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Ní dhéanfaidh an Rialachán seo difear do rialacha a leagtar síos leis an méid seo a leanas:	2. Ní dhéanfaidh an Rialachán seo difear do na nithe seo a leanas:

Leasú 71

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír 2 – pointe a a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(aa) rialacha iomaíochta, lena n-áirítear na rialacha sin a leagtar síos le Rialachán (CE) Uimh. 139/2004;

Leasú 72

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír 2 – pointe a b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ab) Treoir 2001/29/CE;

Leasú 73

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír 2 – pointe a c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ac) Treoir 2019/789/AE;

Leasú 74

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír 2 – pointe b a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ba) rialacha a leagtar síos le Treoir 2010/13/AE;

Leasú 75

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír 1 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(d) Rialachán (AE) 2022/XXX [an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha];	(d) ***rialacha a leagtar síos le*** Rialachán (AE) ***2022/2065***;

Leasú 76

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír 1 – pointe e

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(e) Rialachán (AE) 2022/XXX [an Gníomh um Margaí Digiteacha];	(e) ***rialacha a leagtar síos le*** Rialachán (AE) ***2022/1925***;

Leasú 77

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír 1 – pointe f a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(fa) rialacha a leagtar síos le Treoir (AE) 2019/1937 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1a]).
	([1a]) Treoir 2019/1937 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2019 maidir le cosaint do dhaoine a thuairiscíonn sáruithe ar dhlí an Aontais (IO L 305, 26.11.2019, lch. 17).

Leasú 78

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír 1 – pointe f b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(fb) Treoir (AE) xxx/ XXX ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le daoine a bhíonn ag gabháil don rannpháirtíocht phoiblí a chosaint ar imeachtaí cúirte atá go follasach gan bhunús nó mí-úsáideach ('Imeachtaí sibhialta straitéiseacha i gcoinne rannpháirtíocht phoiblí')

Leasú 79

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Ní dhéanfaidh an Rialachán seo difear don deis atá ag na Ballstáit rialacha níos mionsonraithe a ghlacadh sna réimsí a chumhdaítear le Caibidil II agus Roinn 5 de Chaibidil III, ar choinníoll go gcomhlíonann na rialacha sin dlí an Aontais.	3. Ní dhéanfaidh an Rialachán seo difear don fhéidearthacht atá ag na Ballstáit rialacha níos mionsonraithe ***nó níos déine*** a ghlacadh sna réimsí a chumhdaítear le Caibidil II, Roinn 5 de Chaibidil III ***agus Airteagal 24***, ar choinníoll go gcomhlíonann na rialacha sin dlí an Aontais.

Leasú 80

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 2 – mír 1 – pointe 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(1) ciallaíonn 'seirbhís meán' seirbhís mar a shainmhínítear in Airteagal 56 agus in Airteagal 57 den Chonradh, i gcás inarb é príomhchuspóir na seirbhíse nó cuid indealaithe di cláir nó preasfhoilseacháin a chur ar fáil don phobal i gcoitinne, trí mheán ar bith, chun eolas, siamsaíocht nó oideachas a chur ar fáil, faoi fhreagracht eagarthóireachta soláthraí seirbhíse meán;	(1) ciallaíonn 'seirbhís meán' seirbhís mar a shainmhínítear in Airteagal 56 agus in Airteagal 57 den Chonradh, i gcás inarb é príomhchuspóir na seirbhíse nó cuid indealaithe di cláir nó preasfhoilseacháin***, nó sleachta astu,*** a chur ar fáil don phobal i gcoitinne, trí mheán ar bith, chun eolas, siamsaíocht nó oideachas a chur ar fáil, faoi fhreagracht eagarthóireachta soláthraí seirbhíse meán;

Leasú 81

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 2 – mír 1 – pointe 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(2) ciallaíonn 'soláthraí seirbhíse meán' duine nádúrtha nó dlítheanach arb é a ghníomhaíocht ghairmiúil é seirbhís meán a sholáthar agus a bhfuil freagracht eagarthóireachta air as ábhar na seirbhíse meán a roghnú agus a chinneann an bealach ina n-eagraítear é;	(2) ciallaíonn 'soláthraí seirbhíse meán' duine nádúrtha nó dlítheanach, a bhfuil a ghníomhaíocht ghairmiúil***, is cuma cé acu, i gcás duine nádúrtha, a fheidhmítear é i bhfoirm chaighdeánach nó neamhchaighdeánach fostaíochta,*** le seirbhís meán a sholáthar agus a bhfuil freagracht eagarthóireachta air as ábhar na seirbhíse meán a roghnú agus a chinneann an bealach ina n-eagraítear é;

Leasú 82

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 2 – mír 1 – pointe 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(3) ciallaíonn 'soláthraí meán seirbhíse poiblí' soláthraí seirbhíse meán a gcuirtear misean seirbhíse poiblí de chúram air faoin dlí náisiúnta nó a fhaigheann maoiniú poiblí náisiúnta chun misean den sórt sin a chomhlíonadh;	(3) ciallaíonn 'soláthraí meán seirbhíse poiblí' soláthraí seirbhíse meán a gcuirtear ***sainchúram*** seirbhíse poiblí air faoin dlí náisiúnta agus a fhaigheann maoiniú poiblí náisiúnta chun ***sainchúram*** den sórt sin a chomhlíonadh;

Leasú 83

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 2 – mír 1 – pointe 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(7) ciallaíonn 'eagarthóir' duine nádúrtha nó roinnt daoine nádúrtha a d'fhéadfadh a bheith grúpáilte i gcomhlacht, beag beann ar a fhoirm dhlíthiúil, ar a stádas agus ar a chomhdhéanamh, a dhéanann cinntí eagarthóireachta nó a dhéanann maoirseacht orthu laistigh de sholáthraí seirbhíse meán;	(7) ciallaíonn '***príomheagarthóir***' duine nádúrtha nó roinnt daoine nádúrtha a d'fhéadfadh a bheith grúpáilte i gcomhlacht, gan beann ar a fhoirm dhlíthiúil, ar a stádas agus ar a chomhdhéanamh, a dhéanann cinntí eagarthóireachta nó a dhéanann maoirseacht orthu laistigh de sholáthraí seirbhíse meán;

Leasú 84

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 2 – mír 1 – pointe 8

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(8) ciallaíonn 'cinneadh eagarthóireachta' cinneadh a dhéantar ar bhonn rialta chun freagracht eagarthóireachta a fheidhmiú agus atá nasctha le hoibriú laethúil soláthraí seirbhíse meán;	(8) ciallaíonn 'cinneadh eagarthóireachta' cinneadh a dhéantar ar bhonn rialta chun freagracht eagarthóireachta soláthraí seirbhíse meán a fheidhmiú;

Leasú 85

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 2 – mír 1 – pointe 9

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(9) ciallaíonn 'freagracht eagarthóireachta' rialú éifeachtach a fheidhmiú maidir le roghnú na gclár nó na bpreasfhoilseachán agus maidir lena n-eagrú, chun seirbhís meán a sholáthar, beag beann ar dhliteanas a bheith ann faoin dlí náisiúnta i leith na seirbhíse a sholáthraítear;	(9) ciallaíonn 'freagracht eagarthóireachta' rialú éifeachtach a fheidhmiú maidir le roghnú na gclár ***nó inneachar*** na bpreasfhoilseachán agus maidir lena n-eagrú, chun críocha seirbhís meán a sholáthar, gan beann ar dhliteanas a bheith ann faoin dlí náisiúnta i leith na seirbhíse a sholáthraítear;

Leasú 86

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 2 – mír 1 – pointe 9 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(9a) ciallaíonn 'ardán ar líne' ardán ar líne mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (i) de Rialachán (AE) 2022/2065;

Leasú 87

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 2 – mír 1 – pointe 9 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(9b) ciallaíonn 'inneall cuardaigh ar líne' inneall cuardaigh ar líne mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (j) de Rialachán (AE) 2022/2065;

Leasú 88

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 2 – mír 1 – pointe 10

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(10) ciallaíonn 'soláthraí ardáin an-mhór ar líne' soláthraí ardáin ar líne arna ainmniú mar ardán an-mhór ar líne de bhun Airteagal 25(4) de Rialachán (AE) 2022/XXX [an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha];	(10) ciallaíonn 'soláthraí ardáin an-mhór ar líne' soláthraí ardáin ar líne arna ainmniú mar ardán an-mhór ar líne de bhun Airteagal ***33(4)*** de Rialachán (AE) ***2022/2065***;

Leasú 89

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 2 – mír 1 – pointe 10 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(10a) ciallaíonn 'soláthraí innill cuardaigh an-mhór ar líne' soláthraí innill cuardaigh arna ainmniú mar inneall cuardaigh an-mhór ar líne de bhun Airteagal 33(4) de Rialachán (AE) 2022/2065;

Leasú 90

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 2 – mír 1 – pointe 12

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(12) ciallaíonn 'údarás nó comhlacht rialála náisiúnta' an t-údarás nó an comhlacht arna ainmniú ag na Ballstáit de bhun Airteagal 30 de Threoir 2010/13/AE;	(12) ciallaíonn 'údarás nó comhlacht rialála náisiúnta' údarás nó comhlacht arna ainmniú ag na Ballstáit de bhun Airteagal 30 de Threoir 2010/13/AE;

Leasú 91

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 2 – mír 1 – pointe 12 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(12a) ciallaíonn 'comhéadan úsáideora' seirbhís a sholáthraíonn forléargas ar sheirbhísí meán a sholáthraíonn soláthraithe seirbhíse meán aonair nó iliomad soláthraithe seirbhíse meán agus a chuireann ar chumas úsáideora seirbhísí meán nó feidhmchláir a roghnú a fhónann go bunúsach chun rochtain ar sheirbhísí meán a sholáthar agus chun rochtain ar sheirbhísí meán agus úsáid na seirbhísí sin a rialú nó a bhainistiú;

Leasú 92

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 2 – mír 1 – pointe 13

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(13) ciallaíonn 'comhchruinniú margaidh meán' comhchruinniú mar a shainmhínítear in Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 a bhfuil soláthraí seirbhíse meán amháin ar a laghad páirteach ann;	(13) ciallaíonn 'comhchruinniú margaidh meán' comhchruinniú mar a shainmhínítear in Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 a bhfuil ***páirtí*** meán amháin ar a laghad ***sa slabhra luacha*** páirteach ann;

Leasú 93

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 2 – mír 1 – pointe 13 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(13a) ciallaíonn 'iolrachas na meán' éagsúlacht guthanna, anailísí agus tuairimí sa dioscúrsa poiblí, lena n-áirítear seasaimh agus tuairimí mionlaigh, arna scaipeadh ar bhealach gan bhac ag soláthraithe seirbhíse meán atá i lámha a lán úinéirí éagsúla, agus iad go léir neamhspleách ar a chéile, trí chainéil agus seánraí meán éagsúla agus aitheantas a thabhairt do chómhaireachtáil soláthraithe príobháideacha seirbhíse meán tráchtála agus soláthraithe meán seirbhíse poiblí;

Leasú 94

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 2 – mír 1 – pointe 14

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(14) ciallaíonn 'tomhais pobail meáin' an ghníomhaíocht arb é atá ann sonraí faoi líon agus saintréithe úsáideoirí seirbhísí meán a bhailiú, a léirmhíniú nó a phróiseáil ar bhealach eile chun cinntí a dhéanamh maidir le leithdháileadh nó praghsanna fógraíochta nó pleanáil, táirgeadh nó dáileadh gaolmhar inneachair;	(14) ciallaíonn 'an pobal meáin a thomhas' an ghníomhaíocht arb é atá ann sonraí a bhailiú, a léirmhíniú nó a phróiseáil ar bhealach eile maidir le líon agus saintréithe úsáideoirí seirbhísí meán ***agus úsáideoirí ardán ar líne*** chun críocha cinntí maidir le leithdháileadh, praghsanna***, ceannacháin agus díolacháin*** fógraíochta, nó maidir le pleanáil, nó dáileadh ***seirbhísí meán***;

Leasú 95

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 2 – mír 1 – pointe 14 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(14a) ciallaíonn 'an pobal meáin dílseánaigh a thomhas' tomhas a dhéanamh ar an bpobal meáin nach leanann caighdeáin tionscail arna gcomhaontú ag sásraí féinrialála lena gcumhdaítear soláthraithe seirbhíse meán;

Leasú 96

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 2 – mír 1 – pointe 15

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(15) Ciallaíonn 'fógraíocht stáit' teachtaireacht fógraíochta nó féinfhógraíochta a shuíomh, a fhoilsiú nó a scaipeadh, in aon seirbhís meán, ar íocaíocht nó ar aon chomaoin eile de ghnáth, ag aon údarás poiblí náisiúnta nó réigiúnach, nó thar a gceann, amhail rialtais náisiúnta, chónaidhme nó réigiúnacha, údaráis nó comhlachtaí rialála chomh maith le fiontair faoi úinéireacht stáit nó eintitis eile faoi rialú stáit ar an leibhéal náisiúnta nó réigiúnach, nó aon rialtas áitiúil de chuid eintiteas críochach a bhfuil níos mó ná 1 mhilliún áitritheoir ann;	(15) Ciallaíonn 'fógraíocht stáit' teachtaireacht fógraíochta nó féinfhógraíochta a shuíomh, ***a chur chun cinn,*** a fhoilsiú nó a scaipeadh, in aon seirbhís meán, ar aon ardán ar líne nó in aon inneall cuardaigh, ar íocaíocht nó ar aon chomaoin eile de ghnáth, ag aon údarás poiblí ***Aontais,*** náisiúnta nó réigiúnach, nó thar a gceann, amhail ***institiúidí, comhlachtaí nó gníomhaireachtaí an Aontais,*** rialtais náisiúnta, chónaidhme nó réigiúnacha, údaráis nó comhlachtaí rialála chomh maith le fiontair faoi úinéireacht stáit nó eintitis eile faoi rialú stáit ar an leibhéal náisiúnta nó réigiúnach, nó aon rialtas áitiúil;

Leasú 97

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 2 – mír 1 – pointe 15 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(15a) ciallaíonn 'teachtaireachtaí éigeandála ó údaráis phoiblí' teachtaireacht de chineál faisnéiseach a chur, a fhoilsiú nó a scaipeadh, in aon seirbhís meán, a mheasann na húdaráis phoiblí a bheith riachtanach i gcás tubaistí nádúrtha nó sláintíochta, tionóiscí, teagmhais thobanna nó staideanna criticiúla eile a d'fhéadfadh díobháil a dhéanamh do dhaoine aonair;

Leasú 98

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 2 – mír 1 – pointe 16

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(16) ciallaíonn 'earraí spiaireachta' aon táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha atá ceaptha teacht i dtír ar leochaileachtaí i dtáirgí eile ag a bhfuil eilimintí digiteacha lena gcumasaítear faireachas ceilte ar dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha trí fhaireachán, asbhaint, bailiú nó anailísiú a dhéanamh ar shonraí ó na táirgí sin nó ó na daoine nádúrtha nó dlítheanacha a úsáideann táirgí den sórt sin, go háirithe trí ghlaonna a thaifeadadh go rúnda nó trí mhicreafón feiste úsáideora deiridh a úsáid ar bhealach eile, trí dhaoine nádúrtha, meaisíní nó a dtimpeallacht a scannánú, trí theachtaireachtaí a chóipeáil, grianghraif a ghlacadh, gníomhaíocht brabhsálaí a rianú, geoshuíomh a rianú, sonraí braiteora eile a bhailiú nó trí ghníomhaíochtaí thar níos mó ná aon fheiste úsáideora deiridh amháin a rianú, gan an duine nádúrtha nó dlítheanach lena mbaineann a bheith curtha ar an eolas ar bhealach sonrach agus toiliú sainráite sonrach a bheith tugtha aige i ndáil leis sin;	(16) ciallaíonn '***teicneolaíocht faireachais'aon ionstraim nó táirge*** digiteach ***nó meicniúil, nó aon ionstraim nó táirge eile*** lenar féidir ***faisnéis a fháil trí shonraí a thascradh***, a fhaire, a asbhaint, a bhailiú nó a anailísiú gan an duine nádúrtha nó dlítheanach lena mbaineann a chur ar an eolas ar bhealach sonrach agus toiliú sonrach sainráite a thabhairt ina leith sin, ***i gcomhréir leis na coinníollacha maidir le toiliú a leagtar amach faoi Airteagal 7 de Rialachán (AE) 2016/679,*** i ndáil leis sin;

Leasú 99

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 2 – mír 1 – pointe 16 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(16a) ciallaíonn 'earra spiaireachta' aon teicneolaíocht faireachais ag a bhfuil ardleibhéal ionsáite a eascraíonn go háirithe as an rochtain fhairsing is féidir a chur ar fáil d'fheistí agus dá bhfeidhmiúlachtaí, a dheartar de ghnáth chun leochaileachtaí i dtáirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a shaothrú lena gcumasaítear faireachas cuimsitheach ceilte ar dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha, lena n-áirítear go cúlghabhálach trí fhaireachán, asbhaint, bailiú nó anailísiú a dhéanamh ar shonraí ó na táirgí sin nó ó na daoine nádúrtha nó dlítheanacha a úsáideann na táirgí sin, lena n-áirítear ar bhealach neamh-idirdhealaitheach, gan an duine nádúrtha nó dlítheanach lena mbaineann a chur ar an eolas ar bhealach sonrach agus toiliú sonrach sainráite a thabhairt, i gcomhréir leis na coinníollacha maidir le toiliú a leagtar amach in Airteagal 7 de Rialachán (AE) 2016/679 i ndáil leis sin;

Leasú 100

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 2 – mír 1 – fomhír 17 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) an sceimhlitheoireacht,	(a) an sceimhlitheoireacht, ***mar a shainmhínítear i dTreoir (AE) 2017/541 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle,***

Leasú 101

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 2 – mír 1 – pointe 17 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(17a) ciallaíonn 'litearthacht sna meáin' scileanna, eolas agus tuiscint a chuireann ar chumas na saoránach na meáin a úsáid go héifeachtach agus go sábháilte, ar scileanna iad nach bhfuil teoranta d'fhoghlaim faoi uirlisí agus teicneolaíochtaí ach a bhfuil sé mar aidhm leo na scileanna smaointeoireachta criticiúla is gá a thabhairt do shaoránaigh chun breithiúnas a fheidhmiú, anailís a dhéanamh ar réaltachtaí casta agus an difríocht idir tuairimí agus fíricí a aithint.

Leasú 102

Togra le haghaidh rialacháin

Caibidil II – teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Cearta agus dualgais soláthraithe seirbhíse meán agus faighteoirí	Cearta ***faighteoirí seirbhísí meán, cearta*** soláthraithe seirbhíse meán agus ***coimircí d'fheidhmiú neamhspleách soláthraithe meán seirbhíse poiblí***

Leasú 103

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 3 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Beidh sé de cheart ag faighteoirí seirbhísí meán san Aontas iolrachas ábhair nuachta agus ábhair reatha a fháil, arna dtáirgeadh agus urraim á tabhairt do shaoirse eagarthóireachta soláthraithe seirbhíse meán, chun leasa an dioscúrsa phoiblí.	***Áiritheoidh na Ballstáit, i gcomhréir le hAirteagal 11 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt'), go mbeidh rochtain ag faighteoirí seirbhísí meán ar iolrachas*** seirbhísí meán ***arna dtáirgeadh ag soláthraithe seirbhíse meán atá neamhspleách ó thaobh eagarthóireachta*** de, ***gan aon chur isteach ón Stát, chun dioscúrsa saor agus daonlathach a áirithiú. Bunóidh na Ballstáit na coinníollacha creata is gá chun na cearta sin a ráthú agus chun iolrachas na meán a choimirciú, a chaomhnú agus a chur chun cinn.***

Leasú 104

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 4 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Beidh sé de cheart ag soláthraithe seirbhíse meán a ngníomhaíochtaí eacnamaíocha a fheidhmiú sa mhargadh inmheánach gan srianta seachas na srianta a cheadaítear faoi dhlí an Aontais.	1. Beidh sé de cheart ag soláthraithe seirbhíse meán a ngníomhaíochtaí eacnamaíocha a fheidhmiú sa mhargadh inmheánach gan srianta seachas na srianta a cheadaítear ***de bhun*** dhlí an Aontais.

Leasú 105

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 4 – mír 2 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Urramóidh na Ballstáit saoirse eagarthóireachta éifeachtach na soláthraithe seirbhíse meán. Ní dhéanfaidh na Ballstáit, lena n-áirítear a n-údaráis agus a gcomhlachtaí rialála náisiúnta an méid seo a leanas:	2. Urramóidh ***an tAontas***, na Ballstáit ***agus eintitis phríobháideacha*** saoirse eagarthóireachta ***agus neamhspleáchas*** éifeachtach soláthraithe seirbhíse meán. Ní dhéanfaidh na Ballstáit, lena n-áirítear a n-údaráis agus a gcomhlachtaí rialála náisiúnta, ***institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus a n-eintitis phríobháideacha*** an méid seo a leanas:

Leasú 106

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 4 – mír 2 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) cur isteach ar bheartais eagarthóireachta agus ar chinntí ó sholáthraithe seirbhíse meán nó iarracht a dhéanamh tionchar a imirt orthu ar bhealach ar bith, go díreach nó go hindíreach;	(a) cur isteach ar bheartais eagarthóireachta agus ar chinntí ***eagarthóireachta*** sholáthraithe seirbhíse meán nó iarracht a dhéanamh tionchar a imirt orthu ar bhealach ar bith, go díreach nó go hindíreach;

Leasú 107

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 4 – mír 2 – pointe a a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(aa) oibleagáid a chur ar sholáthraithe seirbhísí meán nó ar a bhfostaithe aon fhaisnéis a nochtadh a bhaineann le próiseáil eagarthóireachta, lena n-áirítear maidir lena bhfoinsí, nó faisnéis den sórt sin a scaipeadh;

Leasú 108

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 4 – mír 2 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) soláthraithe seirbhíse meán nó, más infheidhme, daoine dá dteaghlaigh, a bhfostaithe nó a mbaill teaghlaigh, nó a n-áitreabh corparáideach agus príobháideach, a choinneáil, smachtbhanna a chur orthu, iad a idircheapadh, iad a chur faoi réir faireachais nó cuardaigh agus urghabhála, nó cigireacht a dhéanamh orthu, ar an bhforas go ndiúltaíonn siad faisnéis a nochtadh maidir lena bhfoinsí, mura bhfuil údar leis sin mar gheall ar cheanglas sáraitheach ar mhaithe le leas an phobail, i gcomhréir le hAirteagal 52(1) den Chairt agus i gcomhréir le dlí eile de chuid an Aontais;	(b) soláthraithe seirbhíse meán, ***a bhfostaithe*** nó, más infheidhme, a mbaill teaghlaigh, ***nó aon duine eile a bhaineann lena líonra gairmiúil caidrimh, lena n-áirítear teagmhálacha ócáideacha***, nó a n-áitreabh corparáideach agus príobháideach a choinneáil, smachtbhanna a ghearradh orthu, cuardach nó urghabháil, nó cigireacht a dhéanamh orthu, ***i gcás ina bhféadfadh gníomhaíochtaí den sórt sin a bheith ina sárú ar a gceart a ngníomhaíocht ghairmiúil a fheidhmiú agus, go háirithe i gcás ina bhféadfadh, mar thoradh ar na gníomhaíochtaí sin, go bhféadfaí na rochtain a fháil ar*** fhoinsí ***iriseoireachta***;

Leasú 109

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 4 – mír 2 – pointe b a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ba) rochtain a fháil ar shonraí ábhair criptithe in aon fheiste nó meaisín a úsáideann soláthraithe seirbhíse meán nó, más infheidhme, a dteaghlaigh nó a bhfostaithe nó baill dá dteaghlaigh nó, más infheidhme, aon duine eile a bhaineann lena líonra gairmiúil nó príobháideach caidrimh, lena n-áirítear teagmhálacha ócáideacha;

Leasú 110

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 4 – mír 2 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) bogearraí spiaireachta a imscaradh in aon ghaireas nó meaisín a úsáideann soláthraithe seirbhíse meán nó, más infheidhme, a mbaill teaghlaigh, nó a bhfostaithe nó a mbaill teaghlaigh, mura rud é go bhfuil údar leis an imscaradh, ar bhonn cás ar chás, ar fhorais slándála náisiúnta agus go bhfuil sé i gcomhréir le hAirteagal 52(1) den Chairt agus dlí eile de chuid an Aontais nó go ndéantar an t-imscaradh in imscrúduithe coiriúla tromchúiseacha a rinne duine de na daoine thuasluaite, go bhforáiltear dó faoin dlí náisiúnta agus go bhfuil sé i gcomhréir le hAirteagal 52(1) den Chairt agus le dlí eile de chuid an Aontais, agus nach mbeadh na bearta arna nglacadh de bhun fhomhír (b) oiriúnach agus leordhóthanach chun an fhaisnéis atá á lorg a fháil.	(c) ***bearta faireachais a chur in úsáid nó teicneolaíocht faireachais a úsáid nó treoir a thabhairt d'eintitis phríobháideacha na bearta nó na teicneolaíochtaí sin a úsáid***, in aon fheiste nó meaisín a úsáideann soláthraithe seirbhíse meán nó, más infheidhme, a mbaill teaghlaigh, nó a bhfostaithe nó a mbaill teaghlaigh ***nó, más infheidhme, aon duine eile a bhaineann lena líonra gairmiúil, lena n-áirítear teagmhálacha ócáideacha.***

Leasú 111

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 4 – mír 2 – pointe c a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ca) earraí spiaireachta nó aon teicneolaíocht ionsáite chomhchosúil a chur in úsáid, nó treoir a thabhairt d'eintitis phríobháideacha na hearraí spiaireachta nó an teicneolaíocht sin a úsáid, in aon fheiste nó meaisín a úsáideann soláthraithe seirbhíse meán nó, más infheidhme, a mbaill teaghlaigh, nó a bhfostaithe nó a mbaill teaghlaigh nó, más infheidhme, aon duine eile a bhaineann lena líonra gairmiúil, lena n-áirítear teagmhálacha ócáideacha.

Leasú 112

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 4 – mír 2 – pointe c b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(cb) tríú páirtí a choimisiúnú chun aon cheann de na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointe (b) go pointe (ca) a dhéanamh.

Leasú 113

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 4 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2a. De mhaolú ar mhír 2, pointe (b), féadfaidh na Ballstáit, lena n-áirítear a n-údaráis agus a gcomhlachtaí rialála náisiúnta, institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus eintitis phríobháideacha gníomhaíocht a dhéanamh dá dtagraítear ann, ar choinníoll go mbeadh bearta dlíthiúla eile easnamhach agus neamhleor chun an fhaisnéis atá á lorg a fháil agus ar choinníoll:
	(a) nach mbaineann sé le gníomhaíocht ghairmiúil soláthraí seirbhíse meán agus a chuid fostaithe;
	(b) nach bhfuil rochtain ar fhoinsí iriseoireachta mar thoradh air;
	(c) go bhforáiltear dó faoin dlí náisiúnta;
	(d) go bhfuil údar leis ar bhonn cás ar chás chun coir thromchúiseach a chosc, a imscrúdú nó a ionchúiseamh;
	(e) go gcomhlíonann sé Airteagal 52(1) den Chairt agus dlí ábhartha eile de chuid an Aontais;
	(f) go bhfuil sé comhréireach maidir leis an aidhm dhlisteanach atá á saothrú;
	(g) go n-ordaíonn údarás breithiúnach neamhspleách neamhchlaonta é, ex ante, ag a bhfuil bearta ceartaitheacha éifeachtacha, aitheanta agus inrochtana a áirithítear i gcomhréir le hAirteagal 47 den Chairt agus i gcomhréir le dlí ábhartha eile an Aontais.
	Agus gníomhaíochtaí dá dtagraítear i mír 2, pointe (b) á ndéanamh acu, ní dhéanfaidh na Ballstáit, lena n-áirítear a n-údaráis agus a gcomhlachtaí rialála náisiúnta, institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus eintitis phríobháideacha sonraí a aisghabháil a bhaineann le gníomhaíocht ghairmiúil soláthraithe seirbhíse meán agus a bhfostaithe, go háirithe sonraí lena dtugtar rochtain ar fhoinsí iriseoireachta.

Leasú 114

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 4 – mír 2 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2b. De mhaolú ar mhír 2, pointí (ba) agus (c), féadfaidh na Ballstáit, lena n-áirítear a n-údaráis agus a gcomhlachtaí rialála náisiúnta, institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus eintitis phríobháideacha gníomhaíocht a dhéanamh dá dtagraítear ann, ar choinníoll go mbeadh na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i mír 2, pointe (b), easnamhach agus neamhleor chun an fhaisnéis atá á lorg a fháil agus ar choinníoll:
	(a) go gcomhlíonann sé na coinníollacha a liostaítear i mír 2a, pointí (a), (b), (c), (e), (f) agus (g);
	(b) nach mbaineann sé ach le coir thromchúiseach a imscrúdú nó a ionchúiseamh atá inphionóis sa Bhallstát lena mbaineann le pianbhreith choimeádta nó le hordú coinneála ar feadh uastréimhse cúig bliana ar a laghad;
	(c) go ndéantar é mar rogha dheireanach; agus (d) tá sé faoi réir athbhreithniú tréimhsiúil ag údarás breithiúnach neamhspleách neamhchlaonta.

Leasú 115

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 4 – mír 4 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2c. De mhaolú ar mhír 2, pointe (ca), féadfaidh na Ballstáit, lena n-áirítear a n-údaráis agus a gcomhlachtaí rialála náisiúnta, institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus eintitis phríobháideacha gníomhaíocht a dhéanamh dá dtagraítear ann, ar choinníoll go mbeadh na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i mír 2, pointe (ba) nó (c), easnamhach agus neamhleor chun an fhaisnéis atá á lorg a fháil agus ar choinníoll go gcomhlíonann an ghníomhaíocht na coinníollacha a liostaítear i mír 2a, pointí (a), (b), (c), (e), (f) agus (g), agus mír 2b, pointí (b), (c) agus (d).

Leasú 116

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 4 – mír 2 d (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2d. Beidh déanamh na mbeart dá dtagraítear i mír 2, pointí (ba), (c) agus (ca) faoi réir grinnscrúdú ex post trí athbhreithniú breithiúnach nó trí shásra maoirseachta neamhspleách eile. Déanfaidh na Ballstáit daoine a ndírítear orthu le gníomhaíochtaí dá dtagraítear i mír 2, pointí (b) go (ca), agus daoine a bhfuarthas rochtain ar a gcuid sonraí nó cumarsáide de thoradh gníomhaíochtaí den sórt sin a chur ar an eolas go bhfuarthas rochtain ar a gcuid sonraí nó cumarsáide agus faoi fhad agus raon feidhme phróiseáil na sonraí sin, agus faoin mbealach ar próiseáladh na sonraí sin. Áiritheoidh na Ballstáit rochtain ar shásamh trí chomhlacht neamhspleách do dhaoine a ndéanann cur i gcrích na ngníomhaíochtaí sin difear dóibh go díreach nó go hindíreach. Foilseoidh na Ballstáit líon na n-iarrataí a formheasadh agus a diúltaíodh chun na gníomhaíochtaí sin a dhéanamh. Na coimircí dá bhforáiltear sa mhír sin, cuimseoidh siad daoine nádúrtha i gcineálacha neamhchaighdeánacha fostaíochta, amhail daoine a bhíonn ag obair ar bhonn féinfhostaithe, amhail saoroibrithe a fheidhmíonn gníomhaíochtaí sa réimse céanna le soláthraithe seirbhíse meán agus a bhfostaithe.

Leasú 117

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 4 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Gan dochar don cheart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a ráthaítear do gach duine nádúrtha agus dlítheanach, agus sa bhreis ar an gceart sin, ainmneoidh na Ballstáit údarás nó comhlacht neamhspleách chun gearáin a láimhseáil arna dtaisceadh ag soláthraithe seirbhíse meán nó, más infheidhme, ag baill dá dteaghlaigh, ag a bhfostaithe nó ag baill dá dteaghlaigh, maidir le sáruithe ar mhír 2, pointí (b) agus (c). Beidh sé de cheart ag soláthraithe seirbhíse meán a iarraidh ar an údarás nó ar an gcomhlacht sin tuairim a eisiúint, laistigh de 3 mhí ón iarraidh, maidir le comhlíonadh mhír 2, pointí (b) agus (c).	3. Gan dochar don cheart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a ráthaítear do gach duine nádúrtha agus dlítheanach, agus sa bhreis ar an gceart sin, ainmneoidh na Ballstáit údarás nó comhlacht atá neamhspleách ***ó thaobh struchtúir agus feidhme de*, *amhail ombudsman***, chun gearáin a láimhseáil a thaisceann soláthraithe seirbhíse meán nó a mbaill teaghlaigh, fostaithe ***na soláthraithe seirbhíse meáin*** nó a mbaill teaghlaigh, ***nó aon duine eile atá bainteach go gairmiúil nó go príobháideach leo***, maidir le sáruithe ar mhír 2, pointí ***(aa), (b), (ba), (c), (ca) agus (cb)***. Beidh sé de cheart ag soláthraithe seirbhíse meán a iarraidh ar an údarás nó ar an gcomhlacht sin tuairim a eisiúint, laistigh de 3 mhí ón iarraidh, maidir le comhlíonadh mhír 2, pointí ***(aa), (b), (ba), (c), (ca) agus (cb).***

Leasú 118

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 5 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Soláthróidh soláthraithe meán seirbhíse poiblí iolrachas faisnéise agus tuairimí dá bpobail meáin ar bhealach neamhchlaonta, i gcomhréir lena misean seirbhíse poiblí.	1. ***Áiritheoidh na Ballstáit, trí bhíthin an dlí náisiúnta agus a ngníomhaíochtaí,*** go mbeidh ***uathriail iomlán agus neamhspleáchas eagarthóireachta ag soláthraithe meán seirbhíse poiblí ar leasanna dílsithe rialtais, polaitiúla, eacnamaíocha nó príobháideacha chun*** iolrachas faisnéise agus tuairimí a sholáthar ***dá bpobal meáin, agus a sainchúram seirbhíse poiblí á fheidhmiú*** acu.

Leasú 119

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 5 – mír 2 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Ceapfar ceann bainistíochta agus comhaltaí bhord rialaithe na soláthraithe meán seirbhíse poiblí trí nós imeachta trédhearcach oscailte neamh-idirdhealaitheach agus ar bhonn critéir thrédhearcacha oibiachtúla neamh-idirdhealaitheacha agus chomhréireacha a leagtar síos roimh ré leis an dlí náisiúnta.	***Áiritheoidh na Ballstáit, trí bhíthin an dlí náisiúnta agus a ngníomhaíochtaí, go n-urramófar prionsabail an neamhspleáchais, na cuntasachta, na héifeachtachta, na trédhearcachta agus na hoscailteachta nuair a cheapfar struchtúir bhainistíochta na meán seirbhíse poiblí. Go háirithe,*** ceapfar ceann bainistíochta agus comhaltaí bhord rialaithe na soláthraithe meán seirbhíse poiblí trí nós imeachta trédhearcach oscailte neamh-idirdhealaitheach agus ar bhonn critéir thrédhearcacha oibiachtúla neamh-idirdhealaitheacha agus chomhréireacha a leagtar síos roimh ré leis an dlí náisiúnta.

Leasú 120

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 5 – mír 2 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Bunófar fad a dtéarma oifige leis an dlí náisiúnta, agus beidh sé oiriúnach agus leordhóthanach chun neamhspleáchas éifeachtach an tsoláthraí seirbhíse meán poiblí a áirithiú. Ní fhéadfar iad a dhífhostú roimh dheireadh a dtéarma oifige ach amháin ar bhonn eisceachtúil i gcás nach gcomhlíonann siad a thuilleadh na coinníollacha atá réamhshainithe go dlíthiúil is gá chun a ndualgais a chomhlíonadh a leagtar síos roimh ré leis an dlí náisiúnta nó ar chúiseanna sonracha a bhaineann le hiompar neamhdhleathach nó mí-iompar tromchúiseach mar a shainítear iad roimh ré sa dlí náisiúnta.	Bunófar fad a dtéarma oifige ***sa*** dlí náisiúnta, agus ***comhfhreagróidh sé dá gcúraimí agus beidh sé*** leormhaith agus leordhóthanach chun neamhspleáchas éifeachtach an tsoláthraí seirbhíse meán poiblí a áirithiú. Ní fhéadfar iad a dhífhostú roimh dheireadh a dtéarma oifige ach amháin ***in imthosca eisceachtúla*** i gcás nach gcomhlíonann siad a thuilleadh na coinníollacha atá réamhshainithe go dlíthiúil is gá chun a ndualgais a chomhlíonadh a leagtar síos roimh ré leis an dlí náisiúnta nó ar chúiseanna sonracha a bhaineann le hiompar neamhdhleathach nó mí-iompar tromchúiseach mar a shainítear iad roimh ré ***sa*** dlí náisiúnta.

Leasú 121

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 5 – mír 2 – fomhír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Beidh údar cuí le cinntí maidir le dífhostú, faoi réir ***fógra*** a thabhairt ***roimh ré*** don duine lena mbaineann, agus áireofar iontu go bhféadfaí athbhreithniú breithiúnach a dhéanamh. Cuirfear buneolas maidir leis na forais le dífhostú ar fáil don phobal.	Beidh údar cuí le cinntí maidir le dífhostú ***ar bhonn na gcritéar a leagtar síos roimh ré sa dlí náisiúnta***, faoi réir ***réamhfhógra*** a thabhairt don duine lena mbaineann, agus áireofar iontu go bhféadfaí athbhreithniú breithiúnach a dhéanamh. Cuirfear buneolas maidir leis na forais le dífhostú ar fáil don phobal.

Leasú 122

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 5 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh acmhainní ***leordhóthanacha*** agus ***cobhsaí*** ag soláthraithe meán seirbhíse poiblí chun a ***misean*** seirbhíse poiblí a chomhlíonadh. Beidh na hacmhainní sin ***amhlaidh chun go gcosnófar*** neamhspleáchas eagarthóireachta.	3. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh acmhainní ***airgeadais leormhaithe, inbhuanaithe*** agus ***intuartha*** ag soláthraithe meán seirbhíse poiblí ***ar bhonn ilbhliantúil*** chun a ***sainchúram*** seirbhíse poiblí a chomhlíonadh ***agus chun cuspóirí an tsainchúraim sin a bhaint amach***. Beidh na hacmhainní sin ***agus an próiseas trína leithdháilfear iad bunaithe ar chritéir thrédhearcacha a leagfar síos roimh ré agus fágfaidh siad go ndéanfar an*** neamhspleáchas eagarthóireachta ***a choimirciú agus fós go bhféadfar seirbhísí meán a fhorbairt le haghaidh ábhair spéise úra an phobail meáin nó cineálacha nua ábhair agus meán agus le haghaidh na forbartha teicniúla***.

Leasú 123

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 5 – mír 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	3a. Ceapfaidh na Ballstáit údarás neamhspleách nó bunóidh siad nósanna imeachta neamhspleácha le haghaidh na riachtanais airgeadais is iomchuí do sholáthraithe meán seirbhíse poiblí a chinneadh i gcomhréir le mír 3. Áiritheoidh na Ballstáit go ráthófar go ndéanfar athbhreithniú breithiúnach neamhspleách. ***Beidh an nós imeachta chun údarás neamhspleách a cheapadh amhail dá dtagraítear sa chéad fhomhír nó na nósanna imeachta arna mbunú dá dtagraítear ann intuartha, trédhearcach, neamhspleách, neamhchlaonta agus neamh-idirdhealaitheach agus beidh sé bunaithe ar chritéir oibiachtúla agus chomhréireacha a leagfar síos roimh ré leis an dlí náisiúnta.***

Leasú 124

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 5 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Ainmneoidh ***Ballstáit*** údarás nó comhlacht neamhspleách amháin nó níos mó chun faireachán a dhéanamh ar ***an gcomhlíontacht le mír 1*** go 3.	4. ***Cuirfidh na Ballstáit sásraí i bhfeidhm nó*** ainmneoidh ***siad*** údarás nó comhlacht neamhspleách amháin nó níos mó chun faireachán a dhéanamh ar ***chur i bhfeidhm mhíreanna 1*** go 3. ***Beidh na sásraí, na húdaráis nó na comhlachtaí sin saor ó thionchar an rialtais. I gcás amhras a bheith ann nó i bhfianaise torthaí a bhaineann le neamhchomhlíonadh an Airteagail seo nó comhlíonadh páirteach an Airteagail seo, eiseoidh na húdaráis nó na comhlachtaí neamhspleácha tuairim lena gcuirfear an Bord ar an eolas faoi sin; cuirfear na torthaí ar fáil don phobal.***

Leasú 125

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 6 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. ***Tabharfaidh*** soláthraithe seirbhíse meán a ***sholáthraíonn nuacht*** agus ***cúrsaí reatha rochtain*** éasca ***agus dhíreach*** d'fhaighteoirí a ***gcuid*** seirbhísí ar an bhfaisnéis seo a leanas:	1. ***Déanfaidh*** soláthraithe seirbhíse meán***, i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí náisiúnta, rochtain*** a ***thabhairt, go díreach*** agus ***go buan, ar bhealach*** éasca, d'fhaighteoirí a seirbhísí ar an bhfaisnéis seo a leanas:

Leasú 126

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 6 – mír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) a n-ainm dlíthiúil agus a ***gcuid*** sonraí teagmhála;	(a) a n-ainm dlíthiúil ***nó a n-ainmneacha dlíthiúla*** agus a sonraí teagmhála ***agus clárúcháin***;

Leasú 127

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 6 – mír 1 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) ainm (ainmneacha) a n-úinéirí tairbhiúla ***de réir bhrí*** Airteagal 3, pointe 6 de Threoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.	(c) ainm (ainmneacha) a n-úinéirí tairbhiúla ***mar a shainmhínítear in*** Airteagal 3, pointe 6, de Threoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;

Leasú 128

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 6 – mír 1 – pointe c a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ca) cibé acu atá agus a mhéid atá a n-úinéireacht dhíreach, indíreach nó thairbhiúil i seilbh an rialtais, i seilbh institiúid stáit, i seilbh fiontar atá faoi úinéireacht an Stáit nó i seilbh comhlacht poiblí eile;

Leasú 129

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 6 – mír 1 – pointe c b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(cb) ainm agus sonraí teagmhála gairmiúla an duine nádúrtha ar a bhfuil freagracht eagarthóireachta i gcomhréir le dlí an Bhallstáit ábhartha, lena léirítear, i gcás ina luaitear ainm agus sonraí teagmhála gairmiúla níos mó ná duine amháin, an chuid sin den tseirbhís meán a bhfuil gach duine freagrach aisti;

Leasú 130

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 6 – mír 1 – pointe c c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(cc) mionsonraí maidir leis an struchtúr úinéireachta agus maidir le conas a bhaineann siad lena máthairchuideachtaí agus a gcomhchuideachtaí agus lena bhfochuideachtaí;

Leasú 131

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 6 – mír 1 – pointe c d (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(cd) fógraíocht stáit agus tacaíocht airgeadais stáit arna leithdháileadh orthu.

Leasú 132

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 6 – mír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1a. Déanfaidh soláthraithe seirbhíse meán an fhaisnéis a soláthrófar rochtain uirthi de bhun mhír 1 a choinneáil cothrom le dáta.

Leasú 133

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 6 – mír 1 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1b. Tíolacfaidh soláthraithe seirbhíse meán an fhaisnéis a liostaítear i mír 1 do na bunachair sonraí náisiúnta um úinéireacht na meán dá dtagraítear i mír 2b. I gcás ina dtiocfaidh athrú ar an bhfaisnéis a liostaítear i mír 1, tíolacfaidh soláthraithe seirbhíse meán an fhaisnéis nuashonraithe sin do na bunachair sonraí náisiúnta um úinéireacht na meán laistigh de 30 lá tar éis an athraithe.

Leasú 134

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 6 – mír 1 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1c. I gcásanna a bhfuil údar cuí leo agus arna iarraidh sin dóibh, soláthróidh soláthraithe seirbhíse meán, do na húdaráis rialála náisiúnta nó na comhlachtaí rialála náisiúnta, don Bhord nó, i gcás inarb infheidhme, d'aon pháirtí ag a bhfuil leas dlisteanach, i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí náisiúnta, leasanna gnó agus airgeadais nó gníomhaíochtaí gnó agus airgeadais a n-úinéirí díreacha, indíreacha agus tairbhiúla i ngnólachtaí eile, lena n-áirítear a naisc le daoine atá faoi riteacht pholaitiúil, mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (9), de Threoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus le daoine is eol is dlúthchomhlaigh díobh, mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (11), den Treoir sin.

Leasú 135

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 6 – mír 1 d (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1d. Leis an bhfaisnéis arna soláthar faoi mhíreanna 1 agus 2a, urramófar na cearta bunúsacha lena mbaineann, amhail urraim do shaol príobháideach agus saol teaghlaigh na n-úinéirí tairbhiúla. Beidh an fhaisnéis sin riachtanach agus comhréireach agus beidh sé mar aidhm aici cuspóir leasa ghinearálta a shaothrú.

Leasú 136

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 6 – mír 6 e (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1e. Cuirfear de chúram ar údaráis rialála náisiúnta nó comhlachtaí rialála náisiúnta bunachair sonraí náisiúnta um úinéireacht na meán a bhunú chun faireachán a dhéanamh ar a mhéid a chomhlíontar an oibleagáid a leagtar amach i mír 1. Beidh na bunachair sonraí sin ar fáil go poiblí agus comhlíonfaidh siad dlí ábhartha an Aontais.
	Arna iarraidh sin do na húdaráis rialála náisiúnta nó do na comhlachtaí rialála náisiúnta, soláthróidh soláthraithe seirbhíse meán faisnéis bhreise dóibh chun críche measúnú a dhéanamh ar chruinneas na faisnéise arna soláthar faoi mhíreanna 1 agus 2a.

Leasú 137

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 6 – mír 6 f (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1f. Déanfaidh údaráis rialála náisiúnta nó comhlachtaí rialála náisiúnta sonraí maidir leis an bhfaisnéis arna soláthar faoi mhír 1 a thíolacadh, ar bhonn ráithiúil, don Bhunachar Sonraí Eorpach um Úinéireacht na Meán dá dtagraítear in Airteagal 12, an chéad mhír, pointe (fa).

Leasú 138

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 6 – mír 2 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Gan dochar do dhlíthe bunreachtúla náisiúnta atá comhsheasmhach leis an gCairt, glacfaidh soláthraithe seirbhíse meán ***a sholáthraíonn nuacht agus cúrsaí reatha*** na bearta a mheasann siad a bheith iomchuí d'fhonn neamhspleáchas na gcinntí eagarthóireachta ***aonair*** a áirithiú. Go háirithe, beidh sé d'aidhm ag na bearta sin:	2. Gan dochar do dhlíthe bunreachtúla náisiúnta atá comhsheasmhach leis an gCairt, glacfaidh soláthraithe seirbhíse meán na bearta a mheasann siad a bheith iomchuí d'fhonn neamhspleáchas na gcinntí eagarthóireachta a áirithiú. Go háirithe, beidh sé d'aidhm ag na bearta sin:

Leasú 139

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 6 – mír 2 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) a ráthú go mbeidh ***an tsaoirse*** ag eagarthóirí ***chun*** cinntí eagarthóireachta ***aonair*** a ghlacadh le linn dóibh a ngníomhaíocht ghairmiúil a fheidhmiú; agus	(a) a ráthú go mbeidh ***sé de shaoirse*** ag eagarthóirí ***agus ag príomheagarthóirí*** cinntí eagarthóireachta a ghlacadh le linn dóibh a ngníomhaíocht ghairmiúil a fheidhmiú ***laistigh de líne eagarthóireachta an tsoláthraí seirbhíse meán***; agus

Leasú 140

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 6 – mír 2 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) a áirithiú go nochtfar aon choinbhleacht leasa ***a bheadh*** nó a d'fhéadfadh a bheith ***ag páirtí ar bith a bhfuil leas aige i*** soláthraithe seirbhíse meán ***a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do sholáthar nuachta agus cúrsaí reatha***.	(b) a áirithiú go nochtfar aon choinbhleacht leasa ***atá ann*** nó a d'fhéadfadh a bheith ***ann, agus go nochtfar aon iarrachtaí ar chur isteach ar chinntí eagarthóireachta*** soláthraithe seirbhíse meán.

Leasú 141

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 6 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2a. Soláthraithe seirbhíse meán a fhaigheann cistí poiblí ó thríú tíortha chun críocha fógraíochta nó ceannachán, cuirfidh siad tuarascáil faoi bhráid an údaráis rialála náisiúnta nó an chomhlachta rialála náisiúnta gach bliain. Beidh na mionsonraí seo a leanas ar a laghad ar áireamh sna tuarascálacha sin:
	(a) ainmneacha na n-eintiteas a dheonaíonn cistí poiblí;
	(b) méid iomlán bliantúil na gcistí poiblí arna ndeonú.
	Déanfaidh an t-údarás rialála náisiúnta nó an comhlacht rialála náisiúnta faisnéis arna tuairisciú de bhun na chéad fhomhíre a chur ar fáil go poiblí.

Leasú 142

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 6 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Ní bheidh feidhm ag na hoibleagáidí faoin Airteagal seo maidir le soláthraithe seirbhíse meán ar micrifhiontair iad de réir bhrí Airteagal 3 de Threoir 2013/34/AE.	***scriosta***

Leasú 143

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 6 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 6a
	Srianta ar úinéireacht na meán
	1. Ní bheidh daoine nádúrtha ar a gcuirfear de chúram na feidhmeanna poiblí feiceálacha seo a leanas ina n-úinéirí tairbhiúla, mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1), pointe (22), de Rialachán (AE) XXXX/XXX [maidir le cosc a chur le húsáid an chórais airgeadais chun críoch sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta, COD 2021/0239], ar aon phreasfhoilseachán nó seirbhís meán closamhairc laistigh de thréimhse a dtéarma oifige:
	(a) i mBallstát:
	(i) cinn Stáit, cinn Rialtais nó airí;
	(b) ar leibhéal an Aontais:
	(i) Uachtarán na Comhairle Eorpaí, Uachtarán an Choimisiúin nó comhaltaí an Choimisiúin;
	(c) i dtríú tír:
	(i) feidhmeanna ar coibhéiseach iad leo siúd leagtar amach i bpointe (a)(i).
	2. I gcás ina gcuirtear feidhm phoiblí fheiceálach mar a leagtar amach i mír 1 de chúram ar dhuine nádúrtha, scoirfidh sé den soláthraí seirbhíse meán lena mbaineann a oibriú nó cuirfidh sé deireadh leis an gcaidreamh gnó, i gcás ina bhfágann sé gur féidir tionchar a imirt ar an soláthraí seirbhíse meán, leis an soláthraí seirbhíse meán lena mbaineann gan moill mhíchuí ach, in aon chás, tráth nach déanaí ná 60 lá tar éis dó teacht chun bheith ina dhuine atá faoi riteacht pholaitiúil mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (9), de Threoir (AE) 2015/849.

Leasú 144

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 7 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2a. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh a n-údaráis rialála náisiúnta nó a gcomhlachtaí rialála náisiúnta leithleach go dlíthiúil ón rialtas agus neamhspleách go feidhmiúil ar a rialtais faoi seach agus ar aon chomhlacht poiblí nó príobháideach eile.

Leasú 145

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 7 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh acmhainní ***leordhóthanacha*** airgeadais, daonna agus teicniúla ag na húdaráis nó na comhlachtaí rialála náisiúnta chun a gcúraimí ***a dhéanamh*** faoin Rialachán seo.	3. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh acmhainní airgeadais, daonna agus teicniúla ***leormhaithe mar aon le saineolas*** ag na húdaráis nó na comhlachtaí rialála náisiúnta chun a gcúraimí faoin Rialachán seo ***a dhéanamh***. ***Déanfaidh na Ballstáit na hacmhainní airgeadais, daonna agus teicniúla arna leithdháileadh ar na húdaráis rialála náisiúnta nó na comhlachtaí rialála náisiúnta a mhéadú go comhréireach chun na cúraimí breise a thugtar dóibh faoin Rialachán seo a chur san áireamh.***

Leasú 146

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 7 – mír 4 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
I gcás ina mbeidh gá leo chun a gcúraimí a dhéanamh faoin Rialachán seo, beidh cumhachtaí imscrúduithe iomchuí ag na húdaráis nó na comhlachtaí rialála náisiúnta, maidir ***le hiompar*** daoine nádúrtha nó dlítheanacha ***lena mbaineann Caibidil III***.	***Áiritheoidh*** na ***Ballstáit go dtabharfar rochtain do na*** húdaráis nó na comhlachtaí rialála náisiúnta ***ar an bhfaisnéis agus na sonraí uile is gá chun a gcúraimí faoin Rialachán seo a chur i gcrích***, ***nó go ndéanfar an fhaisnéis agus na sonraí sin a sholáthar dóibh, go háirithe*** maidir ***leis na*** daoine nádúrtha nó dlítheanacha ***a bhfuil feidhm ag Caibidil III maidir leo***.

Leasú 147

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 7 – mír 4 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Áireofar leis na ***cumhachtaí sin go háirithe an chumhacht chun iarraidh ar na*** daoine ***sin faisnéis a sholáthar***, laistigh de thréimhse ama ***réasúnta***, atá comhréireach agus riachtanach chun na cúraimí ***faoi Chaibidil III*** a dhéanamh***; féadfar an t-iarratas a chur ar*** aon duine eile ***freisin,*** a d'fhéadfadh ***an fhaisnéis a theastaíonn a bheith acu*** go réasúnta, chun ***críoch a dtrádála***, a ***ngnó nó a ngairme***.	***Arna iarraidh sin do*** na ***húdaráis nó na comhlachtaí rialála náisiúnta, déanfaidh*** daoine ***nádúrtha nó dlítheanacha a bhfuil feidhm ag Caibidil III maidir leo***, laistigh de thréimhse ***réasúnta*** ama, ***faisnéis a sholáthar dóibh*** atá comhréireach ***leis na cúraimí a leagtar amach i gCaibidil III*** agus ***atá*** riachtanach chun na cúraimí ***sin*** a dhéanamh***. Arna iarraidh sin do na húdaráis nó na comhlachtaí rialála náisiúnta,*** aon duine ***nádúrtha nó dlítheanach*** eile a d'fhéadfadh, go réasúnta, chun ***críocha a bhaineann lena thrádáil***, ***lena ghnó nó lena ghairm,*** a ***bheith i seilbh na faisnéise sin is gá chun na cúraimí a leagtar amach i gCaibidil III a dhéanamh, soláthróidh sé an fhaisnéis sin dóibh***.

Leasú 148

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 7 – mír 4 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	4a. Reáchtálfaidh na húdaráis nó na comhlachtaí rialála náisiúnta comhairliúcháin rialta le hionadaithe earnáil na meán. Déanfaidh na húdaráis nó na comhlachtaí rialála náisiúnta tuarascálacha ina léireofar torthaí na gcomhairliúchán sin a fhoilsiú go bliantúil agus a chur ar fáil go poiblí.

Leasú 149

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 7 – mír 4 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	4b. Cuirfidh na Ballstáit de chúram ar na húdaráis nó na comhlachtaí rialála náisiúnta bunachair sonraí ar líne thiomnaithe um úinéireacht na meán ina mbeidh an fhaisnéis a liostaítear in Airteagal 6(1) a fhorbairt agus a choinneáil ar bun, lena n-áirítear ar an leibhéal réigiúnach nó ar an leibhéal áitiúil. Beidh rochtain éasca, mhear, éifeachtach agus saor in aisce ag an bpobal ar na bunachair sonraí sin. Déanfaidh na húdaráis nó na comhlachtaí rialála náisiúnta tuarascálacha rialta ar úinéireacht na seirbhísí meán faoi dhlínse an Bhallstáit lena mbaineann a chur i dtoll a chéile.

Leasú 150

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 8 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Bunaítear An Bord Eorpach um Sheirbhísí Meán ('an Bord').	1. Bunaítear ***leis seo*** An Bord Eorpach um Sheirbhísí Meán ('an Bord'). ***Beidh an Bord ina chomhlacht de chuid an Aontais agus beidh pearsantacht dhlítheanach aige.***

Leasú 151

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 8 – mír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1a. Beidh an mBord iomlán neamhspleách agus a fheidhmeanna á bhfeidhmiú aige.

Leasú 152

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 8 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2a. Beidh rúnaíocht ag an mBord agus cuirfidh an Grúpa Saineolaithe arna bhunú le hAirteagal 11d comhairle air.

Leasú 153

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 8 – mír 2 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2b. Soláthrófar don Bhord agus don rúnaíocht na hacmhainní daonna agus airgeadais is gá chun a gcúraimí a chomhlíonadh.

Leasú 154

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 8 – mír 2 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2c. Taispeánfar buiséad an Bhoird agus na rúnaíochta i líne bhuiséadach ar leith laistigh den cheannteideal ábhartha de Roinn III de bhuiséad an Aontais.

Leasú 155

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 9 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Gníomhóidh an Bord go hiomlán neamhspleách agus a chúraimí á ndéanamh nó a chumhachtaí á bhfeidhmiú aige. Go háirithe, agus a chúraimí á ndéanamh nó a chumhachtaí á bhfeidhmiú aige, ní iarrfaidh ***nó ní ghlacfaidh*** an Bord ***le*** treoracha ó aon rialtas, institiúid, ***duine ná comhlacht***. Ní dhéanfaidh an méid sin difear d'inniúlachtaí an Choimisiúin ná inniúlachtaí na n-údarás nó na gcomhlachtaí rialála náisiúnta i gcomhréir leis an Rialachán seo.	Gníomhóidh an Bord go hiomlán neamhspleách agus a chúraimí á ndéanamh nó a chumhachtaí á bhfeidhmiú aige. Go háirithe, agus a chúraimí á ndéanamh nó a chumhachtaí á bhfeidhmiú aige, ní iarrfaidh an Bord treoracha ó aon rialtas, ***gníomhaireacht náisiúnta nó comhlacht náisiúnta, duine nó*** institiúid, ***comhlacht, oifig nó gníomhaireacht de chuid an Aontais, ná ní ghlacfaidh sé aon treoracha uathu sin***. Ní dhéanfaidh an méid sin difear d'inniúlachtaí an Choimisiúin, ná inniúlachtaí na n-údarás nó na gcomhlachtaí rialála náisiúnta i gcomhréir leis an Rialachán seo. ***Ní dhéanfaidh an méid sin difear ach an oiread don fhéidearthacht atá ag na húdaráis nó na comhlachtaí rialála náisiúnta eile nó d'ionadaithe ar chomhlachtaí féinrialála nó comhrialála a bheith rannpháirteach, de réir mar is iomchuí, i gcruinnithe an Bhoird.***

Leasú 156

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 10 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Déanfaidh Cathaoirleach an Bhoird ionadaíocht thar a cheann. ***Toghfaidh an Bord*** Cathaoirleach as a chomhaltaí ***le tromlach*** dhá thrian dá chomhaltaí ***ag*** a bhfuil cearta vótála. Dhá bhliain a bheidh i dtéarma oifige an Chathaoirligh.	4. Déanfaidh Cathaoirleach an Bhoird ionadaíocht thar a cheann. ***Beidh Grúpa Stiúrtha ag an mBord. Beidh an Grúpa Stiúrtha comhdhéanta de chomhaltaí a thoghfar as measc chomhaltaí an Bhoird. Beidh an Grúpa Stiúrtha comhdhéanta de Chathaoirleach, Leas-Chathaoirleach, an*** Cathaoirleach ***a bheidh ag dul*** as ***oifig agus beirt chomhaltaí eile. Toghfar an Cathaoirleach agus comhaltaí eile an Ghrúpa Stiúrtha as measc*** a chomhaltaí ***trí thromlach*** dhá thrian dá chomhaltaí a bhfuil cearta vótála ***acu***. Dhá bhliain a bheidh i dtéarma oifige an Chathaoirligh.

Leasú 157

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 10 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5. Ainmneoidh an Coimisiún ionadaí chuig an mBord. ***Glacfaidh*** ionadaí an Choimisiúin páirt i ngníomhaíochtaí agus ***i gcruinnithe go léir*** an Bhoird, gan cearta vótála. Coimeádfaidh Cathaoirleach an Bhoird an Coimisiún ar an eolas faoi ghníomhaíochtaí leanúnacha agus beartaithe an Bhoird***. Rachaidh an Bord i gcomhairle leis an gCoimisiún maidir le hullmhú a chláir*** oibre agus a ***phríomhtháirgí*** insoláthartha.	5. Ainmneoidh an Coimisiún ionadaí chuig an mBord. ***Féadfaidh*** ionadaí an Choimisiúin páirt ***a ghlacadh*** i ngníomhaíochtaí agus ***cruinnithe*** an Bhoird, gan cearta vótála. Coimeádfaidh Cathaoirleach an Bhoird an Coimisiún ***agus Parlaimint na hEorpa*** ar an eolas faoi ghníomhaíochtaí leanúnacha agus beartaithe an Bhoird ***agus, go háirithe, faoina chlár*** oibre agus a ***phríomhspriocanna*** insoláthartha.

Leasú 158

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 10 – mír 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
6. Féadfaidh an Bord cuireadh a thabhairt do shaineolaithe agus do bhreathnóirí freastal ar a chruinnithe, ***i gcomhaontú leis an gCoimisiún***.	6. Féadfaidh an Bord cuireadh a thabhairt do shaineolaithe agus***, le comhaontú an Choimisiúin,*** do bhreathnóirí freastal ar a chruinnithe ***nó páirt a ghlacadh***, ***ar bhonn ad hoc, ina chuid oibre***.

Leasú 159

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 10 – mír 8

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
8. Glacfaidh an Bord a rialacha nós imeachta trí thromlach dhá thrian dá chomhaltaí ag a bhfuil cearta vótála, ***i gcomhaontú leis an gCoimisiún***.	8. Glacfaidh an Bord a rialacha nós imeachta trí thromlach dhá thrian dá chomhaltaí ag a bhfuil cearta vótála***. Sula nglacfar a rialacha nós imeachta, tabharfaidh an Bord deis don Choimisiún barúlacha a thabhairt. Leagfaidh an Bord síos, ina rialacha nós imeachta, na socruithe praiticiúla chun coinbhleacht leasa a chosc agus a bhainistiú agus cuirfidh sé Parlaimint na hEorpa ar an eolas faoi na rialacha nós imeachta arna nglacadh aige nó faoi aon athruithe substaintiúla arna ndéanamh aige orthu.***

Leasú 160

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 11 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. ***Beidh*** rúnaíocht ***ag an mBord, a sholáthróidh an Coimisiún***.	1. ***Tabharfaidh*** rúnaíocht ***ar leith agus neamhspleách cúnamh don Bhord. Is ón mBord amháin a ghlacfaidh an rúnaíocht treoracha.***

Leasú 161

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 11 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Soláthróidh an rúnaíocht tacaíocht riaracháin agus eagraíochtúil do ghníomhaíochtaí an Bhoird. Cabhróidh an rúnaíocht leis an mBord freisin a chúraimí a dhéanamh.	3. Soláthróidh an rúnaíocht tacaíocht riaracháin agus eagraíochtúil do ghníomhaíochtaí an Bhoird. Cabhróidh an rúnaíocht ***go substaintiúil*** leis an mBord freisin a chúraimí a dhéanamh.

Leasú 162

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 11 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 11a
	Grúpa Saineolaithe chuig an mBord
	1. Bunófar Grúpa Saineolaithe. Beidh an Grúpa Saineolaithe comhdhéanta d'ionadaithe ó earnáil na meán nach ó earnáil na meán closamhairc iad. Ceapfar ionadaithe na nGrúpaí Saineolaithe ar bhealach trédhearcach, oibiachtúil agus neamh-idirdhealaitheach.

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2. Beidh an Grúpa Saineolaithe comhdhéanta d'ionadaí amháin nó níos mó ó earnálacha na meán i ngach Ballstát, ó chomhlachais Eorpacha nó ó eagraíochtaí Eorpacha a bhfuil saineolas acu ar na meáin cé is moite d'earnáil na meán closamhairc nó duine nádúrtha amháin nó níos mó ag a bhfuil saineolas ar na meáin seachas earnáil na meán closamhairc. Déanfar mionsonraí maidir le comhdhéanamh iomlán an Ghrúpa Saineolaithe a leagan síos i rialacha nós imeachta an Bhoird.
	3. Soláthróidh an Grúpa Saineolaithe saineolas, cúnamh agus comhairle neamhspleách don Bhord i ndáil lena chúraimí ar shaincheisteanna a bhaineann le saoirse agus iolrachas na meán a chomhlíonadh.
	4. Féadfaidh an Grúpa Saineolaithe moladh a dhréachtú, ar a thionscnamh féin nó ar iarraidh ón mBord, ón gCoimisiún nó ó Pharlaimint na hEorpa, maidir le clár oibre an Bhoird agus maidir le cur i bhfeidhm éifeachtach agus comhsheasmhach Chaibidil 3 den Rialachán seo. Cuirfidh an Grúpa Saineolaithe na moltaí sin ar fáil go poiblí.
	5. I gcás ina bpléifidh an Bord le hábhar nach mbaineann le hearnáil na meán closamhairc nó i dtaca leis an bpreas, rachaidh sé i gcomhairle leis an nGrúpa Saineolaithe.

Leasú 163

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 12 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Gan dochar do na cumhachtaí a thugtar don Choimisiún leis na Conarthaí, cuirfidh an Bord ***chun cinn*** feidhmiú éifeachtach comhsheasmhach an Rialacháin seo agus na rialacha náisiúnta lena gcuirtear Treoir 2010/13/AE chun feidhme ar fud an Aontais. Déanfaidh an Bord na nithe seo a leanas:	***Déanfaidh*** an Bord feidhmiú éifeachtach ***agus*** comhsheasmhach an Rialacháin seo agus na rialacha náisiúnta lena gcuirtear Treoir 2010/13/AE chun feidhme ***a chur chun cinn*** ar fud an Aontais. Déanfaidh an Bord na nithe seo a leanas:

Leasú 164

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 12 – mír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) tacaíocht a thabhairt don Choimisiún, ***trí*** shaineolas ***teicniúil***, chun cur i bhfeidhm ceart an Rialacháin seo agus cur chun feidhme comhsheasmhach Threoir 2010/13/AE ***ar fud gach*** Ballstáit a áirithiú, gan dochar do chúraimí na n-údarás nó na gcomhlachtaí rialála náisiúnta;	(a) tacaíocht a thabhairt don Choimisiún, ***trína*** shaineolas, chun cur i bhfeidhm ceart an Rialacháin seo agus cur chun feidhme comhsheasmhach Threoir 2010/13/AE ***sna*** Ballstáit ***uile*** a áirithiú, gan dochar do chúraimí na n-údarás nó na gcomhlachtaí rialála náisiúnta;

Leasú 165

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 12 – mír 1 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) comhairle a chur ar an gCoimisiún, ***i gcás ina n-iarrfaidh sé*** sin, maidir leis na gnéithe teicniúla nó praiticiúla a bhaineann le cur i bhfeidhm comhsheasmhach an Rialacháin seo agus cur chun feidhme Threoir 2010/13/AE ***chomh maith le*** hábhair eile a bhaineann le seirbhísí meán ***laistigh dá*** inniúlacht. I gcás ina n-iarrfaidh an Coimisiún comhairle nó tuairimí ***a Bhoird***, féadfaidh sé teorainn ama a shonrú, agus práinn an ábhair á cur san áireamh;	(c) comhairle a chur ar an gCoimisiún, ***ar a thionscnamh féin nó arna iarraidh*** sin ***dó***, maidir leis na gnéithe ***rialála,*** teicniúla nó praiticiúla a bhaineann le cur i bhfeidhm comhsheasmhach an Rialacháin seo agus cur chun feidhme Threoir 2010/13/AE ***agus freisin maidir leis na*** hábhair eile ***uile*** a bhaineann le seirbhísí meán ***a thagann faoina*** inniúlacht; I gcás ina n-iarrfaidh an Coimisiún comhairle nó tuairimí ***ón mBord***, féadfaidh sé teorainn ama a shonrú, agus práinn an ábhair á cur san áireamh***, faoina mbeidh ar an mBord freagra a thabhairt ar iarraidh an Choimisiúin***;

Leasú 166

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír 1 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(d) ***nuair a iarrann an Coimisiún sin air***, tuairimí a ***sholáthar faoi*** na saincheisteanna teicniúla agus fíorasacha a thagann chun cinn i ndáil le ***hAirteagal 2***(5c), ***Airteagal 3***(2) agus (3), ***Airteagal 4***(4), ***pointe*** (c) agus ***Airteagal 28a***(7) de ***Threoir 2010/13/AE***;	(d) ***ar a thionscnamh féin nó arna iarraidh sin ag an gCoimisiún***, tuairimí a ***thabhairt ar*** na saincheisteanna teicniúla agus fíorasacha a thagann chun cinn i ndáil le ***hAirteagal 2***(5c), ***Airteagal 3***(2) agus (3), ***Airteagal 4***(4), ***pointe*** (c) agus ***Airteagal 28a***(7) de ***Threoir 2010/13/AE***;

Leasú 167

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 12 – mír 1 – pointe e – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(e) ***i gcomhaontú leis an gCoimisiún,*** tuairimí a tharraingt suas i ndáil leis na nithe seo a leanas:	(e) tuairimí a tharraingt suas i ndáil leis na nithe seo a leanas:

Leasú 168

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 12 – mír 1 – pointe f – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(f) arna iarraidh sin ag an gCoimisiún, tuairimí a tharraingt suas i ndáil leis na nithe seo a leanas:	(f) ***ar a thionscnamh féin nó*** arna iarraidh sin ag an gCoimisiún, tuairimí a tharraingt suas i ndáil leis na nithe seo a leanas:

Leasú 169

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír 1 – pointe f – pointe i

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(i) bearta náisiúnta ar ***dóchúil*** go ndéanfaidh siad difear d'fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh le haghaidh seirbhísí meán, i gcomhréir le ***hAirteagal 20***(4) den Rialachán seo;	(i) bearta náisiúnta ar ***dócha*** go ndéanfaidh siad difear d'fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh le haghaidh seirbhísí meán ***nó a mbeidh tionchar suntasach acu ar iolrachas na meán nó ar neamhspleáchas eagarthóireachta soláthraithe seirbhíse meán***, i gcomhréir le ***hAirteagal 20***(4) den Rialachán seo;

Leasú 170

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 12 – mír 1 – pointe f – pointe i a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ia) tosca a bheidh le cur san áireamh nuair a dhéanfar na critéir le haghaidh measúnú a dhéanamh ar thionchar na gcomhchruinnithe i margadh na meán a chur i bhfeidhm, i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán seo;

Leasú 171

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 12 – mír 1 – pointe f – pointe ii

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(ii) comhchruinnithe i margadh na meán ar ***dóchúil*** go ndéanfaidh siad difear d'fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh le haghaidh seirbhísí meán, i gcomhréir le ***hAirteagal 22***(1) den Rialachán seo;	(ii) comhchruinnithe i margadh na meán ar ***dócha*** go ndéanfaidh siad difear d'fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh le haghaidh seirbhísí meán ***nó a mbeidh tionchar suntasach acu ar iolrachas na meán nó ar neamhspleáchas eagarthóireachta soláthraithe seirbhíse meán***, i gcomhréir le ***hAirteagal 22***(1) den Rialachán seo;

Leasú 172

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír 1 – pointe f a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(fa) an Bunachar Sonraí Eorpach um Úinéireacht na Meán a bhunú agus a chothabháil, trína mbailítear faisnéis arna soláthar ag na húdaráis agus na comhlachtaí rialála náisiúnta faoi Airteagal 6;

Leasú 173

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 12 – mír 1 – pointe g

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(g) tuairimí ***nó*** dréacht-tuairimí náisiúnta nó ***cinntí a tharraingt suas*** lena ndéantar measúnú ar ***an tionchar a bhíonn ag*** comhchruinnithe is infhógartha i margadh na meán ***ar iolrachas na meán agus neamhspleáchas eagarthóireachta i gcás ina bhféadfadh sé go ndéanfadh comhchruinniú den sórt sin difear d'fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh***, i gcomhréir le ***hAirteagal 21***(5) den Rialachán seo;	(g) tuairimí ***a tharraingt suas maidir le*** dréacht-tuairimí náisiúnta nó ***dréachtchinntí náisiúnta*** lena ndéantar measúnú ar comhchruinnithe is infhógartha i margadh na meán, i gcomhréir le ***hAirteagal 21***(5) den Rialachán seo;

Leasú 174

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír 1 – pointe h – pointe ii

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(ii) ***fachtóirí atá*** le cur san áireamh nuair a ***chuirtear*** na critéir ***i bhfeidhm chun*** measúnú a dhéanamh ar ***an tionchar atá ag comhchruinnithe*** i margadh na meán, i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán seo;	(ii) ***tosca a bheidh*** le cur san áireamh nuair a ***dhéanfar*** na critéir ***le haghaidh*** measúnú a dhéanamh ar ***thionchar na gcomhchruinnithe*** i margadh na meán ***ar iolrachas na meán agus ar an neamhspleácha eagarthóireachta a chur*** i ***bhfeidhm i*** gcomhréir le hAirteagal 21(3) den Rialachán seo;

Leasú 175

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 12 – mír 1 – pointe i

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(i) arna iarraidh sin do cheann amháin ar a laghad de na húdaráis lena mbaineann, idirghabháil a dhéanamh i gcás easaontuithe idir údaráis nó comhlachtaí rialála náisiúnta, i gcomhréir le hAirteagal 14(3) den Rialachán seo;	(i) arna iarraidh sin do cheann amháin ar a laghad de na húdaráis ***nó na comhlachtaí*** lena mbaineann, idirghabháil a dhéanamh i gcás easaontuithe idir údaráis nó comhlachtaí rialála náisiúnta, i gcomhréir le hAirteagal 14(3) den Rialachán seo;

Leasú 176

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 12 – mír 1 – pointe j

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(j) comhar a chothú maidir le caighdeáin ***theicniúla*** a bhaineann le comharthaí digiteacha agus dearadh gléasanna nó comhéadan úsáideora, i gcomhréir le hAirteagal 15(4) den Rialachán seo;	(j) comhar a chothú maidir le caighdeáin ***Eorpacha chomhchuibhithe*** a bhaineann le comharthaí digiteacha agus dearadh gléasanna nó comhéadan úsáideora, i gcomhréir le hAirteagal 15(4) den Rialachán seo;

Leasú 177

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 12 – mír 1 – pointe k

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(k) ***bearta*** náisiúnta a ***chomhordú a*** bhaineann le scaipeadh ***nó rochtain ar*** ábhar soláthraithe seirbhíse meán atá bunaithe lasmuigh den Aontas ***agus*** a dhíríonn ar ***phobail meáin*** san Aontas, ***i gcás ina ndéanann a ngníomhaíochtaí dochar nó ina ngabhann riosca tromchúiseach mór leo go ndéanfaí dochar don tslándáil agus don chosaint phoiblí***, i gcomhréir le ***hAirteagal 16***(1) den Rialachán seo;	(k) ***comhordú a dhéanamh ar bhearta*** náisiúnta a bhaineann le scaipeadh ábhar soláthraithe seirbhíse meán atá bunaithe lasmuigh den Aontas a dhíríonn ar ***fhaighteoirí*** san Aontas, ***nó le rochtain ar an ábhar sin***, i gcomhréir le ***hAirteagal 16*** (1) den Rialachán seo;

Leasú 178

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 12 – mír 1 – pointe l

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(l) idirphlé struchtúrtha a eagrú idir soláthraithe ardán an-mhór ar líne, ionadaithe ***ar son soláthraithe*** seirbhíse meán agus ***na sochaí*** shibhialta, agus ***na*** torthaí ***air*** sin a thuairisciú don Choimisiún, i gcomhréir le ***hAirteagal 18*** den Rialachán seo;	(l) idirphlé struchtúrtha a eagrú***, i gcomhar leis an nGrúpa Saineolaithe,*** idir soláthraithe ardán an-mhór ar líne, ***soláthraithe inneall cuardaigh an-mhór ar líne agus*** ionadaithe ***ó sholáthraithe*** seirbhíse meán agus ***ón tsochaí*** shibhialta ***agus geallsealbhóirí ábhartha eile***, agus torthaí ***an idirphlé*** sin a thuairisciú don Choimisiún ***agus do Pharlaimint na hEorpa***, i gcomhréir le ***hAirteagal 18*** den Rialachán seo;

Leasú 179

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 12 – mír 1 – pointe m a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ma) treoirlínte agus moltaí a fhorbairt, i gcomhairle le soláthraithe seirbhíse meán agus geallsealbhóirí ábhartha eile, maidir leis na critéir agus an mhodheolaíocht chun cistí poiblí d'fhógraíocht agus ceannacháin Stáit a dháileadh i gcomhréir le hAirteagal 24;

Leasú 180

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 12 – mír 1 – pointe m b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(mb) tacú leis an gCoimisiún an cleachtadh faireacháin dá dtagraítear in Airteagal 25 a dhéanamh;

Leasú 181

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 12 – mír 1 – pointe m c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(mc) forbairt agus úsáid beart éifeachtach agus uirlisí éifeachtacha chun an litearthacht sna meáin a neartú, lena n-áirítear dea-chleachtais a fhorbairt d'údaráis agus comhlachtaí náisiúnta, soláthraithe seirbhíse meán, ardáin ar líne agus innill chuardaigh ar líne, a chothú;

Leasú 182

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 12 – mír 1 – pointe m d (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(md) tuarascáil bhliantúil mhionsonraithe a ullmhú ar a ghníomhaíochtaí agus a chúraimí a leagtar amach sa mhír seo agus í a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, agus obair leantach a dhéanamh i leith na tuarascála sin.

Leasú 183

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 12 – mír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	A mhéid is gá chun na cuspóirí a leagtar amach sa Rialachán seo a bhaint amach agus chun a chúraimí a chur i gcrích, féadfaidh an Bord, gan dochar d'inniúlachtaí na mBallstát ná d'inniúlachtaí institiúidí an Aontais, i gcomhar leis an gCoimisiún, comhoibriú le comhlachtaí inniúla, oifigí inniúla, gníomhaireachtaí inniúla agus grúpaí comhairleacha inniúla de chuid an Aontais, le húdaráis inniúla i dtríú tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta. Chuige sin, féadfaidh an Bord, faoi réir réamhúdarú a fháil ón gCoimisiún, socruithe oibre a bhunú.

Leasú 184

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 13 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Féadfaidh údarás nó comhlacht rialála náisiúnta ('údarás iarrthach') comhar ***nó*** cúnamh frithpháirteach a iarraidh tráth ***ar bith*** ó údarás nó comhlacht rialála náisiúnta amháin nó níos mó ('údaráis iarrthacha') ***chun faisnéis a mhalartú nó bearta a dhéanamh atá ábhartha do*** chur i bhfeidhm ***comhsheasmhach*** éifeachtach an Rialacháin seo nó na mbeart náisiúnta lena gcuirtear Treoir 2010/13/AE chun feidhme.	1. Féadfaidh údarás nó comhlacht rialála náisiúnta ('údarás iarrthach') comhar***, lena n-áirítear malartú faisnéise agus*** cúnamh frithpháirteach, a iarraidh ***aon*** tráth ó údarás nó comhlacht rialála náisiúnta amháin nó níos mó ('údaráis iarrthacha') ***le haghaidh*** chur i bhfeidhm éifeachtach an Rialacháin seo nó na mbeart náisiúnta lena gcuirtear Treoir 2010/13/AE chun feidhme .

Leasú 185

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 13 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. I gcás ina measfaidh údarás nó comhlacht rialála náisiúnta go ***bhfuil*** baol tromchúiseach mór ann go ndéanfaí dochar ***d'fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh le haghaidh seirbhísí meán nó go bhfuil baol tromchúiseach mór ann go ndéanfaí dochar*** don tslándáil agus ***don chosaint phoiblí***, féadfaidh sé a iarraidh ar údaráis nó comhlachtaí rialála náisiúnta eile comhar nó cúnamh frithpháirteach brostaithe a sholáthar, agus ***comhlíontacht le*** cearta bunúsacha ***a áirithiú an tráth céanna***, go háirithe ***leis*** an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh.	2. I gcás ina measfaidh údarás nó comhlacht rialála náisiúnta ***gur briogadh poiblí é ábhar na meán chun cion sceimhlitheoireachta a dhéanamh mar a leagtar amach in Airteagal 5 de Threoir (AE) 2017/541 nó*** go ***bhfágann sé*** baol tromchúiseach ***agus*** mór ***a bheith*** ann go ndéanfaí dochar don tslándáil ***phoiblí*** agus ***do choimirciú na slándála agus na cosanta náisiúnta***, féadfaidh sé a iarraidh ar údaráis nó comhlachtaí rialála náisiúnta eile comhar nó cúnamh frithpháirteach brostaithe a sholáthar, agus ***fós a áirithiú go gcomhlíonfar*** cearta bunúsacha, go háirithe an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh.

Leasú 186

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 13 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Beidh an fhaisnéis ***go léir*** is gá, lena n-áirítear ***an*** cuspóir agus na ***fáthanna leis, in iarrataí ar chomhar nó cúnamh frithpháirteach, lena n-áirítear comhar nó cúnamh frithpháirteach brostaithe***.	3. ***Sna hiarrataí ar chomhar, amhail malartú faisnéise agus cúnamh frithpháirteach,*** beidh an fhaisnéis ***uile*** is gá ***a bhaineann leis an iarraidh***, lena n-áirítear cuspóir ***na hiarrata*** agus na ***cúiseanna atá léi***.

Leasú 187

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 13 – mír 4 – fomhír 1 – pointe b a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ba) ní raibh údar cuí leis an iarraidh.

Leasú 188

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 13 – mír 4 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Tabharfaidh an t-údarás iarrthach cúiseanna le haon diúltú aghaidh a thabhairt ar an iarraidh.	Tabharfaidh an t-údarás iarrthach cúiseanna le haon diúltú aghaidh a thabhairt ar an iarraidh. ***I gcás ina ndiúltaíonn an t-údarás iarrtha aghaidh a thabhairt ar iarraidh faoin gcéad fhomhír, pointe (a), sonróidh sé, i gcás inar féidir, an t-údarás atá inniúil maidir le hábhar na hiarrata nó maidir leis na bearta a iarradh air a dhéanamh.***

Leasú 189

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 13 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5. Cuirfidh an t-údarás ***faighte iarrata*** an t-údarás iarrthach ar an eolas faoi na torthaí a baineadh amach nó faoi dhul chun cinn na mbeart a rinneadh mar fhreagra ar an iarraidh.	5. Cuirfidh an t-údarás ***iarrtha*** an t-údarás iarrthach ar an eolas ***gan moill mhíchuí*** faoi na torthaí a baineadh amach nó faoi dhul chun cinn na mbeart a rinneadh mar fhreagra ar an iarraidh.

Leasú 190

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 13 – mír 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
6. Déanfaidh an t-údarás ***faighte iarrata*** a dhícheall aghaidh agus freagra a thabhairt ar an iarraidh gan moill mhíchuí. ***Soláthróidh an t-údarás faighte iarrata torthaí idirthréimhseacha laistigh de 14 lá féilire ón iarraidh a fháil, agus tabharfaidh sé nuashonruithe tráthrialta ina dhiaidh sin faoin dul chun cinn*** maidir le ***feidhmiú na hiarrata***. I gcás iarrataí ar chomhar nó cúnamh frithpháirteach brostaithe, tabharfaidh an t-údarás ***faighte iarrata*** aghaidh agus freagra ar an iarraidh laistigh de 14 lá féilire.	6. Déanfaidh an t-údarás ***iarrtha*** a dhícheall aghaidh agus freagra a thabhairt ar an iarraidh gan moill mhíchuí. ***Déanfar mionsonraí breise*** maidir le ***nós imeachta an chomhair struchtúrtha, lena n-áirítear cearta agus oibleagáidí na bpáirtithe, na spriocdhátaí a bheidh le comhlíonadh agus na torthaí idirmheánacha, a leagan amach i rialacha nós imeachta an Bhoird***. I gcás iarrataí ar chomhar nó cúnamh frithpháirteach brostaithe, tabharfaidh an t-údarás ***iarrtha*** aghaidh agus freagra ar an iarraidh laistigh de 14 lá féilire.

Leasú 191

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 13 – mír 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
7. I gcás nach measfaidh an t-údarás iarrthach gur ***leordhóthanach*** na bearta a ***rinneadh*** an t-údarás ***faighte iarrata*** chun aghaidh agus freagra a thabhairt ar a iarraidh, cuirfidh sé an t-údarás ***faighte iarrata*** ar an eolas faoin méid sin gan moill mhíchuí, agus míneoidh sé na cúiseanna lena sheasamh. Mura n-aontaíonn an t-údarás ***faighte iarrata*** leis an seasamh sin, nó mura bhfaightear freagra ón údarás ***faighte iarrata***, féadfaidh ceachtar údarás an t-ábhar a ***chur faoi bhráid an Bhoird. Laistigh de 14 lá féilire ón*** tarchur sin a fháil, eiseoidh an Bord, i ***gcomhaontú*** leis an gCoimisiún, tuairim ***maidir leis*** an ábhar, lena n-áirítear gníomhaíochtaí molta. Déanfaidh an t-údarás ***faighte iarrata*** a dhícheall tuairim an Bhoird a chur san áireamh.	7. I gcás nach measfaidh an t-údarás iarrthach gur ***leormhaith*** na bearta a ***rinne*** an t-údarás ***iarrtha*** chun aghaidh agus freagra a thabhairt ar a iarraidh, cuirfidh sé an t-údarás ***iarrtha*** ar an eolas faoin méid sin gan moill mhíchuí, agus míneoidh sé na cúiseanna lena sheasamh. Mura n-aontaíonn an t-údarás ***iarrtha*** leis an seasamh sin, nó mura bhfaightear freagra ón údarás ***iarrtha***, féadfaidh ceachtar údarás an t-ábhar a ***tharchur chuig an mBord. Tar éis dó an*** tarchur sin a fháil ***agus laistigh de thréimhse ama a bheidh le sonrú i rialacha nós imeachta an Bhoird***, eiseoidh an Bord, i ***gcomhairle*** leis an gCoimisiún ***i gcás ina measfaidh an Bord go bhfuil sé sin ábhartha***, tuairim ***ar*** an ábhar, lena n-áirítear gníomhaíochtaí molta. Déanfaidh an t-údarás ***iarrtha*** a dhícheall tuairim an Bhoird a chur san áireamh.

Leasú 192

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 14 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Gan moill mhíchuí agus laistigh ***de 30 lá féilire***, cuirfidh an t-údarás nó an comhlacht náisiúnta ***iarrthach*** an t-údarás nó an comhlacht náisiúnta ***faighte iarrata*** ar an eolas faoi na gníomhaíochtaí a rinneadh nó atá beartaithe de bhun mhír 1.	2. Gan moill mhíchuí agus laistigh ***d'uastréimhse ama a bheidh le sonrú i rialacha nós imeachta an Bhoird***, cuirfidh an t-údarás nó an comhlacht náisiúnta ***iarrtha*** an t-údarás nó an comhlacht náisiúnta ***iarrthach*** ar an eolas faoi na gníomhaíochtaí a rinneadh nó atá beartaithe de bhun mhír 1***, nó tabharfaidh sé údar maith leis na cúiseanna nach ndearnadh gníomhaíochtaí***.

Leasú 193

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 14 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. I gcás ina mbeidh easaontú idir an t-údarás nó an comhlacht náisiúnta iarrthach agus an t-údarás nó an comhlacht náisiúnta ***faighte iarrata*** maidir le gníomhaíochtaí a rinneadh de bhun mhír 1, féadfaidh ceachtar údarás nó comhlacht an t-ábhar a ***chur faoi bhráid an Bhoird*** le haghaidh idirghabhála d'fhonn teacht ar réiteach cairdiúil.	3. I gcás ina mbeidh easaontú idir an t-údarás nó an comhlacht náisiúnta iarrthach agus an t-údarás nó an comhlacht náisiúnta ***iarrtha*** maidir le gníomhaíochtaí a rinneadh ***nó atá beartaithe nó diúltú gníomhaíochtaí a dhéanamh*** de bhun mhír 1, féadfaidh ceachtar údarás nó comhlacht an t-ábhar a ***tharchur chuig an mBord*** le haghaidh idirghabhála d'fhonn teacht ar réiteach cairdiúil.

Leasú 194

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 14 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Mura dtagann an Bord ar aon réiteach cairdiúil tar éis idirghabhála, féadfaidh an t-údarás nó an comhlacht ***náisiúnta*** iarrthach nó an t-údarás nó an comhlacht náisiúnta ***faighte iarrata*** a iarraidh ar an mBord tuairim a eisiúint maidir leis an ábhar. Ina thuairim, déanfaidh an Bord measúnú ar ***ar*** chomhlíon an t-údarás nó an comhlacht iarrthach iarraidh dá dtagraítear i mír 1. Má ***bhreithníonn*** an Bord nár chomhlíon an t-údarás ***faighte iarrata*** an iarraidh sin, molfaidh an Bord gníomhaíochtaí chun go gcomhlíonfar an iarraidh. Eiseoidh an Bord a thuairim, i ***gcomhaontú*** leis an gCoimisiún, gan moill mhíchuí.	4. Mura dtagann an Bord ar aon réiteach cairdiúil tar éis idirghabhála, féadfaidh an t-údarás nó an comhlacht iarrthach nó an t-údarás nó an comhlacht náisiúnta ***iarrtha*** a iarraidh ar an mBord tuairim a eisiúint maidir leis an ábhar. Ina thuairim, déanfaidh an Bord measúnú ar ***cibé acu a*** chomhlíon an t-údarás nó an comhlacht iarrthach iarraidh dá dtagraítear i mír 1. Má ***mheasann*** an Bord nár chomhlíon an t-údarás ***nó*** an ***comhlacht iarrtha an*** iarraidh sin, molfaidh an Bord gníomhaíochtaí chun go gcomhlíonfar an iarraidh. Eiseoidh an Bord a thuairim, i ***gcomhairle*** leis an gCoimisiún ***i gcás ina measfaidh sé go bhfuil sé sin ábhartha***, gan moill mhíchuí.

Leasú 195

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 14 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5. ***Gan moill mhíchuí agus laistigh de 30 lá féilire ar a mhéad ón*** tuairim dá dtagraítear i ***mír 4*** a fháil, cuirfidh an t-údarás nó comhlacht náisiúnta ***iarrthach*** an Bord, an ***Coimisiún agus an*** t-údarás nó an comhlacht ***faighte iarrata*** ar an eolas ***maidir leis*** na gníomhaíochtaí a rinneadh nó a bheartaítear a dhéanamh i ndáil leis an tuairim.	5. ***Tar éis dó an*** tuairim dá dtagraítear i ***mír 4*** a fháil, cuirfidh an t-údarás nó ***an*** comhlacht náisiúnta ***iarrtha, gan moill mhíchuí agus laistigh d'uastréimhse ama a bheidh le sonrú i rialacha nós imeachta*** an ***Bhoird, an*** Bord, an t-údarás nó an comhlacht ***iarrthach agus, i gcás inar gá, an Coimisiún*** ar an eolas ***faoi*** na gníomhaíochtaí a rinneadh nó a bheartaítear a dhéanamh i ndáil leis an tuairim.

Leasú 196

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 15 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Cothóidh an Bord malartú dea-chleachtas i measc na n-údarás nó na gcomhlachtaí rialála náisiúnta, na bpáirtithe leasmhara comhairliúcháin, i gcás inarb iomchuí, agus i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún, maidir le gnéithe teicniúla nó praiticiúla a bhaineann le cur i bhfeidhm comhsheasmhach agus éifeachtach an Rialacháin seo agus na rialacha náisiúnta lena gcuirtear Treoir 2010/13/AE chun feidhme.	1. Cothóidh an Bord malartú dea-chleachtas i measc na n-údarás nó na gcomhlachtaí rialála náisiúnta, na bpáirtithe leasmhara comhairliúcháin, i gcás inarb iomchuí, agus i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún, maidir le gnéithe teicniúla nó praiticiúla a bhaineann le cur i bhfeidhm comhsheasmhach agus éifeachtach an Rialacháin seo agus na rialacha náisiúnta lena gcuirtear Treoir 2010/13/AE chun feidhme.

Leasú 197

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 15 – mír 2 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) rochtain a thabhairt ar fhaisnéis faoi struchtúr úinéireachta soláthraithe seirbhísí meán closamhairc, dá bhforáiltear faoi Airteagal 5(2) de Threoir 2010/13/AE.	(b) rochtain a thabhairt ar fhaisnéis faoi struchtúr úinéireachta soláthraithe seirbhísí meán closamhairc, ***amhail*** dá bhforáiltear faoi Airteagal 5(2) de Threoir 2010/13/AE ***agus Airteagal 6 den Rialachán seo***.

Leasú 198

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 15 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Féadfaidh an Coimisiún tuairim a eisiúint maidir le haon ábhar a bhaineann le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo agus ***le cur chun feidhme*** na rialacha náisiúnta lena gcuirtear ***Treoir 2010/13/AE*** chun feidhme. ***Tabharfaidh an Bord cúnamh i ndáil leis sin don Choimisiún, i gcás ina n-iarrtar sin air.***	3. Féadfaidh an Coimisiún***, le cúnamh ón mBord,*** tuairim a eisiúint maidir le haon ábhar a bhaineann le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo agus na rialacha náisiúnta lena gcuirtear ***Treoir 2010/13/AE*** chun feidhme.

Leasú 199

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 15 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Cothóidh an Bord comhar idir soláthraithe seirbhíse meán, comhlachtaí um chaighdeánú nó aon pháirtí leasmhar ábhartha eile chun go ***n-éascófar*** forbairt caighdeán ***teicniúil*** a bhaineann le comharthaí digiteacha nó le dearadh gléasanna nó ***comhéadan*** úsáideora ***lena rialaítear nó lena mbainistítear an rochtain ar sheirbhísí meán closamhairc agus úsáid na seirbhísí sin***.	4. Cothóidh an Bord comhar idir soláthraithe seirbhíse meán, comhlachtaí um chaighdeánú nó aon pháirtí leasmhar ábhartha eile chun go ***gcuirfear chun cinn*** forbairt caighdeán ***Eorpach comhchuibhithe*** a bhaineann le comharthaí digiteacha nó le dearadh gléasanna***, lena n-áirítear a gcianrialtáin*** nó ***a gcomhéadain*** úsáideora.

Leasú 200

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 16 – teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Comhordú a ***dhéanamh maidir le bearta a*** bhaineann le ***soláthraithe*** seirbhísí meán ***atá bunaithe*** lasmuigh den Aontas	Comhordú ***beart*** a bhaineann le seirbhísí meán ***a thagann ó áit*** lasmuigh den Aontas

Leasú 201

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 16 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Bearta arna ndéanamh ag ***údaráis*** nó comhlachtaí náisiúnta rialála a bhaineann le scaipeadh seirbhísí meán arna soláthar ag soláthraithe seirbhíse meán atá bunaithe lasmuigh den Aontas ***agus*** a dhíríonn ar phobail meáin san Aontas, ***déanfaidh an Bord iad a chomhordú*** i gcás ***ina ndéanann seirbhísí meán den sórt sin dochar nó ina ngabhann riosca tromchúiseach mór leo go ndéanfaí dochar don tslándáil agus don chosaint phoiblí***, i bhfianaise an rialaithe a d'fhéadfadh tríú tíortha a fheidhmiú orthu, ***inter alia.***	1. ***Comhordóidh an Bord*** bearta arna ndéanamh ag ***na húdaráis*** nó ***na*** comhlachtaí náisiúnta rialála a bhaineann le scaipeadh seirbhísí meán arna soláthar ag soláthraithe seirbhíse meán atá bunaithe lasmuigh den Aontas a dhíríonn***, gan beann*** ar ***na modhanna dáilte ina leith ná ar na bealaí ar féidir rochtain a fháil orthu, ar*** phobail meáin san Aontas, ***nó a théann*** i ***bhfeidhm orthu, i*** gcás, ***inter alia,*** i bhfianaise an rialaithe a d'fhéadfadh tríú tíortha a fheidhmiú orthu, ***ina ndéanann seirbhísí meán den sórt sin an méid seo a leanas:***

Leasú 202

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 16 – mír 1 – pointe a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(a) ina bhfuil briogadh poiblí chun cion sceimhlitheoireachta a dhéanamh mar a leagtar amach in Airteagal 5 de Threoir (AE) 2017/541;

Leasú 203

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 16 – mír 1 – pointe b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(b) dochar follasach, tromchúiseach agus mór a dhéanamh don tslándáil phoiblí, nó baol tromchúiseach agus mór a bheith ann go ndéanfaí dochar don tslándáil phoiblí, lena n-áirítear an tslándáil náisiúnta agus an chosaint náisiúnta a choimirciú.

Leasú 204

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 16 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Féadfaidh an Bord***, i gcomhaontú leis an gCoimisiún,*** tuairimí a eisiúint maidir le bearta náisiúnta iomchuí faoi ***mhír 1***. Déanfaidh na húdaráis inniúla náisiúnta uile, lena n-áirítear na húdaráis nó na comhlachtaí rialála náisiúnta a ndícheall chun tuairimí an Bhoird a chur san áireamh.	2. Féadfaidh an Bord tuairimí a eisiúint maidir le bearta náisiúnta iomchuí faoi ***mhír 1 i gcomhréir lena rialacha nós imeachta***. Déanfaidh na húdaráis inniúla náisiúnta uile, lena n-áirítear na húdaráis nó na comhlachtaí rialála náisiúnta, a ndícheall chun tuairimí an Bhoird a chur san áireamh. ***Tabharfaidh na húdaráis agus na comhlachtaí sin cúiseanna le diúltú tuairimí an Bhoird a chur san áireamh.***

Leasú 205

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 16 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2a. Áiritheoidh na Ballstáit gurb amhlaidh, i gcás inarb ábhartha, a bheidh bunús dlí ag údaráis nó comhlachtaí rialála náisiúnta a chinneann gníomhaíocht a dhéanamh i gcoinne soláthraí seirbhíse meán atá bunaithe lasmuigh den Aontas, ceann amháin díobh seo a leanas ar a laghad a chur san áireamh:
	(a) cinneadh arna ghlacadh in aghaidh an tsoláthraí sin ag údarás nó comhlacht rialála náisiúnta ó Bhallstát eile;
	(b) tuairim ón mBord maidir leis an soláthraí sin agus arna glacadh ar na forais a leagtar amach san Airteagal seo;
	(c) aon mheasúnú ar conas a fhaightear an tseirbhís meán ón soláthraí sin ar chríoch an Aontais.

Leasú 206

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 16 – mír 2 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2b. Forbróidh an Bord sraith treoirlínte maidir le soláthraithe seirbhíse meán atá bunaithe lasmuigh den Aontas. I gcás ina ngníomhaíonn údaráis inniúla nó comhlachtaí inniúla Ballstáit i gcoinne soláthraí den sórt sin, déanfaidh siad a ndícheall na treoirlínte arna bhforbairt ag an mBord a chur san áireamh.

Leasú 207

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 16 – mír 2 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2c. I gcás ina dtagann soláthraí seirbhíse meán atá bunaithe lasmuigh den Aontas faoi dhlínse chríochach Ballstáit de bhun Airteagal 2(4) de Threoir 2010/13/AE, sa bhreis ar aon tuairimí ón mBord arna n-eisiúint faoi mhír 2 den Airteagal seo, féadfaidh údarás nó comhlacht rialála Ballstáit eile a iarraidh ar údaráis nó comhlachtaí inniúla an Bhallstáit ar faoina dhlínse chríochach a thagann an soláthraí seirbhíse meán beart iomchuí a dhéanamh i gcoinne an tsoláthraí sin i gcás ina measann sé go ndearna sé sárú follasach, tromchúiseach agus mór ar Airteagal 6(1), pointe (b), de Threoir 2010/13/AE nó go ndearna sé dochar don tslándáil phoiblí, nó go raibh baol tromchúiseach agus mór ann go bhféadfadh sé dochar a dhéanamh don tslándáil phoiblí, lena n-áirítear coimirciú na slándála náisiúnta agus na cosanta náisiúnta.

Leasú 208

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 17 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Soláthraithe ardán an-mhór ar líne, soláthróidh siad feidhmiúlacht lena gcuirfear ar ***a gcumas d'***fhaighteoirí a gcuid seirbhísí an méid seo a leanas a dhearbhú:	1. ***Áiritheoidh*** soláthraithe ardán an-mhór ar líne ***nach mbeidh tionchar diúltach ag cinntí i dtaca le modhnú ábhair ná ag aon ghníomhaíochtaí eile arna ndéanamh acu ar shaoirse agus ar iolrachas na meán. Áiritheoidh siad go mbeidh acmhainní daonna leormhaithe ag a bpróisis mhodhnaithe ábhair agus faireacháin ábhair chun teangacha agus réigiúin gheografacha uile an Aontais a chumhdach.*** Soláthróidh siad feidhmiúlacht lena gcuirfear ar ***chumas*** fhaighteoirí a gcuid seirbhísí an méid seo a leanas a dhearbhú:

Leasú 209

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 17 – mír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) ***is soláthraí*** seirbhíse meán ***é*** de réir bhrí ***Airteagal 2***(2);	(a) ***gur soláthraithe*** seirbhíse meán ***iad*** de réir bhrí ***Airteagal 2*** (2) ***agus go gcomhlíonann siad an dualgas a leagtar amach in Airteagal 6(1)***;

Leasú 210

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 17 – mír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) ***tá sé*** neamhspleách ar na Ballstáit agus ar thríú tíortha ó thaobh ***eagarthóireachta*** de; ***agus***	(b) ***go bhfuil siad*** neamhspleách ***ó thaobh eagarthóireachta de*** ar ***aon institiúid, comhlacht, oifig nó gníomhaireacht de chuid an Aontais agus ar*** na Ballstáit***, ar pháirtithe polaitiúla*** agus ar thríú tíortha ***agus go bhfuil siad neamhspleách*** ó thaobh ***feidhme*** de ***ar eintitis phríobháideacha nach mbaineann a gcuspóir corparáideach le seirbhísí meán a chruthú nó a scaipeadh***;

Leasú 211

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 17 – mír 1 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) ***tá sé*** faoi réir na gceanglas rialála le haghaidh ***feidhmiú freagrachta*** eagarthóireachta i mBallstát amháin nó níos mó***, nó cloíonn sé le*** sásra ***rialála comhpháirtigh nó féinrialaithigh*** lena rialaítear caighdeáin eagarthóireachta a aithnítear go ***forleathan*** agus a nglactar ***leo*** in earnáil ábhartha na meán i mBallstát amháin nó níos mó.	(c) ***go bhfuil siad*** faoi réir na gceanglas rialála le haghaidh ***freagracht agus formhaoirseacht*** eagarthóireachta ***a bheith á bhfeidhmiú ag údarás nó comhlacht rialála náisiúnta inniúil*** i mBallstát amháin nó níos mó ***nó go gcomhlíonann siad*** sásra ***comhrialála nó féinrialála*** lena rialaítear caighdeáin eagarthóireachta ***atá ina shásra atá trédhearcach,*** a aithnítear go ***dlíthiúil*** agus a nglactar ***go forleathan leis*** in earnáil ábhartha na meán i mBallstát amháin nó níos mó;

Leasú 212

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 17 – mír 1 – pointe c a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ca) nach soláthraíonn siad ábhar arna ghiniúint le córas intleachta saorga gan formhaoirseacht dhaonna agus rialú eagarthóireachta a dhéanamh ar ábhar den sórt sin;

Leasú 213

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 17 – mír 1 – pointe c b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(cb) a n-ainm agus ainm a stiúrthóra bainistíochta, a sonraí teagmhála gairmiúla, lena n-áirítear seoladh ríomhphoist agus uimhir ghutháin, agus a n-áit bhunaíochta;

Leasú 214

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 17 – mír 1 – pointe c c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(cc) faisnéis faoin údarás nó comhlacht rialála náisiúnta inniúil nó faoi ionadaí an tsásra comhrialála nó féinrialála a bhfuil siad faoina réir.

Leasú 215

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 17 – mír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1a. Áiritheoidh soláthraithe ardán an-mhór ar líne go bhfágfaidh an fheidhmiúlacht dá dtagraítear i mír 1 go bhféadfaidh faisnéis a dhearbhaítear fúithi, cé is moite den fhaisnéis a leagtar amach i mír 1, pointe (cb), a bheith inrochtana don phobal agus inrochtana go héasca.

Leasú 216

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 17 – mír 1 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1b. Admhóidh soláthraithe ardán an-mhór ar líne go bhfuarthas dearbhuithe arna dtíolacadh faoi mhír 1. Luafaidh siad san admháil cibé acu ghlacann siad leis an dearbhú nó nach nglacann. Cuirfidh siad an admháil fála in iúl láithreach don soláthraí seirbhíse meán lena mbaineann, don údarás nó comhlacht rialála náisiúnta inniúil lena mbaineann nó d'ionadaí an tsásra comhrialála nó féinrialála lena mbaineann. San admháil fála, sonróidh soláthraithe ardán an-mhór ar líne duine teagmhála nó comhlacht inniúil trínar féidir leis an soláthraí seirbhíse meán cumarsáid a dhéanamh go díreach agus go mear le soláthraí an ardáin an-mhór ar líne. I gcás ina nglacfaidh soláthraí ardáin an-mhór ar líne le dearbhú arna thíolacadh ag soláthraí seirbhíse meán faoi mhír 1, measfar gur soláthraí seirbhíse meán aitheanta é an soláthraí seirbhíse meán sin.

Leasú 217

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 17 – mír 1 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1c. Arna iarraidh sin do sholáthraí ardáin an-mhór ar líne nár ghlac le dearbhú arna thíolacadh faoi mhír 1, pointe (c), toisc amhras réasúnach a bheith air faoi chineál an dearbhaithe sin, dearbhóidh an t-údarás nó an comhlacht rialála náisiúnta ábhartha nó ionadaí an tsásra comhrialála nó féinrialála ábhartha cineál an dearbhaithe sin nó cuirfidh sé ó bhail é. I gcás ina ndearbhóidh an t-údarás nó an comhlacht rialála náisiúnta ábhartha nó ionadaí an tsásra comhrialála nó féinrialála ábhartha cineál an dearbhaithe sin, measfar gur soláthraí seirbhíse meán aitheanta é an soláthraí seirbhíse meán.

Leasú 218

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 17 – mír 1 d (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1d. Arna iarraidh sin do sholáthraí seirbhíse meán a mheasann go ndearna soláthraí ardáin an-mhór ar líne a dhearbhú arna thíolacadh faoi mhír 1 a chur ó bhail go héagórach, déanfaidh an t-údarás nó an comhlacht náisiúnta ábhartha nó ionadaí an tsásra comhrialála nó féinrialála ábhartha lena mbaineann an t-ábhar a shoiléiriú. I gcás ina gcinneann soláthraí ardáin an-mhór ar líne gan glacadh leis an soiléiriú arna sholáthar ag an údarás nó an comhlacht náisiúnta ábhartha nó ag ionadaí an tsásra comhrialála nó féinrialála ábhartha, féadfaidh an soláthraí seirbhíse meán achomharc a dhéanamh i gcoinne an chinnidh sin chuig an údarás nó an comhlacht rialála náisiúnta inniúil. Tabharfaidh an t-údarás nó an comhlacht rialála náisiúnta inniúil rialú ar an ábhar gan mhoill. Eiseoidh an Bord moladh. I gcás ina ndearbhóidh an t-údarás nó an comhlacht rialála náisiúnta inniúil an dearbhú, measfar gur soláthraí seirbhíse meán aitheanta é an soláthraí seirbhíse meán.

Leasú 219

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 17 – mír 1 e (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1e. I gcás ina ndearna soláthraí ardáin an-mhór ar líne soláthar a sheirbhísí idirghabhála ar líne a chur ar fionraí nó a shrianadh go minic, de bhun mhír 2, i ndáil le seirbhís meán arna soláthar ag soláthraí seirbhíse meán ar bhonn sárú ar a théarmaí agus a choinníollacha, féadfaidh soláthraí an ardáin an-mhór ar líne an dearbhú arna thíolacadh ag an soláthraí seirbhíse meán faoi mhír 1 a chur ó bhail. Cuirfidh soláthraí an ardáin an-mhór ar líne in iúl don eintiteas maoirseachta nó rialála agus an Bord go ndearna sé an dearbhú a chur ó bhail.

Leasú 220

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 17 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. I gcás ina gcinnfidh soláthraí ardáin an-mhór ar líne soláthar a ***chuid seirbhísí*** idirghabhála a chur ar fionraí i ndáil le ***hábhar*** arna ***sholáthar*** ag soláthraí seirbhíse meán ***a chuir dearbhú isteach de bhun mhír 1 den Airteagal seo, ar an bhforas*** go bhfuil an ***t-ábhar*** sin neamh-chomhoiriúnach lena chuid téarmaí agus coinníollacha ***agus nach gcuireann an t-ábhar sin*** le riosca sistéamach dá dtagraítear in ***Airteagal 26*** de Rialachán (AE) ***2022/XXX [an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha], déanfaidh sé na bearta uile is féidir, a mhéid atá siad comhsheasmhach lena n-oibleagáidí faoi dhlí an Aontais, lena n-áirítear Rialachán (AE) 2022/XXX [an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha], chun ráiteas maidir le*** cúiseanna a ghabhann leis an gcinneadh sin, mar a cheanglaítear le ***hAirteagal 4***(1) de Rialachán (AE) 2019/1150***, a chur in iúl don soláthraí seirbhíse meán lena mbaineann sula rachaidh an fhionraíocht i bhfeidhm***.	2. I gcás ina gcinnfidh soláthraí ardáin an-mhór ar líne soláthar a ***sheirbhísí*** idirghabhála ***ar líne*** a chur ar fionraí ***nó a shrianadh*** i ndáil le ***seirbhís meán*** arna ***soláthar*** ag soláthraí seirbhíse meán ***aitheanta toisc*** go bhfuil an ***tseirbhís meán*** sin neamh-chomhoiriúnach lena chuid téarmaí agus coinníollacha***, déanfaidh sé, gan dochar do na bearta maolaithe i ndáil*** le riosca sistéamach dá dtagraítear in ***Airteagal 34*** de Rialachán (AE) ***2022/2065, na*** cúiseanna a ghabhann leis an gcinneadh sin ***a chur in iúl don soláthraí seirbhíse meán aitheanta sin***, ***lena sonrófar an clásal sonrach sna téarmaí agus coinníollacha a raibh an tseirbhís meán neamh-chomhoiriúnach leis,*** mar a cheanglaítear le ***hAirteagal 4***(1) de Rialachán (AE) 2019/1150 ***agus le hAirteagal 17(3) de Rialachán (AE) 2022/2065***.
	Tabharfaidh soláthraí an ardáin an-mhór ar líne deis don soláthraí seirbhíse meán aitheanta freagairt a thabhairt ar na cúiseanna a ghabhann lena chinneadh laistigh de 24 uair an chloig sula dtiocfaidh an fhionraí nó an srian i bhfeidhm.

Leasú 221

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 17 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2a. Más rud é, tar éis na tréimhse 24 uair an chloig dá dtagraítear i mír 2, an dara fomhír, agus tar éis aird chuí a thabhairt ar fhreagairt an tsoláthraí seirbhíse meán aitheanta, go measann soláthraí an ardáin an-mhór ar líne go bhfuil an tseirbhís meán i dtrácht ar neamhréir lena théarmaí agus lena choinníollacha, féadfaidh sé an cás a tharchur chuig an údarás nó an comhlacht inniúil rialála náisiúnta ábhartha nó comhlacht an tsásra ábhartha féinrialála nó comhrialála. Cinnfidh an t-údarás nó an comhlacht rialála náisiúnta inniúil ábhartha nó ionadaí an tsásra ábhartha féinrialála nó comhrialála, gan mhoill, cibé an bhfuil bonn cirt leis an bhfionraí nó leis an srian atá beartaithe i bhfianaise an chlásail shonraigh i dtéarmaí agus coinníollacha sholáthraí an ardáin an-mhór ar líne, agus saoirsí bunúsacha á gcur san áireamh.

Leasú 222

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 17 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Déanfaidh soláthraithe ardán ar líne na bearta teicniúla agus eagraíochtúla uile is gá chun a áirithiú go ndéanfar gearáin faoi ***Airteagal 11*** de Rialachán (AE) 2019/1150 ***ag soláthraithe*** seirbhíse meán a ***chuir dearbhú isteach de bhun mhír 1 den Airteagal seo a*** phróiseáil agus ***go ndéanfar cinneadh ina leith mar thosaíocht*** agus ***gan moill mhíchuí***.	3. Déanfaidh soláthraithe ardán ***an-mhór*** ar líne na bearta teicniúla agus eagraíochtúla uile is gá chun a áirithiú go ndéanfar gearáin faoi ***Airteagal 11*** de Rialachán (AE) 2019/1150 ***nó Airteagal 20 de Rialachán (AE) 2022/2065 ó sholáthraithe*** seirbhíse meán ***aitheanta*** a phróiseáil agus ***a chinneadh de réir tosaíochta*** agus***, in aon chás, tráth nach déanaí ná 24 uair an chloig tar éis an gearán a chur isteach. Féadfaidh comhlacht ionadaíocht a dhéanamh ar an soláthraí seirbhíse meán i nósanna imeachta gearáin.***

Leasú 223

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 17 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. I gcás ina mbreithníonn soláthraí seirbhíse meán ***a chuir dearbhú isteach de bhun mhír 1*** go gcuireann soláthraí ardán an-mhór ar líne srian ar sholáthar a chuid seirbhísí nó go gcuireann sé ar fionraí go minic iad, gan foras leordhóthanach, ar seirbhísí iad i ndáil le hábhar a sholáthraíonn soláthraí seirbhíse meán, rachaidh an soláthraí ardán an-mhór i mbun ***idirphlé*** bríoch agus éifeachtach leis an soláthraí seirbhíse meán, arna iarraidh sin ***dó***, de mheon macánta agus d'fhonn teacht ar réiteach cairdiúil ***chun deireadh a chur le*** srianta nó fionraíocht gan údar ***agus iad a sheachaint*** amach anseo. Féadfaidh an soláthraí seirbhíse meán ***fógra faoi thoradh na malartuithe*** sin a ***thabhairt*** don Bhord.	4. I gcás ina mbreithníonn soláthraí seirbhíse meán ***aitheanta*** go gcuireann soláthraí ardán an-mhór ar líne srian ar sholáthar a chuid seirbhísí nó go gcuireann sé ar fionraí go minic iad, gan foras leordhóthanach, ar seirbhísí iad i ndáil le hábhar ***nó seirbhísí*** a sholáthraíonn soláthraí seirbhíse meán, ***agus ar bhealach lena ndéantar an bonn a bhaint de shaoirse na meán agus d'iolrachas na meán,*** rachaidh an soláthraí ardán an-mhór i mbun ***comhairliúchán*** bríoch agus éifeachtach leis an soláthraí seirbhíse meán, arna iarraidh sin ***don soláthraí seirbhíse meán***, de mheon macánta agus d'fhonn teacht ar réiteach cairdiúil ***laistigh de thréimhse ama réasúnach lena seachnaítear*** srianta nó fionraíocht gan údar amach anseo. Féadfaidh an soláthraí seirbhíse meán ***toradh na gcomhairliúchán*** sin a ***chur in iúl*** don Bhord ***agus don chomhordaitheoir náisiúnta seirbhísí digiteacha dá dtagraítear i Rialachán (AE) 2022/2065. I gcás nach féidir teacht ar réiteach cairdiúil, féadfaidh an soláthraí seirbhíse meán gearán a thaisceadh os comhair comhlacht deimhnithe um réiteach díospóidí lasmuigh den chúirt i gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán (AE) 2022/2065.***

Leasú 224

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 17 – mír 5 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) méid na gcásanna inar ***fhorchuir*** siad ***aon srian nó fionraí ar an bhforas go raibh an t-ábhar a sholáthar soláthraí seirbhíse meán a chuir dearbhú isteach i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo neamh-chomhoiriúnach lena gcuid téarmaí agus coinníollacha***;	(a) méid na gcásanna inar ***thionscain*** siad ***an próiseas chun soláthar a seirbhíse idirghabhála ar líne a chur ar fionraí nó a shrianadh de bhun mhír 2***;

Leasú 225

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 17 – mír 5 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) na forais le haghaidh srianta den sórt sin a fhorchur.	(b) na forais le haghaidh ***fionraíocht nó*** srianta den sórt sin a fhorchur***, lena n-áirítear an clásal sonrach ina dtéarmaí agus coinníollacha a raibh an soláthraí seirbhíse ar neamhréir leo;***

Leasú 226

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 17 – mír 5 – pointe b a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ba) líon na gcásanna inar dhiúltaigh siad glacadh le dearbhuithe arna dtíolacadh ag soláthraí seirbhíse meán faoi mhír 1 agus na forais ar ar diúltaíodh glacadh leo.

Leasú 227

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 17 – mír 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
6. D'fhonn cur chun feidhme comhsheasmhach agus éifeachtach an Airteagail seo a éascú, ***féadfaidh*** an Coimisiún treoirlínte a eisiúint chun foirm agus sonraí an dearbhaithe a leagtar amach i mír 1 a bhunú.	6. D'fhonn cur chun feidhme comhsheasmhach agus éifeachtach an Airteagail seo a éascú, ***déanfaidh*** an Coimisiún***, i gcomhairle leis an mBord,*** treoirlínte a eisiúint chun foirm agus sonraí an dearbhaithe a leagtar amach i mír 1 a bhunú.

Leasú 228

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 17 – mír 6 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	6a. Beidh an tAirteagal seo gan dochar don cheart atá ag soláthraithe seirbhíse meán cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil.

Leasú 229

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 18 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Eagróidh an Bord idirphlé struchtúraithe go tráthrialta idir soláthraithe ardán an-mhór ar líne, ionadaithe soláthraithe seirbhíse meán agus ionadaithe na sochaí sibhialta chun taithí agus dea-chleachtais i gcur i bhfeidhm Airteagal 17 den Rialachán seo a phlé, chun ***rochtain ar thairiscintí éagsúla ó mheáin neamhspleácha maidir le hardáin an-mhór ar líne*** a ***chothú agus chun faireachán a*** dhéanamh ***ar an gcloí le tionscnaimh féinrialála lena ndírítear ar an tsochaí a chosaint ar ábhar díobhálach, lena n-áirítear bréagaisnéis agus láimhseáil eachtrach agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis.***	1. Eagróidh an Bord***, le rannpháirtíocht an Ghrúpa Saineolaithe,*** idirphlé struchtúraithe go tráthrialta idir soláthraithe ardán an-mhór ar líne, ***soláthraithe inneall cuardaigh an-mhór ar líne,*** ionadaithe soláthraithe seirbhíse meán agus ionadaithe na sochaí sibhialta chun taithí agus dea-chleachtais i gcur i bhfeidhm Airteagal 17 den Rialachán seo a phlé chun ***an méid seo*** a ***leanas a*** dhéanamh*:*

Leasú 230

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 18 – mír 1 – pointe a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(a) rochtain ar thairiscintí éagsúla meán neamhspleách a chothú ar ardáin an-mhór ar líne agus ar innill chuardaigh an-mhór ar líne;

Leasú 231

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 18 – mír 1 – pointe b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(b) faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh tionscnamh féinrialála lena ndírítear ar an tsochaí a chosaint ar ábhar díobhálach, lena n-áirítear bréagaisnéis agus ionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis;

Leasú 232

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 18 – mír 1 – pointe c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(c) scrúdú a dhéanamh ar thionchar féideartha agus iarbhír dhearadh agus fheidhmiú na n-ardán an-mhór ar líne nó na n-inneall cuardaigh an-mhór ar líne, ar dhearadh agus ar fheidhmiú a gcóras moltaí agus a bpróiseas modhnóireachta inneachair faoi seach agus ar chinntí a dhéanann soláthraithe ardán an-mhór ar líne agus soláthraithe inneall cuardaigh an-mhór ar líne maidir le saoirse na meán agus iolrachas na meán.

Leasú 233

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 18 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. ***Tabharfaidh*** an Bord tuarascáil ***don Coimisiún*** maidir le torthaí an idirphlé.	2. ***Cuirfidh*** an Bord tuarascáil maidir le torthaí an idirphlé ***faoi bhráid an Choimisiúin, Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle. Cuirfear na torthaí sin ar fáil go poiblí.***

Leasú 234

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 19 – teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
An ceart chun tairiscint meán closamhairc a shaincheapadh	An ceart chun ***an*** tairiscint meán ***fuaime agus*** closamhairc a shaincheapadh

Leasú 235

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 19 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Beidh an ceart ag úsáideoirí ***socruithe réamhshocraithe aon ghléas nó aon*** chomhéadan úsáideora lena rialaítear nó lena mbainistítear rochtain ar sheirbhísí meán closamhairc agus úsáid na seirbhísí sin a athrú ar bhealach éasca chun an tairiscint i leith meáin chlosamhairc a oiriúnú de réir a leasanna nó a dtosaíochtaí féin i gcomhréir leis an dlí. Ní dhéanfaidh an fhoráil sin difear do bhearta náisiúnta lena gcuirtear Airteagal 7a de Threoir 2010/13/AE chun feidhme.	1. Beidh an ceart ag úsáideoirí ***cumraíocht na seirbhísí meán closamhairc nó na bhfeidhmchlár lenar féidir le húsáideoirí rochtain a fháil ar sheirbhísí den sórt sin ar*** chomhéadan úsáideora ***nó ar ghléasanna,*** lena ***n-áirítear cianrialtáin, lena*** rialaítear nó lena mbainistítear rochtain ar sheirbhísí meán ***fuaime nó seirbhísí meán*** closamhairc agus úsáid na seirbhísí sin a athrú ar bhealach éasca chun an tairiscint i leith meáin ***fuaime nó meáin*** chlosamhairc a oiriúnú de réir a leasanna nó a dtosaíochtaí féin i gcomhréir leis an dlí. Ní dhéanfaidh an fhoráil sin difear do bhearta náisiúnta lena gcuirtear Airteagal 7a ***agus 7b*** de Threoir 2010/13/AE chun feidhme.

Leasú 236

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 19 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. ***Nuair a chuirfidh monaróirí agus forbróirí na*** gléasanna ***agus na*** comhéadain úsáideora dá dtagraítear i ***mír 1 ar an margadh***, áiritheoidh siad go bhfuil feidhmiúlacht san áireamh iontu lena gcuirtear ar a gcumas d'úsáideoirí athrú a dhéanamh ar na socruithe réamhshocraithe lena rialaítear nó lena mbainistítear rochtain ar na seirbhísí meán closamhairc a thairgtear.	2. ***Aon duine a chuireann*** gléasanna ***ar an margadh, lena n-áirítear cianrialtáin, nó*** comhéadain úsáideora dá dtagraítear i ***mír 1***, áiritheoidh siad go bhfuil feidhmiúlacht san áireamh iontu lena gcuirtear ar a gcumas d'úsáideoirí athrú a dhéanamh ***aon uair*** ar na socruithe ***agus ar an leagan amach*** réamhshocraithe, lena ***n-áirítear cumraíocht na seirbhísí meán closamhairc nó na bhfeidhmchlár a cheadaíonn d'úsáideoirí rochtain a fháil ar na seirbhísí sin, lena*** rialaítear nó lena mbainistítear rochtain ar na seirbhísí meán closamhairc a thairgtear. ***Beidh feidhm ag forálacha Airteagal 25 de Rialachán (AE) 2022/2065 dá réir sin.***

Leasú 237

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 19 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2a. Áiritheoidh aon duine a oibríonn feistí dá dtagraítear i mír 2 nó comhéadain úsáideora go mbeidh céannacht an tsoláthraí seirbhíse meán a bhfuil freagracht eagarthóireachta air as seirbhís meán le feiceáil go comhsheasmhach agus go soiléir agus go mbeidh sé inaitheanta, ar choinníoll gur sholáthair an soláthraí seirbhíse meán ábhartha an fhaisnéis sin.

Leasú 238

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 20 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Aon bheart reachtaíochta, rialála nó riaracháin a dhéanfaidh Ballstát lenarbh fhéidir difear a dhéanamh d'***fheidhmiú*** soláthraithe seirbhíse meán sa mhargadh inmheánach, beidh údar cuí leo agus beidh siad comhréireach. Beidh bearta den sórt sin réasúnaithe, trédhearcach, oibiachtúil agus neamh-idirdhealaitheach.	1. Aon bheart reachtaíochta, rialála nó riaracháin a dhéanfaidh Ballstát lenarbh fhéidir difear a dhéanamh d'***iolrachas na meán agus do neamhspleáchas eagarthóireachta na*** soláthraithe seirbhíse meán ***maidir le soláthar nó feidhmiú a seirbhísí meán*** sa mhargadh inmheánach, beidh údar cuí leo agus beidh siad comhréireach. Beidh bearta den sórt sin réasúnaithe, trédhearcach, oibiachtúil agus neamh-idirdhealaitheach.

Leasú 239

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 20 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Aon nós imeachta náisiúnta a úsáidfear chun críocha beart rialála nó riaracháin dá dtagraítear i mír 1 a ullmhú nó a ghlacadh, beidh sé faoi réir creataí ama soiléire a leagfar amach roimh ré.	2. Aon nós imeachta náisiúnta a úsáidfear chun críocha beart rialála nó riaracháin dá dtagraítear i mír 1 a ullmhú nó a ghlacadh, beidh sé faoi réir creataí ama soiléire a leagfar amach roimh ré. ***Beidh tréimhsí ama den sórt sin fada go leor chun a áirithiú gur féidir bearta den sórt sin agus a n-iarmhairtí a mheas i gceart agus gur féidir le soláthraithe seirbhíse meán a ndéantar difear díreach dóibh aiseolas a sholáthar ina leith.***

Leasú 240

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 20 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Gan dochar don cheart chun cosaint éifeachtach bhreithiúnach a fháil, agus ina theannta sin, beidh an ceart ag aon soláthraí seirbhíse meán a bheidh faoi réir beart riaracháin nó rialála dá dtagraítear i mír 1 a bhaineann leis go haonarach agus go díreach achomharc in aghaidh an bhirt sin a chur faoi bhráid comhlacht achomhairc. Beidh an comhlacht sin neamhspleách ar na páirtithe lena mbaineann agus ar aon idirghabháil sheachtrach nó ar bhrú polaitiúil a d'fhéadfadh measúnú neamhspleách an chomhlachta ar na hábhair a chuirfear os a chomhair a chur i mbaol. Beidh an saineolas iomchuí aige chun go mbeidh sé in ann a ***fheidhmeanna a*** dhéanamh go héifeachtach.	3. Gan dochar don cheart chun cosaint éifeachtach bhreithiúnach a fháil, agus ina theannta sin, beidh an ceart ag aon soláthraí seirbhíse meán a bheidh faoi réir beart riaracháin nó rialála dá dtagraítear i mír 1 a bhaineann leis go haonarach agus go díreach achomharc in aghaidh an bhirt sin a chur faoi bhráid comhlacht achomhairc***, a d'fhéadfadh cúirt dlí a bheith ann***. Beidh an comhlacht sin neamhspleách ar na páirtithe lena mbaineann agus ar aon idirghabháil sheachtrach nó ar bhrú polaitiúil a d'fhéadfadh measúnú neamhspleách an chomhlachta ar na hábhair a chuirfear os a chomhair a chur i mbaol. Beidh an saineolas ***agus an cistiúchán*** iomchuí aige chun go mbeidh sé in ann ***na feidhmeanna atá aige*** a dhéanamh go héifeachtach ***agus freagra tráthúil a thabhairt ar aon achomhairc***. ***Féadfaidh na comhlachtaí achomhairc sin tuairimí arna n-eisiúint ag an mBord ar an ábhar a chur san áireamh.***

Leasú 241

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 20 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Déanfaidh an Bord, arna iarraidh sin don Choimisiún, tuairim a tharraingt suas i gcás inar dóchúil go ndéanfaidh beart náisiúnta ***reachtaíochta***, riaracháin nó rialála difear d'fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh le haghaidh seirbhísí meán. Tar éis don Bhord a thuairim a thabhairt, agus gan dochar do na cumhachtaí atá aige faoi na Conarthaí, ***féadfaidh*** an Coimisiún a thuairim féin a eisiúint maidir leis an ábhar. Cuirfear tuairimí ón mBord agus, i gcas inarb infheidhme, tuairimí ón gCoimisiún ar fáil go poiblí.	4. Déanfaidh an Bord, ***ar a thionscnamh féin nó*** arna iarraidh sin don Choimisiún ***nó do Pharlaimint na hEorpa***, tuairim a tharraingt suas i gcás inar dóchúil go ndéanfaidh beart náisiúnta ***reachtach***, riaracháin nó rialála difear d'fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh le haghaidh seirbhísí meán ***nó go n-imreoidh sé tionchar ar iolrachas na meán nó ar neamhspleáchas eagarthóireachta***. Tar éis don Bhord a thuairim a thabhairt, agus gan dochar do na cumhachtaí atá aige faoi na Conarthaí, ***déanfaidh*** an Coimisiún a thuairim féin a eisiúint maidir leis an ábhar. Cuirfear tuairimí ón mBord agus, i gcas inarb infheidhme, tuairimí ón gCoimisiún ar fáil go poiblí.

Leasú 242

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 20 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5. I gcás ina nglacfaidh údarás nó comhlacht náisiúnta beart lena ndéantar difear do sholáthraí seirbhíse meán go ***haonarach agus go*** díreach agus inar dóchúil go ndéanfaidh an beart difear d'fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh le haghaidh seirbhísí meán, cuirfidh sé in iúl dó, arna iarraidh sin don Bhord, agus i gcas inarb infheidhme, arna iarraidh sin don Choimisiún, gan moill mhíchuí agus trí bhíthin bealaí leictreonacha, aon fhaisnéis ábhartha, lena n-áirítear achoimre ar na fíorais, a bheart, na fíorais ar ar bhunaigh an t-údarás náisiúnta nó an comhlacht náisiúnta a bheart, agus, i gcás inarb infheidhme, barúlacha údarás eile lena mbaineann.	5. I gcás ina nglacfaidh údarás nó comhlacht náisiúnta beart lena ndéantar difear do sholáthraí seirbhíse meán go díreach agus inar dóchúil go ndéanfaidh an beart difear d'***iolrachas na meán agus don neamhspleáchas eagarthóireachta nó d'***fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh le haghaidh seirbhísí meán, cuirfidh sé in iúl dó, arna iarraidh sin don Bhord, agus i gcas inarb infheidhme, arna iarraidh sin don Choimisiún, gan moill mhíchuí agus trí bhíthin bealaí leictreonacha, aon fhaisnéis ábhartha, lena n-áirítear achoimre ar na fíorais, a bheart, na fíorais ar ar bhunaigh an t-údarás náisiúnta nó an comhlacht náisiúnta a bheart, agus, i gcás inarb infheidhme, barúlacha údarás eile ***nó comhlachtaí*** lena mbaineann. ***Arna iarraidh sin do sholáthraí seirbhíse meán a ndéanann beart arna dhéanamh ag Ballstát difear díreach dó, eiseoidh an Bord tuairim maidir leis an mbeart lena mbaineann.***

Leasú 243

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 21 – mír 1 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Soláthróidh na Ballstáit, ***ina gcórais*** náisiúnta ***dlí***, rialacha substainteacha agus rialacha nós imeachta lena n-áiritheofar go ndéanfar measúnú ar chomhchruinnithe i margadh na meán a d'fhéadfadh difear ***suntasach*** a dhéanamh d'iolrachas na meán agus do neamhspleáchas eagarthóireachta. Maidir leis na rialacha sin:	Soláthróidh na Ballstáit, ***sa dlí*** náisiúnta, rialacha substainteacha agus rialacha nós imeachta lena n-áiritheofar go ndéanfar measúnú ar chomhchruinnithe i margadh na meán a d'fhéadfadh difear a dhéanamh d'iolrachas na meán agus do neamhspleáchas eagarthóireachta. Maidir leis na rialacha sin:

Leasú 244

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 21 – mír 1 – fomhír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) ceanglóidh siad ar na páirtithe do chomhchruinniú i margadh na meán a d'fhéadfadh difear ***suntasach*** a dhéanamh d'iolrachas na meán agus do neamhspleáchas eagarthóireachta an comhchruinniú sin a chur in iúl roimh ré do na húdaráis nó na comhlachtaí náisiúnta ábhartha;	(b) ceanglóidh siad ar na páirtithe do chomhchruinniú i margadh na meán a d'fhéadfadh difear a dhéanamh d'iolrachas na meán agus do neamhspleáchas eagarthóireachta an comhchruinniú sin a chur in iúl roimh ré do na húdaráis nó na comhlachtaí náisiúnta ábhartha;

Leasú 245

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 21 – mír 1 – fomhír 1 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) ainmneoidh siad ***an t-údarás nó an comhlacht*** rialála náisiúnta a bheidh freagrach as measúnú a dhéanamh ar thionchar comhchruinnithe infhógartha ar iolrachas na meán agus ar neamhspleáchas eagarthóireachta nó áiritheoidh siad go mbeidh ***an t-údarás nó an comhlacht náisiúnta rialála*** bainteach leis an measúnú sin;	(c) ainmneoidh siad ***na húdaráis nó na comhlachtaí*** rialála náisiúnta a bheidh freagrach as measúnú a dhéanamh ar thionchar comhchruinnithe infhógartha ***i margadh na meán*** ar iolrachas na meán agus ar neamhspleáchas eagarthóireachta nó áiritheoidh siad go mbeidh ***siad*** bainteach ***go substaintiúil*** leis an measúnú sin ***nó éileoidh siad orthu dul i gcomhairle le húdaráis nó comhlachtaí rialála náisiúnta eile an Bhallstáit a d'fhéadfadh rannchuidiú le measúnú ar chomhchruinniú i margadh na meán***;

Leasú 246

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 21 – mír 1 – fomhír 1 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(d) leagfaidh siad critéir oibiachtúla neamh-idirdhealaitheacha chomhréireacha amach roimh ré maidir le fógra a thabhairt faoi ***chomhchruinnithe i margadh na meán a d'fhéadfadh difear suntasach a dhéanamh d'iolrachas na meán agus do neamhspleáchas eagarthóireachta agus maidir le measúnú a dhéanamh*** ar ***thionchar comhchruinnithe i margadh na meán ar*** iolrachas na meán agus ***ar neamhspleáchas eagarthóireachta.***	(d) leagfaidh siad critéir oibiachtúla, neamh-idirdhealaitheacha ***agus*** chomhréireacha amach roimh ré maidir le fógra a thabhairt faoi ***thionchar na gcomhchruinnithe margaidh*** ar iolrachas na meán agus ***faoi mheasúnú a dhéanamh air;***

Leasú 247

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír 1 – fomhír 1 – pointe d a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(da) tréimhse réasúnach ama a shonrú roimh ré faoina gcríochnóidh an t-údarás rialála náisiúnta nó an comhlacht rialála náisiúnta atá ag seoladh an mheasúnaithe an measúnú, agus an tréimhse ama atá ag teastáil le haghaidh rannpháirtíocht an Bhoird, an Choimisiúin, nó iad araon, á cur san áireamh, i gcomhréir le mír 4 agus mír 5;

Leasú 248

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír 1 – fomhír 1 – pointe d b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(db) a shonrú cé na hiarmhairtí a bheadh ann mura ndéanfaí an measúnú a chur i gcrích faoi dheireadh na tréimhse dá dtagraítear i bpointe (da).

Leasú 249

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 21 – mír 2 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Cuirfear na gnéithe seo a leanas san áireamh sa mheasúnú dá dtagraítear i ***mír 1***:	2. Cuirfear na gnéithe seo a leanas san áireamh sa mheasúnú dá dtagraítear i ***mír 1, go háirithe***:

Leasú 250

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 21 – mír 2 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) an tionchar a imríonn an comhchruinniú ar iolrachas na meán, lena n-áirítear a ***éifeacht ar fhoirmíocht*** tuairimí an phobail agus ar éagsúlacht na ngníomhaithe ***i*** margadh ***na meán***, agus an timpeallacht ar líne agus leasanna, naisc nó gníomhaíochtaí i ***ngnólachtaí i*** meáin eile nó i ngnólachtaí ***neamh-mheáin ag na páirtithe*** á gcur san áireamh;	(a) an tionchar a imríonn an comhchruinniú ar iolrachas na meán ***ar leibhéal an Aontais***, ***ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal réigiúnach,*** lena n-áirítear a ***chlúdach geografach agus a éifeachtaí ar fhoirmiú*** tuairimí an phobail agus ar éagsúlacht na ngníomhaithe ***meán agus an inneachair ar an*** margadh, agus an timpeallacht ar líne agus leasanna, naisc nó gníomhaíochtaí ***na bpáirtithe*** i meáin eile nó i ngnólachtaí ***eile nach gnólachtaí meán iad*** á gcur san áireamh;

Leasú 251

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 21 – mír 2 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) na cosaintí le haghaidh neamhspleáchas eagarthóireachta, lena n-áirítear tionchar an chomhchruinnithe ar fheidhmiú na bhfoirne eagarthóireachta agus ar bhearta a bheith ann arna ndéanamh ag soláthraithe seirbhíse meán d'fhonn neamhspleáchas cinntí aonaracha eagarthóireachta a ráthú;	(b) na cosaintí le haghaidh neamhspleáchas eagarthóireachta, lena n-áirítear tionchar an chomhchruinnithe ar fheidhmiú na bhfoirne eagarthóireachta agus ar bhearta a bheith ann arna ndéanamh ag soláthraithe seirbhíse meán d'fhonn ***caighdeáin eiticiúla agus ghairmiúla agus*** neamhspleáchas cinntí aonaracha eagarthóireachta a ráthú;

Leasú 252

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 21 – mír 2 – pointe c a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ca) torthaí an mheasúnaithe riosca a rinneadh mar chuid de thuarascáil bhliantúil maidir leis an smacht reachta ón gCoimisiún agus an Faireachán ar Iolrachas sna Meáin chun aon rioscaí do shaoirse na meán agus iolrachas na meán sna Ballstáit a shainaithint, a anailísiú agus a mheas.

Leasú 253

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 21 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. ***Féadfaidh*** an Coimisiún, ***le cúnamh ón*** mBord, treoirlínte a eisiúint ***maidir leis na tosca*** a bheidh le cur san áireamh ***nuair a chuirfidh na húdaráis nó na*** comhlachtaí rialála náisiúnta ***na critéir i bhfeidhm chun*** measúnú ***a*** dhéanamh ar ***an tionchar a imríonn comhchruinnithe*** i margadh na meán ar iolrachas na meán agus ar neamhspleáchas eagarthóireachta.	3. ***Déanfaidh*** an Coimisiún, ***i gcomhairle leis an*** mBord, treoirlínte a eisiúint a bheidh le cur san áireamh ***ag údaráis nó*** comhlachtaí rialála náisiúnta ***agus*** measúnú ***á*** dhéanamh ar ***thionchar na gcomhchruinnithe*** i margadh na meán ar iolrachas na meán agus ar neamhspleáchas eagarthóireachta.

Leasú 254

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 21 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. ***Rachaidh*** an t-údarás nó an comhlacht rialála náisiúnta i mbun comhairle leis an mBord roimh ***ré maidir le haon*** tuairim nó ***cinneadh a bheartaíonn*** sé a ghlacadh ***le linn dó measúnú a dhéanamh ar*** an tionchar ***a imríonn comhchruinnithe infhógartha i margadh na meán*** ar iolrachas na meán agus ar neamhspleáchas eagarthóireachta i gcás ina bhféadfadh ***na*** comhchruinnithe sin difear a dhéanamh d'fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh.	4. ***Déanfaidh*** an t-údarás nó an comhlacht rialála náisiúnta ***an Bord a chur ar an eolas roimh an measúnú a dhéanamh dá dtagraítear sa chéad fhomhír de mhír 1 a dhéanamh agus rachaidh sé*** i mbun comhairle leis an mBord roimh ***aon*** tuairim ***a eisiúint*** nó ***roimh aon chinneadh a dhéanamh a bhfuil*** sé ***d'aidhm aige*** a ghlacadh ***maidir leis*** an tionchar ar iolrachas na meán agus ar neamhspleáchas eagarthóireachta ***comhchruinniú margaidh infhógartha nó*** i gcás ina bhféadfadh comhchruinnithe ***den sórt*** sin difear a dhéanamh d'fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh.

Leasú 255

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 21 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5. Laistigh de 14 lá féilire tar éis dó an comhairliúchán dá dtagraítear i mír 4 a fháil, déanfaidh an Bord tuairim a tharraingt suas maidir leis an dréacht-tuairim náisiúnta nó an cinneadh a tarchuireadh chuige, ag cur na ngnéithe dá dtagraítear i mír 2 san áireamh, agus tarchuirfidh sé an tuairim sin chuig an údarás comhairliúcháin agus chuig an gCoimisiún.	5. Laistigh de 14 lá féilire tar éis dó an comhairliúchán dá dtagraítear i mír 4 a fháil, déanfaidh an Bord tuairim a tharraingt suas maidir leis an dréacht-tuairim náisiúnta nó an cinneadh a tarchuireadh chuige, ag cur na ngnéithe dá dtagraítear i mír 2 san áireamh, agus tarchuirfidh sé an tuairim sin chuig an údarás comhairliúcháin ***nó chuig an gcomhlacht comhairliúcháin*** agus chuig an gCoimisiún.

Leasú 256

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 21 – mír 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
6. Tabharfaidh an t-údarás nó an comhlacht rialála náisiúnta dá dtagraítear i mír 4 lánaird ar an tuairim dá dtagraítear i mír 5. I gcás nach gcloíonn an t-údarás sin leis an tuairim, go hiomlán nó go páirteach, soláthróidh sé, laistigh de 30 lá féilire ón lá a fuarthas an tuairim, údar cuí réasúnaithe don Bhord agus don Choimisiún, lena míneoidh sé a sheasamh. Gan dochar do na cumhachtaí atá aige faoi na Conarthaí, féadfaidh an Coimisiún a thuairim féin a eisiúint maidir leis an ábhar.	6. Tabharfaidh an t-údarás nó an comhlacht rialála náisiúnta dá dtagraítear i mír 4 lánaird ar an tuairim dá dtagraítear i mír 5. I gcás nach gcloíonn an t-údarás sin leis an tuairim, go hiomlán nó go páirteach, soláthróidh sé, laistigh de 30 lá féilire ón lá a fuarthas an tuairim, údar cuí réasúnaithe don Bhord agus don Choimisiún, lena míneoidh sé a sheasamh. Gan dochar do na cumhachtaí atá aige faoi na Conarthaí, féadfaidh an Coimisiún a thuairim féin a eisiúint maidir leis an ábhar. ***Déanfaidh an t-údarás rialála náisiúnta inniúil nó an comhlacht rialála náisiúnta inniúil, laistigh de cheithre seachtaine tar éis an tuairim sin a fháil, na cúiseanna nár lean sé an tuairim sin go hiomlán nó go páirteach a sholáthar don Choimisiún.***

Leasú 257

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 21 – mír 6 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	6a. Féadfaidh údaráis nó comhlachtaí rialála náisiúnta a iarraidh ar eintitis a bhfuil baint acu le comhchruinniú i margadh na meán gealltanais a thabhairt maidir le hiolrachas na meán agus neamhspleáchas eagarthóireachta a choimirciú bunaithe ar na gnéithe a leagtar amach i mír 2.

Leasú 258

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 22 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. In éagmais measúnú nó comhairliúchán de bhun Airteagal 21, déanfaidh an Bord, arna iarraidh sin don Choimisiún, tuairim a tharraingt suas maidir leis an tionchar a imríonn comhchruinnithe i margadh na meán ar iolrachas na meán agus ar neamhspleáchas eagarthóireachta, i gcás inar dóchúil go ndéanfaidh comhchruinniú i margadh na meán difear d'fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh le haghaidh seirbhísí meán. Bunóidh an Bord a thuairim ar na gnéithe a leagtar amach in Airteagal 21(2). ***Féadfaidh*** an Bord ***comhchruinnithe*** i margadh na meán***, ar dóchúil go ndéanfaidh siad difear d'fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh le haghaidh seirbhísí meán, a thabhairt ar aird don Choimisiún***.	1. In éagmais measúnú nó comhairliúchán de bhun Airteagal 21, déanfaidh an Bord, ***ar a thionscnamh féin nó*** arna iarraidh sin don Choimisiún, tuairim a tharraingt suas maidir leis an tionchar a imríonn comhchruinnithe i margadh na meán ar iolrachas na meán agus ar neamhspleáchas eagarthóireachta, i gcás inar dóchúil go ndéanfaidh comhchruinniú i margadh na meán difear d'fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh le haghaidh seirbhísí meán***, de réir a réamh-mheasúnaithe féin nó réamh-mheasúnú ón gCoimisiún***. Bunóidh an Bord a thuairim ar na gnéithe a leagtar amach in Airteagal 21(2). ***Déanfaidh*** an Bord ***aird an Choimisiúin a tharraingt ar chomhchruinnithe den sórt sin*** i margadh na meán.

Leasú 259

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 22 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Tar éis don Bhord a thuairim a thabhairt, agus gan dochar do na cumhachtaí atá aige faoi na Conarthaí, ***féadfaidh*** an Coimisiún a thuairim féin a eisiúint maidir leis an ábhar.	2. Tar éis don Bhord a thuairim a thabhairt, agus gan dochar do na cumhachtaí atá aige faoi na Conarthaí, ***déanfaidh*** an Coimisiún a thuairim féin a eisiúint maidir leis an ábhar. ***Déanfaidh an t-údarás rialála náisiúnta inniúil nó an comhlacht rialála náisiúnta inniúil, laistigh de cheithre seachtaine tar éis an tuairim sin a fháil, na cúiseanna nár lean sé an tuairim sin go hiomlán nó go páirteach a sholáthar don Choimisiún.***

Leasú 260

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 22 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Cuirfear tuairimí ón mBord agus***, i gcas inarb infheidhme,*** tuairimí ón gCoimisiún ar fáil go poiblí.	3. Cuirfear tuairimí ón mBord agus tuairimí ón gCoimisiún ar fáil go poiblí.

Leasú 261

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 22 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 22a
	Gníomhartha tarmligthe
	1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.
	2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear sa Rialachán seo a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ó [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = 6 mhí ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin sin].
	3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear sa Rialachán seo a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta a bheidh sonraithe sa chinneadh sin. Tiocfaidh sé i bhfeidhm an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó dáta níos faide anonn a shonraítear ann. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana féin.
	4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.
	6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 6 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse mí amháin tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 1 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

Leasú 262

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 23 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Beidh córais agus modheolaíochtaí um pobal meáin a thomhas comhlíontach le prionsabail na trédhearcachta, na neamhchlaontachta, na hionchuimsitheachta, na comhréireachta, an neamh-idirdhealaithe agus na hinfhioraitheachta.	1. Beidh córais agus modheolaíochtaí um pobal meáin a thomhas comhlíontach le prionsabail na trédhearcachta, na neamhchlaontachta, na hionchuimsitheachta, na comhréireachta, an neamh-idirdhealaithe***, na hinchomparáideachta*** agus na hinfhioraitheachta. ***Déanfar an pobal meáin a thomhas i gcomhréir le sásraí féinrialála arna gcomhaontú go comhpháirteach agus a nglactar leo go forleathan i dtionscal na meán.***

Leasú 263

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 23 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Gan dochar don chosaint do rúin ***ghnó*** gnóthas, déanfaidh soláthraithe córas dílseánaigh tomhais ar phobal meáin faisnéis chruinn, mhionsonraithe chuimsitheach, intuigthe, chothrom le dáta maidir leis an modheolaíocht a úsáidtear ina gcórais tomhais ar phobal meáin a sholáthar, gan moill mhíchuí agus saor ó chostais, do sholáthraithe seirbhíse meán agus d'fhógróirí, agus do thríú páirtithe freisin arna n-údarú ag soláthraithe seirbhíse meán agus fógróirí. Ní dhéanfaidh an fhoráil sin difear do rialacha cosanta sonraí agus rúndachta an Aontais.	2. Gan dochar don chosaint do rúin ***trádála*** gnóthas ***mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (1), de Threoir (AE) 2016/943,*** déanfaidh soláthraithe córas dílseánaigh tomhais ar phobal meáin faisnéis chruinn, mhionsonraithe chuimsitheach, intuigthe, chothrom le dáta maidir leis an modheolaíocht a úsáidtear ina gcórais tomhais ar phobal meáin a sholáthar, gan moill mhíchuí agus saor ó chostais, do sholáthraithe seirbhíse meán agus d'fhógróirí, agus do thríú páirtithe freisin arna n-údarú ag soláthraithe seirbhíse meán agus fógróirí. ***Déanfaidh soláthraithe córas dílseánaigh tomhais ar phobal meáin na tomhais phobal meáin a bhaineann lena inneachar agus lena sheirbhísí a sholáthar saor in aisce do gach soláthraí seirbhíse meán. Déanfaidh comhlacht neamhspleách iniúchadh uair sa bhliain ar an modheolaíocht a úsáideann córais dílseánaigh tomhais ar phobal meáin agus ar chur i bhfeidhm na modheolaíochta sin.*** Ní dhéanfaidh an fhoráil sin difear do rialacha cosanta sonraí agus rúndachta an Aontais.

Leasú 264

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 23 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2a. Beidh na sonraí maidir le tomhas ar phobal meáin a sholáthrófar do sholáthraithe seirbhíse meán chomh mionsonraithe céanna leis an bhfaisnéis arna soláthar ag sásraí féinrialála tionscail, lena n-áirítear sonraí neamh-chomhiomlánaithe.

Leasú 265

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 23 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. ***Spreagfaidh na húdaráis nó na comhlachtaí rialála náisiúnta tarraingt suas cód iompair ag*** soláthraithe córas tomhais ar phobal meáin, in éineacht ***lena gcuid eagraíochtaí*** ionadaíocha agus aon ***pháirtí leasmhar*** eile, ***ar*** cóid ***iad a bheartaítear a chuirfidh le comhlíontacht*** na bprionsabal dá dtagraítear i ***mír 1***, lena n-áirítear trí iniúchtaí neamhspleácha ***agus*** trédhearcacha a chur chun cinn.	3. ***Déanfaidh*** soláthraithe córas ***dílseánaigh*** tomhais ar phobal meáin, in éineacht ***le soláthraithe seirbhíse na meán, a n-eagraíochtaí*** ionadaíocha***, ardáin ar líne*** agus aon ***pháirtithe leasmhara*** eile, cóid ***iompair a tharraingt suas, le tacaíocht ó údaráis nó comhlachtaí rialála náisiúnta, atá ceaptha rannchuidiú le comhlíonadh*** na bprionsabal dá dtagraítear i ***mír 1***, lena n-áirítear trí iniúchtaí neamhspleácha trédhearcacha a chur chun cinn. ***Leis na cóid iompair sin, déanfar foráil maidir le faireachán agus meastóireacht rialta, thrédhearcach agus neamhspleách a dhéanamh ar chomhlíonadh na bprionsabal dá dtagraítear i mír 1. Agus cóid iompair á dtarraingt suas, tabharfar aird ar leith ar na heagraíochtaí beaga meán chun a áirithiú go ndéanfar a bpobail meáin a thomhas i gceart.***

Leasú 266

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 23 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. ***Féadfaidh*** an Coimisiún, le cúnamh ón mBord, treoirlínte ***a eisiúint*** maidir le cur i bhfeidhm praiticiúil ***mhíreanna 1***, 2 agus 3 ***den Airteagal seo***.	4. ***Eiseoidh*** an Coimisiún, le cúnamh ón mBord, treoirlínte maidir le cur i bhfeidhm praiticiúil ***mhír 1***, ***mhír*** 2 agus ***mhír*** 3***, agus na cóid iompair dá dtagraítear i mír 3 á gcur san áireamh***.

Leasú 267

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 23 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5. Cothóidh an Bord malartú dea-chleachtas a bhaineann le córais tomhais ar phobal meáin a chur in úsáid trí idirphlé tráthrialta idir ionadaithe na n-údarás nó na gcomhlachtaí rialála náisiúnta, ionadaithe soláthraithe córas tomhais ar phobal meáin agus páirtithe leasmhara eile.	5. Cothóidh an Bord malartú dea-chleachtas a bhaineann le córais tomhais ar phobal meáin a chur in úsáid trí idirphlé tráthrialta idir ionadaithe na n-údarás nó na gcomhlachtaí rialála náisiúnta, ionadaithe soláthraithe córas tomhais ar phobal meáin***, soláthraithe seirbhíse meán,*** agus páirtithe leasmhara eile.

Leasú 268

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 23 – mír 5 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	5a. Tá na hoibleagáidí a leagtar amach san Airteagal seo gan dochar do cheart na bpobal meáin maidir le cosaint sonraí pearsanta a bhaineann leo dá bhforáiltear in Airteagal 8 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus i Rialachán (AE) 2016/679.

Leasú 269

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 24 – teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Leithdháileadh ***fógraíochta*** stáit	Leithdháileadh ***cistí poiblí le haghaidh fógraíocht agus ceannacháin*** stáit

Leasú 270

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 24 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Is de réir critéir thrédhearcacha, oibiachtúla agus neamh-idirdhealaitheacha agus trí nósanna imeachta oscailte, comhréireacha agus neamh-idirdhealaitheacha a dhámhfar cistí poiblí nó aon chomaoin nó buntáiste eile arna ***dheonú*** ag údaráis phoiblí do sholáthraithe seirbhíse meán chun ***críoch*** fógraíochta. Ní dhéanfaidh an tAirteagal seo difear do rialacha soláthair phoiblí.	1. Is de réir critéir thrédhearcacha, oibiachtúla***, chomhréireacha*** agus neamh-idirdhealaitheacha agus trí nósanna imeachta oscailte, comhréireacha agus neamh-idirdhealaitheacha a dhámhfar cistí poiblí nó aon chomaoin nó buntáiste eile, arna ***leithdháileadh*** ag údaráis phoiblí do sholáthraithe seirbhíse meán***, do sholáthraithe ardán ar líne agus soláthraithe inneall cuardaigh ar líne*** chun ***críocha*** fógraíochta ***agus ceannacháin***. ***An cistiú poiblí sin a leithdháilfear chun críocha fógraíochta ar sholáthraí seirbhíse meán aonair, lena n-áirítear ar sholáthraí ardáin ar líne nó ar sholáthraí inneall cuardaigh ar líne,*** ní ***rachaidh sé thar 15 % den bhuiséad iomlán arna leithdháileadh ag an údarás poiblí sin ar iomlán na soláthraithe seirbhíse meán atá ag oibriú ar an leibhéal náisiúnta. Ní*** dhéanfaidh an tAirteagal seo difear do rialacha soláthair phoiblí ***nó do chur i bhfeidhm rialacha Státchabhrach***.

Leasú 271

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 24 – mír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1a. Áiritheoidh na húdaráis phoiblí, maidir leis na critéir agus na nósanna imeachta a úsáidtear chun leithdháileadh na gcistí poiblí ar sholáthraithe seirbhíse meán, ar ardáin ar líne agus ar innill chuardaigh ar líne chun críocha fógraíochta agus ceannachán stáit a chinneadh i gcomhréir le mír 1, go ndéanfar iad a chur ar fáil don phobal roimh ré trí mhodhanna leictreonacha agus soláimhsithe. Rachaidh na húdaráis nó na comhlachtaí rialála náisiúnta i gcomhairle leis an mBord agus le geallsealbhóirí náisiúnta na meán maidir le forbairt na modheolaíochta le haghaidh na gcritéar agus na nósanna imeachta sin.

Leasú 272

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 24 – mír 2 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Údaráis phoiblí, lena n-áirítear ***rialtais chónaidhme nó réigiúnacha***, údaráis nó comhlachtaí rialála, chomh maith le fiontair ***atá*** faoi úinéireacht stáit nó eintitis eile ***atá*** faoi rialú stáit ar an leibhéal réigiúnach nó ***náisiúnta, nó rialtais áitiúla d'eintitis chríochacha ina bhfuil níos mó ná 1 mhilliún cónaitheoir, cuirfidh siad ar fáil go poiblí*** faisnéis ***chruinn, chuimsitheach, intuigthe, mhionsonraithe agus faisnéis*** bhliantúil ***maidir lena*** gcaiteachas fógraíochta arna leithdháileadh ar sholáthraithe seirbhíse meán, a ***mbeidh*** na mionsonraí seo a leanas ***ar a laghad san áireamh inti***:	2. ***Déanfaidh*** údaráis phoiblí ***ábhartha***, lena n-áirítear ***ar leibhéal an Aontais***, ***ar an leibhéal náisiúnta, cónaidhme, réigiúnach nó áitiúil,*** údaráis nó comhlachtaí rialála ***náisiúnta***, chomh maith le fiontair faoi úinéireacht stáit nó eintitis eile faoi rialú ***an*** stáit ar ***leibhéal*** an ***Aontais, ar an*** leibhéal ***náisiúnta,*** réigiúnach nó ***áitiúil,*** faisnéis bhliantúil ***faoina*** gcaiteachas fógraíochta ***agus ceannacháin*** arna leithdháileadh ar sholáthraithe seirbhíse meán, ***soláthraithe ardán ar líne agus soláthraithe inneall cuardaigh ar líne,*** a ***bheidh cruinn, cuimsitheach, intuigthe agus mionsonraithe, a chur ar fáil go poiblí trí mhodhanna leictreonacha agus soláimhsithe, ina n-áireofar ar a laghad*** na mionsonraí seo a leanas:

Leasú 273

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 24 – mír 2 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) ainmneacha dlíthiúla soláthraithe seirbhíse meán ***ónar ceannaíodh*** seirbhísí fógraíochta;	(a) ainmneacha dlíthiúla soláthraithe seirbhíse meán***, soláthraithe ardán ar líne nó soláthraithe inneall cuardaigh ar líne óna bhfuarthas*** seirbhísí fógraíochta ***agus ceannacháin***;

Leasú 274

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 24 – mír 2 – pointe a a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(aa) réasúnaíocht ghearr maidir leis na critéir agus na nósanna imeachta a chuirtear i bhfeidhm chun cistí poiblí a leithdháileadh chun críocha fógraíochta agus ceannacháin stáit ar sholáthraithe seirbhíse meán, ar sholáthraithe ardán ar líne nó ar sholáthraithe inneall cuardaigh ar líne;

Leasú 275

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 24 – mír 2 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) an méid iomlán a caitheadh chomh maith leis na méideanna a caitheadh in aghaidh an tsoláthraí seirbhíse meán.	(b) an méid iomlán a caitheadh chomh maith leis na méideanna a caitheadh in aghaidh an tsoláthraí seirbhíse meán***, an tsoláthraí ardáin ar líne nó an tsoláthraí innill cuardaigh ar líne;***

Leasú 276

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 24 – mír 2 – pointe b a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ba) fógraíocht stáit agus tacaíocht airgeadais stáit arna leithdháileadh ar sholáthraithe seirbhíse meán, ar sholáthraithe ardán ar líne nó ar sholáthraithe inneall cuardaigh ar líne;

Leasú 277

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 24 – mír 2 – pointe b b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(bb) sonraí an ioncaim ó chonarthaí le comhlachtaí Stáit a fuair cuideachtaí a bhaineann leis an ngrúpáil ghnó chéanna leis an soláthraí seirbhíse meán.

Leasú 278

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 24 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Déanfaidh na húdaráis nó na comhlachtaí rialála náisiúnta faireachán ar leithdháileadh ***fógraíochta*** stáit i margaí na meán. Chun measúnú a dhéanamh ar chruinneas na faisnéise faoin bhfógraíocht stáit a chuirtear ar fáil de bhun mhír 2, féadfaidh na húdaráis nó na comhlachtaí rialála náisiúnta faisnéis bhreise a iarraidh ar na heintitis dá dtagraítear i mír 2, lena n-áirítear faisnéis maidir le cur i bhfeidhm na gcritéar dá dtagraítear i mír 1.	3. Déanfaidh na húdaráis nó na comhlachtaí rialála náisiúnta faireachán ar leithdháileadh ***cistiúcháin*** stáit i margaí na meán ***agus ar sholáthraithe ardán ar líne agus ar sholáthraithe inneall cuardaigh ar líne***. Chun measúnú a dhéanamh ar chruinneas na faisnéise faoin bhfógraíocht stáit a chuirtear ar fáil de bhun mhír 2, féadfaidh na húdaráis nó na comhlachtaí rialála náisiúnta faisnéis bhreise a iarraidh ar na heintitis dá dtagraítear i mír 2, lena n-áirítear faisnéis ***níos mionsonraithe*** maidir le cur i bhfeidhm na gcritéar ***agus na nósanna imeachta*** dá dtagraítear i mír 1.

Leasú 279

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 24 – mír 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	3a. Déanfaidh údaráis nó comhlachtaí rialála náisiúnta a dhéanann faireachán ar leithdháileadh chaiteachas an Stáit tuairisciú go bliantúil ar bhealach mionsonraithe intuigthe ar leithdháileadh caiteachais Stáit ar sholáthraithe seirbhíse meán, ar sholáthraithe ardán ar líne agus ar sholáthraithe inneall cuardaigh ar líne ó na mionsonraí a leagtar amach i mír 2. Cuirfear tuarascálacha bliantúla ar fáil go poiblí ar bhealach atá inrochtana go héasca.

Leasú 280

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 24 – mír 3 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	3b. Leithdháileadh caiteachais stáit ar sholáthraithe seirbhíse meán, solathraithe ardán ar líne agus soláthraithe inneall cuardaigh ar líne chun críche teachtaireachtaí éigeandála ag údaráis phoiblí, beidh sé faoi réir na gceanglas a leagtar amach i míreanna 2 agus 3 a luaithe a bheidh deireadh leis an staid éigeandála. Beidh na leithdháiltí sin faoi réir na gceanglas a leagtar amach i mír 1.

Leasú 281

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 25 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Áiritheoidh an Coimisiún go ndéanfar faireachán neamhspleách ar an margadh inmheánach le haghaidh seirbhísí meán, lena ***n-áirítear rioscaí dá*** fheidhmiú agus ***dá*** athléimneacht agus dul chun cinn ***iontu. Beidh torthaí an fheidhmithe*** faireacháin ***faoi réir comhairliúcháin leis an mBord***.	1. Áiritheoidh an Coimisiún***, i gcomhairle leis an mBord,*** go ndéanfar faireachán neamhspleách ***agus leanúnach*** ar an margadh inmheánach le haghaidh seirbhísí meán, ***maidir*** lena fheidhmiú agus ***lena*** athléimneacht***, rioscaí don mhargadh sin*** agus ***an*** dul chun cinn ***atá déanta aige i réimse shaoirse na meán agus iolrachas na meán. Féadfaidh an Coimisiún ról a thabhairt do chomhlachtaí Eorpacha a bhfuil saineolas ábhartha acu i saoirse na meán agus iolrachas na meán sa chleachtadh*** faireacháin ***sin***.

Leasú 282

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 25 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2a. Sa chleachtadh faireacháin dá dtagraítear i mír 1, cuirfidh an Coimisiún san áireamh tuarascálacha, measúnuithe agus moltaí an Bhoird, ionchur ón tsochaí shibhialta, na torthaí ó Mhonatóir ar Iolrachas sna Meáin agus na torthaí óna thuarascálacha maidir leis an smacht reachta.

Leasú 283

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 25 – mír 3 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. ***Áireofar*** an méid seo a leanas ***san fheidhmiú*** faireacháin:	3. ***Déanfar*** an méid seo a leanas***, go háirithe, sa chleachtadh*** faireacháin:

Leasú 284

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 25 – mír 3 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) anailís mhionsonraithe ar athléimneacht ***margaí*** meán na mBallstát uile, lena n-áirítear ***a mhéid a bhaineann leis*** an leibhéal comhchruinnithe meán agus ***leis*** na rioscaí ***go mbeidh*** láimhseáil ***eachtrach*** agus cur isteach ***eachtrach*** ar fhaisnéis ***ann***;	(a) anailís mhionsonraithe ar athléimneacht ***mhargaí*** meán na mBallstát uile ***a chur san áireamh***, lena n-áirítear ***forléargas ar*** an leibhéal comhchruinnithe meán agus ***ar*** na rioscaí ***d'iolrachas na meán agus do neamhspleáchas eagarthóireachta na soláthraithe seirbhíse meán, lena n-áirítear*** láimhseáil agus cur isteach ar fhaisnéis;

Leasú 285

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 25 – mír 3 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) forléargas agus measúnú réamhbhreathnaitheach ar athléimneacht an mhargaidh inmheánaigh le haghaidh seirbhísí meán ina iomláine;	(b) forléargas agus measúnú réamhbhreathnaitheach ar athléimneacht an mhargaidh inmheánaigh le haghaidh seirbhísí meán ina iomláine ***a áireamh, lena n-áirítear maidir le leibhéal comhchruinnithe an mhargaidh***;

Leasú 286

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 25 – mír 3 – pointe b a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ba) áireofar ann measúnú leanúnach agus mionsonraithe ar chur chun feidhme Airteagal 3, Airteagal 4 agus Airteagal 7;

Leasú 287

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 25 – mír 3 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) forléargas ar na bearta arna ndéanamh ag soláthraithe seirbhíse meán d'fhonn neamhspleáchas cinntí eagarthóireachta ***aonair*** a ráthú.	(c) forléargas ar na bearta arna ndéanamh ag soláthraithe seirbhíse meán ***a áireamh*** d'fhonn neamhspleáchas cinntí eagarthóireachta a ráthú;

Leasú 288

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 25 – mír 3 – pointe c a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ca) measúnú mionsonraithe ar leithdháileadh cistí poiblí le haghaidh fógraíocht agus do cheannacháin stáit a chur san áireamh;

Leasú 289

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 25 – mír 3 – pointe c b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(cb) forléargas a thabhairt ar bhearta náisiúnta a dhéanann difear d'iolrachas na meán agus do neamhspleáchas eagarthóireachta na soláthraithe seirbhíse meán, agus a neamhspleáchas polaitiúil agus a n-inrochtaineacht á gcur san áireamh;

Leasú 290

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 25 – mír 3 – pointe c c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(cc) forléargas ar chur chun feidhme agus ar thionchar fheidhmiúlacht na n-ardán an-mhór ar líne do sholáthraithe seirbhíse meán aitheanta dá dtagraítear in Airteagal 17 a áireamh;

Leasú 291

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 25 – mír 3 – pointe c d (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(cd) measúnú a dhéanamh ar neamhspleáchas na n-údarás nó na gcomhlachtaí rialála náisiúnta.

Leasú 292

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 25 – mír 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	3a. Bunóidh an Coimisiún sásra foláirimh atá éasca le húsáid agus atá ar fáil go poiblí chun rioscaí a bhaineann le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo a bhrath.

Leasú 293

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 25 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Déanfar an faireachán ar bhonn bliantúil***, agus*** cuirfear torthaí an ***fhaireacháin*** ar fáil go poiblí.	4. Déanfar an faireachán ar bhonn bliantúil. Cuirfear torthaí an ***fhaireacháin faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa*** ar ***bhonn bliantúil agus cuirfear ar*** fáil go poiblí ***iad***.

Leasú 294

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 26 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Laistigh de ***[4 bliana*** tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin ***seo] ar a dhéanaí***, agus gach ***4 bliana*** ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an Rialachán seo agus tuairisceoidh sé do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle agus do Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa.	1. Laistigh de ***[2 bhliain*** tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin ***sin]***, agus gach ***2 bhliain*** ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar ***chur chun feidhme*** an Rialachán seo agus tuairisceoidh sé do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle agus do Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa***, lena n-áirítear maidir leis na torthaí agus na bearta leantacha a bheidh le déanamh***.

Leasú 295

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 28 – mír 2 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Beidh feidhm ag Airteagail 7 go 12 ***áfach*** agus ag Airteagal 27 ó [3 mhí tar éis a dteacht i bhfeidhm] agus ag Airteagal 19***(2) ó [48 mí*** tar éis a dteacht i bhfeidhm].	Beidh feidhm ag Airteagail 7 go 12 agus ag Airteagal 27 ***áfach*** ó [3 mhí tar éis a dteacht i bhfeidhm] agus ag Airteagal 19 ***ó [24 mí*** tar éis a dteacht i bhfeidhm].